



Uimhir 24 de 2010

**AN tACHT UM PÁIRTNÉIREACHT SHIBHIALTA AGUS
UM CHEARTA AGUS OIBLEAGÁIDÍ ÁIRITHE DE CHUID
COMHCHÓNAITHEOIRÍ 2010**

[An tiontú oifigiúil]

RIAR NA nALT

CUID 1

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

Alt

1. Gearrtheideal, tosach feidhme agus comhlua.
2. Léiriú.
3. Páirtnéirí sibhialta.

CUID 2

STÁDAS PÁIRTNÉIREACHTA SHIBHIALTA

4. Dearbhuithe maidir le stádas páirtnéireachta sibhialta.
5. Caidrimh choigríche chláraithe a aithint.

CUID 3

PÁIRTNÉIREACHT SHIBHIALTA A CHLÁRÚ

6. Míniú, *Cuid 3*.
7. Leasú ar alt 2 d'Acht 2004.
8. Leasú ar alt 8 d'Acht 2004.
9. Leasú ar alt 13 d'Acht 2004.
10. Leasú ar alt 17 d'Acht 2004
11. Leasú ar alt 22 d'Acht 2004.
12. Leasú ar alt 23 d'Acht 2004.
13. Leasú ar alt 37 d'Acht 2004.
14. Leasú ar alt 46 d'Acht 2004.

[Uimh. 24.] *An tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta* [2010.]
agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe
de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.

15. Leasú ar alt 59 d'Acht 2004.
16. Cuid 7A nua a chur isteach in Acht 2004.
17. Cuid 7B nua d'Acht 2004 a chur isteach.
18. Leasú ar alt 60 d'Acht 2004.
19. Leasú ar alt 64 d'Acht 2004.
20. Leasú ar alt 65 d'Acht 2004.
21. Leasú ar alt 66 d'Acht 2004.
22. Leasú ar alt 69 d'Acht 2004.
23. Leasú ar alt 70 d'Acht 2004.
24. Leasú ar alt 73 d'Acht 2004.
25. Leasú ar an gCéad Sceideal a ghabhann le hAcht 2004.
26. An Tríú Sceideal nua a ghabhann le hAcht 2004.

CUID 4

ÁRAS COMHROINTE A CHAOMHNÚ

27. Léiriú.
28. Leas in áras comhroinnte a choimhthiú.
29. Toiliú páirtnéara shibhialta.
30. Iompar a thabharfadh go gcaillfí áras comhroinnte.
31. Íoc eisíocaíochtaí ar áras comhroinnte.
32. Atráthú imeachtaí ag morgáistí nó ag léasóir chun seilbh a fháil ar áras comhroinnte nó chun é a dhíol.
33. Modhnú ar théarmaí morgáiste nó léasa maidir le hÍoc suime caipitiúla.
34. Srian le hairnéisí tí a dhiúscairt.
35. Uamadh páirtithe.
36. Fógra a chlárú i dtaobh páirtnéireacht shibhialta a bheith ann.
37. Srian le halt 59(2) den Acht um Chlárú Teidil 1964.
38. Cruthú nascthionóntachta in áras comhroinnte a bheith díolmhaithe ó tháillí.
39. Cionta.
40. Tionóntachtaí áirithe a chosaint.
41. Tionóntachtaí áirithe a chosaint.

[2010.] *An tAcht um Páirtnéireacht Sibhialta [Uimh. 24.] agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.*

42. Leasú ar an Acht um Chúnaimh Dlíthiúil Sibhialta 1995.

CUID 5

PÁIRTNÉIR SIBHIALTA A CHOTHABHÁIL

43. Léiriú.
44. Nuair a thosóidh íocaíochtaí tréimhsiúla.
45. Ordú cothabhála.
46. Ordú cothabhála a urscaoileadh, a athrú agus a fhoirceannadh.
47. Ordú eatramhach.
48. Orduithe i leith comhaontuithe áirithe idir páirtnéirí sibhialta.
49. Teidil chun pinsean a chaomhnú.
50. Íocaíochtaí a tharchur trí chléireach Cúirte Dúiche.
51. Orduithe cothabhála cnapshuime.
52. Orduithe urraithe.

CUID 6

ASTÚ TUILLIMH

53. Ordú astaithe tuillimh.
54. Ordú astaithe tuillimh a chomhlíonadh.
55. Suimeanna arna bhfáil ag cléireach Cúirte Dúiche a fheidhmiú.
56. Ráiteas maidir le tuilleamh.
57. Fógra i dtaobh athruithe ar fhostaíocht agus ar thuilleamh.
58. Cumhacht chun a chinneadh an tuilleamh íocaíochtaí áirithe.
59. Daoine i seirbhís an Stáit, údaráis áitiúil etc.
60. Ordú astaithe tuillimh a urscaoileadh, a athrú agus do dhul as feidhm.
61. Ordú astaithe tuillimh do scor d'éifeacht a bheith aige.
62. Leigheasanna eile.
63. Forfheidhmiú.

CUID 7

FORÁLACHA ILGHNÉITHEACHA A BHAINNEANN LE CODANNA 5 AGUS 6

64. Íocaíochtaí gan cáin ioncaim a asbhaint.

[Uimh. 24.] *An tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta* [2010.]
agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe
de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.

65. Leasú ar an Acht um Fheidhmiú Orduithe Cúirte 1940.
66. Maoin i liúntas tís.
67. Forálacha áirithe i gcomhaontuithe a bheith ar neamhní.

CUID 8
COMHARBAS

68. Léiriú.
69. Leasú ar alt 3 d'Acht 1965.
70. Leasú ar alt 56 d'Acht 1965.
71. Leasú ar alt 58 d'Acht 1965.
72. Leasú ar alt 67 d'Acht 1965.
73. Ailt nua a chur isteach in Acht 1965.
74. Leasú ar alt 68 d'Acht 1965.
75. Leasú ar alt 69 d'Acht 1965.
76. Leasú ar alt 70 d'Acht 1965.
77. Leasú ar alt 82 d'Acht 1965.
78. Leasú ar alt 83 d'Acht 1965.
79. Leasú ar alt 85 d'Acht 1965.
80. Leasú ar alt 109 d'Acht 1965.
81. Alt 111A a chur isteach in Acht 1965.
82. Leasú ar alt 112 d'Acht 1965.
83. Alt 113A a chur isteach in Acht 1965.
84. Leasú ar alt 114 d'Acht 1965.
85. Leasú ar alt 115 d'Acht 1965.
86. Leasú ar alt 117 d'Acht 1965.
87. Leasú ar alt 120 d'Acht 1965.
88. Leasú ar alt 121 d'Acht 1965.
89. Leasú ar alt 45 de Reacht na dTréimhsí, 1957.

CUID 9
FORÉIGEAN BAILE

90. Léiriú.
91. Leasú ar alt 1 d'Acht 1996.

[2010.] *An tAcht um Páirtnéireacht Sibhialta [Uimh. 24.] agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.*

92. Leasú ar an míniú ar “an t-iarratasóir” in alt 2 d’Acht 1996.
93. Leasú ar alt 3 d’Acht 1996.
94. Alt 8A d’Acht 1996 a chur isteach.
95. Leasú ar alt 9 d’Acht 1996.
96. Leasú ar alt 13 d’Acht 1996.

CUID 10

IARMHAIRTÍ ILGHNÉITHEACHA CLÁRÚCHÁIN PÁIRTNÉIREACHTA SIBHIALTA

97. Eitic agus easaontacht leasanna.
98. Leasú ar an Acht Meabhair-Shláinte 2001.
99. Pinsin.
100. Leasú ar Acht na bPinsean 1990.
101. Leasú ar an Acht um Dhamáiste Coiriúil 1991.
102. Leasú ar an Acht um Chomhionannas Fostaíochta 1998.
103. Leasú ar an Acht um Stádas Comhionann 2000.
104. Leasú ar an Acht um Chumhachtaí Aturnae 1996.
105. Leasú ar an Acht um Dhliteanas Sibhialta 1961.
106. Ceisteanna idir páirtnéirí sibhialta i ndáil le maoin a chinneadh.

CUID 11

PÁIRTNÉIREACHT SHIBHIALTA A BHEITH AR NEAMHNÍ

107. Forairhne neamhnhithe a dheonú.
108. Éifeacht forairhne neamhnhithe.

CUID 12

PÁIRTNÉIREACHT SHIBHIALTA A SCAOILEADH

109. Míinthe, etc.
110. Forairhne scaoilte a dheonú.
111. Imeachtaí a chur ar atráth chun cuidiú le comhréiteach, idirghabháil nó comhaontuithe i dtaobh théarmaí an scaoilte.
112. Neamh-inghlachacht cumarsáidí áirithe mar fhianaise.
113. Éifeacht forairhne scaoilte.
114. Léiriú.

[Uimh. 24.] *An tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta* [2010.]
agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe
de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.

115. Réamhorduithe in imeachtaí i leith scaoilte.
116. Orduithe le haghaidh cothabhála go dtí go ndéanfar agra.
117. Orduithe um íocaíochtaí tréimhsiúla agus orduithe cnapshuime.
118. Orduithe coigeartaithe maoin.
119. Orduithe coimhdeacha ilghnéitheacha.
120. Orduithe cúitimh airgid.
121. Orduithe coigeartaithe pinsin.
122. Forálacha níos imeachta maidir le horduithe coigeartaithe pinsean.
123. Rialacha maidir le híocaíochtaí faoi scéimeanna.
124. Íocaíochtaí de dhroim orduithe faoi *alt 121*.
125. Costais.
126. Forálacha eile le haghaidh orduithe faoi *alt 121*.
127. Iarratais ar sholáthar as eastát páirtnéara shibhialta éagtha.
128. Orduithe chun maoin a dhíol.
129. Forálacha a bhaineann le horduithe áirithe.
130. Orduithe um íocaíochta tréimhsiúla cúlghabhálacha.
131. Athruithe, etc. ar orduithe áirithe.
132. An modh ar a ndéantar íocaíochtaí faoi orduithe áirithe.
133. Bac ar orduithe áirithe a achomharc.
134. Íocaíochtaí tréimhsiúla a tharchur tríd an gcléireach Cúirte Dúiche.
135. Feidhmiú orduithe le haghaidh cothabhála go dtí go ndéanfar agra agus orduithe um íocaíochtaí tréimhsiúla maidir le comhaltaí áirithe de chuid Óglaigh na hÉireann.
136. Leasú ar an Acht um Fheidhmiú Orduithe Cúirte 1940.
137. Cumhachtaí na cúirte i ndáil le hidirbhearta ar chun faoiseamh a chosc nó a laghdú a bheartaítear iad.
138. Costas seirbhísí idirghabhála agus comhairliúcháin.

CUID 13

DLÍNSE AGUS NITHE GAOLMHARA EILE

139. Mínithe.
140. Dlínse agus láthair.

[2010.] *An tAcht um Páirtnéireacht Sibhialta [Uimh. 24.]
agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe
de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.*

141. Fógra i dtaobh imeachtaí dlí páirtnéireachta sibhialta.
142. Sonraí maoiné.
143. Imeachtaí a éisteacht.
144. Seoladh imeachtaí.
145. Príobháideacht.
146. Costais.
147. Rialacha cúirte.

CUID 14

LEASUITHE IARMHARTACHA EILE, ETC.

148. Feidhm Acht na bPinsean 1990 agus leasú air.
149. Míniú.
150. Leasú ar alt 2 d'Acht 1996.
151. Leasú ar alt 13 d'Acht 1996.
152. Leasú ar alt 14 d'Acht 1996.
153. Leasú ar alt 16 d'Acht 1996.
154. Leasú ar alt 17 d'Acht 1996.
155. Leasú ar alt 18 d'Acht 1996.
156. Leasú ar alt 19 d'Acht 1996.
157. Leasú ar alt 20 d'Acht 1996.
158. Míniú.
159. Leasú ar alt 2 d'Acht 1995.
160. Leasú ar alt 8 d'Acht 1995.
161. Leasú ar alt 9 d'Acht 1995.
162. Leasú ar alt 11 d'Acht 1995.
163. Leasú ar alt 12 d'Acht 1995.
164. Leasú ar alt 15 d'Acht 1995.
165. Leasú ar alt 15A d'Acht 1995.
166. Leasú ar alt 23 d'Acht 1995.
167. Leasú ar alt 25 d'Acht 1995.
168. Cearta maoiné.
169. Forálacha um shásamh.

[Uimh. 24.] *An tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta* [2010.]
agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe
de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.

170. Forálacha ilghnéitheacha eile.

CUID 15

COMHCHÓNAITHEOIRÍ

171. Mínithe.

172. Comhchónaitheoir agus comhchónaitheoir cáilithe.

173. Iarratas ar shásamh i leith comhchónaitheora cháilithe atá i gcleithiúnas go heacnamaíoch.

174. Orduithe coigeartaithe maoinne.

175. Orduithe cothabhála cúitimh.

176. Ordú astaithe tuillimh.

177. Ordú astaithe tuillimh a chomhlíonadh.

178. Suimeanna arna bhfáil ag cléireach a chur chun feidhme.

179. Ráiteas maidir le tuilleamh.

180. Fógra faoi athruithe ar fhostaíocht agus ar thuilleamh.

181. Cumhacht chun a chinneadh an tuilleamh íocaíochtaí áirithe.

182. Daoine i seirbhís an Stáit, údaráis áitiúil etc.

183. Ordú astaithe tuillimh a urscaoileadh, a athrú agus do dhul as feidhm.

184. Ordú astaithe tuillimh do scor d'éifeacht a bheith aige.

185. Leigheasanna eile.

186. Forfheidhmiú.

187. Orduithe coigeartaithe pinsin.

188. Forálacha nóis imeachta maidir le horduithe coigeartaithe pinsin.

189. Rialacha maidir le híocaíochtaí faoi scéimeanna.

190. Íocaíochtaí de dhroim orduithe faoi *alt 187*.

191. Costais.

192. Ríomh ar luach sochair.

193. Idirghabháil agus roghanna eile seachas imeachtaí.

194. Iarratas ar sholáthar as eastát comhchónaitheora éagtha.

195. Tréimhse teorann.

196. Dlínse agus láthair.

197. Sonraí i dtaobh maoinne.

[2010.] *An tAcht um Páirtnéireacht Sibhialta [Uimh. 24.] agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.*

198. Seoladh na n-imeachtaí.
199. Príobháideacht.
200. Costais.
201. Rialacha cúirte.
202. Bailíocht comhaontuithe áirithe idir comhchónaitheoirí.
203. Leasú ar alt 39 den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe 2004.
204. Leasú ar alt 47 den Acht um Dhliteanas Sibhialta 1961.
205. Leasú ar an Acht um Chumhachtaí Aturnae 1996.
206. Foráil idirthréimhseach — orduithe um shásamh.
207. Foráil idirthréimhseach — comhaontuithe.

CUID 16

ILGHNÉITHEACH

208. Cosaint i ndáil le cearta daoine eile.

AN SCEIDEAL

LEASUITHE IARMHARTACHA AR ACHTANNA EILE

CUID 1

FORÁLACHA MAIDIR LE hEASAONTACHTAÍ LEASANNA

CUID 2

FORÁLACHA PINSEAN

CUID 3

FORÁLACHA MAIDIR LE CEARTA MAOINE

CUID 4

FORÁLACHA UM SHÁSAMH

CUID 5

FORÁLACHA ILGHNÉITHEACHA

**[Uimh. 24.] An tAcht um Páirtnéireacht Sibhialta [2010.]
agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe
de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.**

NA hACHTANNA DÁ DTAGRÁITEAR

Acht na Seamlas 1988	1988 , Uimh. 8
An tAcht Cairde Talmhaíochta 1978	1978, Uimh. 2
An tAcht Talmhaíochta 1931	1931 Uimh. 8
An tAcht Aerloingseoireachta agus Aeriompair (Leasú) 1998	1998 Uimh. 24
An tAcht Aerloingseoireachta agus Aeriompair (Coinbhinsiún Idirnáisiúnta) 2004	2004, Uimh.11
Acht na nEachtrannach 1935	1935, Uimh. 14
An tAcht um Rialáil Eitlíochta 2001	2001, Uimh. 1
An tAcht Féimheachta 1988	1988, Uimh. 27
An tAcht Cumann Foirgníochta 1989	1989, Uimh. 17
Acht an Bhainc Cheannais 1942	1942, Uimh. 22
Acht an Bhainc Ceannais 1989	1989, Uimh. 16
Acht an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann 2003	2003, Uimh. 12
Acht an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann 2004	2004, Uimh. 21
An tAcht um Chúnadh Dlíthiúil Sibhialta 1995	1995, Uimh. 32
An tAcht um Dhliteanas Sibhialta (Leasú) 1996	1996, Uimh. 42
An tAcht um Dhliteanas Sibhialta 1961	1961, Uimh. 41
An tAcht um Dhliteanas Sibhialta 1996	1996, Uimh. 42
An tAcht um Dhliteanas Sibhialta agus Cúirteanna 2004	2004, Uimh. 31
An tAcht um Chlárú Sibhialta 2004	2004, Uimh. 3
An tAcht um Choimisiún chun Drochúsáid Leanáí a Fhiosrú (Leasú) 2005	2005, Uimh. 17
Acht na gCuideachtaí 1963	1963, Uimh. 33
Acht na gCuideachtaí 1990	1990, Uimh. 33
An tAcht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí 2001	2001, Uimh. 28
An tAcht um Chreidmheas do Thomhaltóirí 1995	1995, Uimh. 24
An tAcht um Chosaint Thomhaltóirí 2007	2007, Uimh. 19
<i>Conveyancing Act</i> 1882	45 & 46 Vict., c. 39
Acht na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha) (Leasú) 1991	1991, Uimh. 23
Acht na gCúirteanna Breithiúnais agus na nOifigeach Cúirte (Aoisliúntas) 1961	1961, Uimh. 16
An tAcht um Chomhar Creidmheasa 1997	1997, Uimh. 15
An tAcht fán mBiúró um Shócmhainní Coiriúla 1996	1996, Uimh. 31
An tAcht um Dhamáiste Coiriúil 1991	1991, Uimh. 31
An tAcht um Cheartas Coiriúil 1999	1999, Uimh. 10
An tAcht Cosanta 1954	1954, Uimh. 18
An tAcht Cosanta (Leasú) 2007	2007, Uimh. 24
An tAcht um Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach 2003	2003, Uimh. 23
An tAcht um Míchumas 2005	2005, Uimh. 14
An tAcht um Fhoréigean Baile 1996	1996, Uimh. 1
Na hAchtanna um Fhoréigean Baile 1996 agus 2002	
An tAcht Toghcháin 1992	1992, Uimh. 23
An tAcht Leictreachais (Soláthar) (Leasú) 1958	1958, Uimh. 35
An tAcht Leictreachais (Soláthar) (Leasú) 1970	1970, Uimh. 5
An tAcht um Chomhionannas Fostaíochta 1998	1998, Uimh. 21
An tAcht um Fheidhmiú Orduithe Cúirte 1926	1926, Uimh. 18

[2010.] *An tAcht um Páirtneireacht Shibhialta [Uimh. 24.] agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.*

An tAcht um Fheidhmiú Orduithe Cúirte 1940	1940, Uimh. 23
An tAcht um Stádas Comhionann 2000	2000, Uimh. 8
An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995	1995, Uimh. 22
An tAcht um an Dlí Teaghlaigh (Colscaradh) 1996	1996, Uimh. 33
An tAcht um an Dlí Teaghlaigh (Cothabháil Céilí agus Leanaí) 1976	1976, Uimh. 11
An tAcht um an Dlí Teaghlaigh 1995	1995, Uimh. 26
An tAcht um Cháin Fheirme 1985	1985, Uimh. 17
An tAcht um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann 1998	1998, Uimh. 29
An tAcht Gárda Síochána (Cúiteamh) 1941	1941, Uimh. 19
Acht an Gharda Síochána 2005	2005, Uimh. 20
An tAcht Gáis (Eatramhach) (Rialáil) 2002	2002, Uimh. 10
An Acht um Ghníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin 2005	2005, Uimh. 21
An tAcht um Chuideachta Mhór-Bhóithre Iarainn an Deiscirt (Scéim Aoisliúntas) 1947	1947, Uimh. 21
An tAcht Cuanta 1946	1946, Uimh. 9
Na hAchtanna Cuanta 1946 go 2005	
An tAcht Sláinte (Leasú) 2005	2005, Uimh. 3
An tAcht Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha) 2001	2001, Uimh. 14
An tAcht Sláinte (Tithe Banaltrais) (Leasú) 2007	2007, Uimh. 1
An tAcht Sláinte (Tithe Banaltrais) 1990	1990, Uimh. 23
An tAcht Sláinte 1970	1970, Uimh. 1
An tAcht Sláinte 2004	2004, Uimh. 42
Acht na dTithe 1988	1988, Uimh. 28
Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha) 1979	1979, Uimh. 27
Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha) 2002	2002, Uimh. 9
Acht na dTithe (Teaghaisí Príobháideacha ar Cíos) (Leasú) 1983	1983, Uimh. 22
Acht na dTithe (Teaghaisí Príobháideacha ar Cíos) 1982	1982, Uimh. 6
An tAcht um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann) 2003	2003, Uimh. 30
An tAcht Árachais 1989	1989, Uimh. 3
An tAcht Árachais 2000	2000, Uimh. 42
An tAcht um Chúiteamh d'Infheisteoirí 1998	1998, Uimh. 37
An tAcht um Thionscal Rásaíochta Capall na hÉireann 1994	1994, Uimh. 18
<i>Judgements (Ireland) Act</i> 1844	1844, c. 90
An tAcht Talmhan 1931	1931, Uimh. 11
An tAcht Talmhan 1933	1933, Uimh. 38
An tAcht Talmhan 1936	1936, Uimh. 41
An tAcht Talún 1965	1965, Uimh. 2
An tAcht um Údarás Áitiúla (Deontais Ardoideachais) 1968	1968, Uimh. 24
An tAcht um Údarás Áitiúla (Deontais Ardoideachais) 1992	1992, Uimh. 19
An tAcht Rialtais Áitiúil (Aoisliúntas) 1980	1980, Uimh. 8
An tAcht Rialtais Áitiúil 1941	1941, Uimh. 23
An tAcht Rialtais Áitiúil 2001	2001, Uimh. 37
An tAcht Meabhair-Shláinte 2001	2001, Uimh. 25
An tAcht um Oifigí Aireachta, Parlaiminte agus Breithiúnacha agus um Chomhaltaí den Oireachtas (Forálacha Ilghnéitheacha) 2001	2001, Uimh. 33

[Uimh. 24.] *An tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta* [2010.]
agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe
de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.

An tAcht um Oifigí Aireachta agus Párliminte 1938	1938, Uimh. 38
An tAcht um Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta 2002	2002, Uimh. 29
An tAcht um Pá Íosta Náisiúnta 2000	2000, Uimh. 5
An tAcht um Údarás Forbartha an Champais Náisiúnta Spóirt 2006	2006, Uimh. 19
An tAcht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine 1997	1997, Uimh. 26
An tAcht um Thrádáil Ócáideach 1979	1979, Uimh. 35
Acht an Oireachtais (Liúntais do Chomhaltáí) 1938	1938, Uimh. 34
An tAcht um an Oireachtas (Liúntais do Chomhaltáí) (Leasú) 1968	1968, Uimh. 8
An tAcht um Eagrú Ama Oibre 1997	1997, Uimh. 20
<i>Partition Act</i> 1868	1868, c. 40
<i>Partition Act</i> 1876	1876, c. 17
Acht na bPinsean (Leasú) 1996	1996, Uimh. 18
Acht na bPinsean (Leasú) 2002	2002, Uimh. 18
Acht na bPinsean 1990	1990, Uimh. 25
An tAcht Cógaisíochta 2007	2007, Uimh. 20
An tAcht Daingnithe Ordú Píolóideachta 1927	1927, Uimh. 1(P)
An tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000	2000, Uimh. 30
An tAcht um Chumhachtaí Aturnae 1996	1996, Uimh. 12
Acht Teaghlachas an Uachtaráin 1938	1938, Uimh. 24
Acht Theaghlachas an Uachtaráin (Leasú) 1991	1991, Uimh. 10
An tAcht um Sheirbhísí Slándála Príobháidí 2004	2004, Uimh. 12
An tAcht um Ionchúiseamh i gCionta 1974	1974, Uimh. 22
An tAcht um Shábháilteacht Iarnróid 2005	2005, Uimh. 31
Acht na nDídeanaithe 1996	1996, Uimh. 17
An tAcht um Chlárú Gníomhas agus Teidil 2006	2006, Uimh. 12
An tAcht um Chlárú Teidil 1964	1964, Uimh. 16
An tAcht um Shásamh i leith Foras Cónaithe 2002	2002, Uimh. 13
An tAcht um Thionóntachtaí Cónaithe 2004	2004, Uimh. 27
An tAcht Iascaigh Mhara agus Dífnse Muirí 2006	2006, Uimh. 8
An tAcht Leasa Shóisialaigh (Forálacha Ilghnéitheacha) 2004	2004, Uimh. 9
Na hAchtanna Leasa Shóisialaigh	
An tAcht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean 2007	2007, Uimh. 8
An tAcht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean 2008	2008, Uimh. 2
An tAcht Aturnaetha (Leasú) 1994	1994, Uimh. 27
An tAcht Staidrimh 1993	1993, Uimh. 21
Reacht na dTréimhsí, 1957	1957, Uimh. 6
An tAcht Comharbais 1965	1965, Uimh. 27
An tAcht um Fhuinneamh Inmharthana 2002	2002, Uimh. 2
An tAcht Comhdhlúite Cánacha 1997	1997, Uimh. 39
An tAcht Iompair (Bonneagar Iarnróid) 2001	2001, Uimh. 55
An tAcht um Baine Thaisce Iontaobhais 1989	1989, Uimh. 21
An tAcht um Dhífhostú Éagórach 1977	1977, Uimh. 10
An tAcht Luachála 2001	2001, Uimh. 13
An tAcht Oideachais Ghairme Beatha 1930	1930, Uimh. 29



Uimhir 24 de 2010

**AN tACHT UM PÁIRTNÉIREACHT SHIBHIALTA AGUS
UM CHEARTA AGUS OIBLEAGÁIDÍ ÁIRITHE DE CHUID
COMHCHÓNAITHEOIRÍ 2010**

[An tiontú oifigiúil]

ACHT DO DHÉANAMH SOCRÚ MAIDIR LE CLÁRÚ
PÁIRTNÉIRÍ SIBHIALTA AGUS MAIDIR LE
HIARMHAIRTÍ AN CHLÁRAITHE SIN, DO DHÉANAMH
SOCRÚ MAIDIR LE CEARTA AGUS OIBLEAGÁIDÍ
COMHCHÓNAITHEOIRÍ AGUS DO DHÉANAMH
SOCRÚ I dTAOBH NITHE COMHGHAOLMHARA.
[19 Iúil, 2010]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

CUID 1

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

1.—(1) Féadfar an tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Gearrtheideal, Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí 2010 a ghairm den Acht seo. tosach feidhme agus comhlua.

(2) Tiocfaidh an tAcht seo, seachas *Cuid 3*, i ngníomh an lá nó na laethanta a cheapfaidh an tAire le hordú i gcoitinne nó faoi threoir aon chríche nó forála áirithe agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.

(3) Tiocfaidh *Cuid 3* i ngníomh an lá nó na laethanta a cheapfaidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire um Choimirce Shóisialach, le hordú i gcoitinne nó faoi threoir aon chríche nó forála áirithe.

2.—San Acht seo—

Léiriú.

ciallaíonn “clárúchán páirtnéireachta sibhialta” clárúchán páirtnéireachta sibhialta faoi alt 59D (arna chur isteach le *halt 16* den Acht seo) den Acht um Chlárú Sibhialta 2004;

tá le “Clárlann na Talún” an bhrí a shanntar dó leis an Acht um Chlárú Teidil 1964;

Cd.1 A.2 [Uimh. 24.] *An tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta* [2010.]
agus um Chearta agus Oibleagáidí Airithe
de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.
ciallaíonn “Aire” an tAire Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí;
tá le “Údarás Clárúcháin Maoine” an bhrí a shanntar dó leis an Acht
um Chlárú Gníomhas agus Teidil 2006;
tá le “Clárlann na nGníomhas” an bhrí a shanntar dó leis an Acht
um Chlárú Gníomhas agus Teidil 2006.

Páirtnéirí sibhialta. 3.—Chun críocha an Achta seo, is páirtnéir sibhialta ceachtar de
bheirt den ghnéas céanna—
(a) ar páirtithe iad i gclárúchán páirtnéireachta sibhialta nár
scaoileadh nó nach ábhar d’fhoraithe neamhnithe, nó
(b) ar páirtithe iad i gcaidreamh dlíthiúil d’aicme is ábhar
d’ordú arna dhéanamh faoi *alt 5* agus nár scaoileadh nó
nach ábhar d’fhoraithe neamhnithe.

CUID 2

STÁDAS PÁIRTNÉIREACHTA SIBHIALTA

Dearbhuithe maidir le stádas páirtnéireachta sibhialta. 4.—(1) Féadfaidh an chúirt, ar iarratas chuici chuige sin ag ceachtar páirtnéir sibhialta nó ag aon duine eile a bhfuil, i dtuairim na cúirte, leas leordhóthanach aige nó aici sa ní, ceann amháin nó níos mó de na horduithe seo a leanas a dhéanamh i ndáil le páirtnéireacht shibhialta:
(a) ordú lena ndearbhaítear go mba pháirtnéireacht shibhialta bhailí an pháirtnéireacht shibhialta tráth a tionscanta;
(b) ordú lena ndearbhaítear go raibh an pháirtnéireacht shibhialta ar marthain ar dháta a shonraítear san iarratas; agus
(c) ordú lena ndearbhaítear nach raibh an pháirtnéireacht shibhialta ar marthain ar dháta a shonraítear san iarratas seachas dáta a tionscanta.
(2) Ní ceadmhach don chúirt ordú faoi *fho-alt (1)* a dhéanamh ach amháin más rud é, maidir le duine de na páirtnéirí sibhialta—
(a) go bhfuil sainchónaí air nó uirthi sa Stát ar dháta an iarratais,
(b) go raibh gnáthchónaí air nó uirthi sa Stát i gcaitheamh na tréimhse aon bhliana díreach roimh dháta an iarratais, nó
(c) go bhfuair sé nó sí bás roimh dháta an iarratais agus—
(i) go raibh sainchónaí air nó uirthi sa Stát tráth an bháis, nó
(ii) go raibh gnáthchónaí air nó uirthi sa Stát i gcaitheamh na tréimhse aon bhliana díreach roimh dháta an bháis.
(3) Déanfar an páirtnéir sibhialta eile, na páirtnéirí sibhialta lena mbaineann, nó ionadaí pearsanta, de réir bhrí an Achta Comharbais

[2010.] *An tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta [Uimh. 24.] agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.*

CD.2 A.4

1965, an pháirtnéara sibhialta nó gach páirtnéara sibhialta a uamadh in imeachtaí faoin alt seo agus féadfaidh an chúirt a ordú go dtabharfar fógra i dtaobh na n-imeachtaí d'aon duine eile a shonróidh an chúirt.

(4) I gcás go dtugtar fógra i dtaobh imeachtaí faoin alt seo do dhuine, féadfaidh an chúirt, uaithi féin nó ar iarratas chuici chuige sin ag an duine nó ag páirtí sna himeachtaí, a ordú go gcuirfear an duine leis na páirtithe sna himeachtaí.

(5) I gcás go líomhnaíonn páirtí in imeachtaí faoin alt seo go bhfuil an pháirtnéireacht sibhialta lena mbaineann ar neamhní agus gur chóir í a bheith ina hábhar d'fhoraithe neamhnithe páirtnéireachta sibhialta, féadfaidh an chúirt plé leis an iarratas faoi *fho-alt (1)* mar iarratas ar fhoraithe neamhnithe páirtnéireachta sibhialta agus dul ar aghaidh chun an ní a chinneadh dá réir sin agus cinneadh an iarratais arna dhéanamh faoi *fho-alt (1)* a iarchur.

(6) Beidh ordú faoi *fho-alt (1)* ina cheangal ar na páirtithe sna himeachtaí lena mbaineann agus ar dhuine atá ag éileamh trí pháirtí den sórt sin.

(7) Ní dochar aon ordú faoi *fho-alt (1)* d'aon duine má chruthaítear dá éis sin go bhfuarthas trí chalaouis nó trí chlaonpháirteachas é.

(8) Féadfar foráil a dhéanamh le rialacha cúirte maidir leis an bhfaisnéis a bheidh le tabhairt in iarratas ar ordú faoi *fho-alt (1)*, lena n-áirítear sonraí aon imeachtaí roimhe sin nó aon imeachtaí atá ar feitheamh i ndáil leis an bpáirtnéireacht sibhialta nó le stádas páirtnéireachta sibhialta páirtnéara sibhialta.

(9) Tabharfaidh cláraitheoir na cúirte fógra don Ard-Chláraitheoir i dtaobh ordaithe faoi *fho-alt (1)*.

(10) San alt seo, aon tagairt do pháirtnéir sibhialta, folaíonn sí tagairt do dhuine a bhí ina pháirtnéir sibhialta nó ina páirtnéir sibhialta go dtí gur scaoileadh an pháirtnéireacht sibhialta nó go dtí gur neamhníodh an pháirtnéireacht trí fhoraithe neamhnithe.

5.—(1) Féadfaidh an tAire, le hordú, a dhearbhu go bhfuil aicme de chaidreamh dlíthiúil arna dhéanamh ag beirt pháirtí den ghnéas céanna lena chéile i dteideal a haitheanta mar pháirtnéireacht sibhialta más rud é faoi dhlí na dlínse ina ndearnadh an caidreamh dlíthiúil—

Caidrimh choigríche chláraithe a aithint.

- (a) gur de chineál eisiach an caidreamh,
- (b) go bhfuil an caidreamh buan mura ndéanann na páirtithe é a scaoileadh trí na cúirteanna,
- (c) go ndearnadh an caidreamh a chlárú faoi dhlí na dlínse sin, agus
- (d) gur leor, i dtuairim an Aire, na cearta agus na hoibleagáidí a ghabhann leis an gcaidreamh chun a léiriú go bpléifí leis an gcaidreamh mar chaidreamh atá inchomparáide le páirtnéireacht sibhialta.

(2) Le hordú faoi *fho-alt (1)*, tugtar teideal do na páirtithe sa chaidreamh dlíthiúil, agus cuireann sé d'oibleagáid orthu, go bpléifí

Cd.2 A.5

[Uimh. 24.] *An tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta* [2010.]
agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe
de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.

leo mar pháirtnéirí sibhialta faoi dhlí an Stáit ón dáta is déanaí de na dátaí seo a leanas—

- (a) an lá atá 21 lá tar éis an dáta a dhéantar an t-ordú, agus
- (b) an lá a cláraíodh an caidreamh faoi dhlí na dlínse ina ndearnadh é.

(3) D’ainneoin *fho-alt (1)* agus (2), ní fhorléireofar ordú faoi *fho-alt (1)* mar ordú lena dtugtar teideal do pháirtithe i gcaidreamh dlíthiúil a aithnítear ar shlí eile leis an ordú sin go bpléifí leo mar pháirtnéirí sibhialta faoi dhlí an Stáit más rud é go bhfuil na páirtithe sin laistigh de na céimeanna gaoil toirmisce atá leagtha amach sa Trú Sceideal a ghabhann leis an Acht um Chlárú Sibhialta 2004 (a cuireadh isteach le *halt 26*).

(4) I gcás go ndéantar ordú faoi *fho-alt (1)*, maidir le scaoileadh caidrimh dlíthiúil faoi dhlí na dlínse ina ndearnadh é, nó faoi dhlí aon dlínse eile a mbeidh dearbhaithe le hordú arna dhéanamh faoin bhfo-alt sin ina leith go bhfuil aicme de chaidreamh dlíthiúil i dteideal a haitheanta mar pháirtnéireacht sibhialta, aithneofar mar scaoileadh é agus measfar gur scaoileadh é faoi *alt 110*, agus ní phléifear le haon iarpháirtithe i gcaidreamh den sórt sin mar pháirtnéirí sibhialta faoi dhlí an Stáit ón dáta is déanaí de na dátaí seo a leanas—

- (a) an lá atá 21 lá tar éis an dáta a dhéantar an t-ordú, agus
- (b) an lá a ghlac an scaoileadh éifeacht faoi dhlí na dlínse iomchuí.

(5) Gach ordú a dhéanfaidh an tAire faoin alt seo, leagfar é faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a dhéanta agus, má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis an t-ordú a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú an ordaithe, beidh an t-ordú ar neamhniú dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin ordú.

CUID 3

PÁIRTNÉIREACHT SHIBHIALTA A CHLÁRÚ

Míniú, *Cuid 3*.

6.—Sa Chuid seo, ciallaíonn “Acht 2004” an tAcht um Chlárú Sibhialta 2004.

Leasú ar alt 2 d’Acht 2004.

7.—(1) Leasaítear alt 2(1) d’Acht 2004—

- (a) trí na mínithe seo a leanas a chur isteach:

“ciallaíonn ‘Acht 2010’ an tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí 2010;

tá le ‘páirtnéir sibhialta’ an bhrí a shanntar dó le hAcht 2010;

ciallaíonn ‘clárúchán páirtnéireachta sibhialta’ clárúchán faoi alt 59D;

[2010.] *An tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta [Uimh. 24.] agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.*

CD.3 A.7

ciallaíonn ‘stádas sibhialta’ a bheith singil, pósta, idirscartha, colscartha, i mbaintreachas, i bpáirtnéireacht sibhialta nó a bheith mar dhuine is iarpháirtneoir sibhialta i bpáirtnéireacht sibhialta a chríochnaigh trí bhás nó a scaoileadh;

ciallaíonn ‘scaoileadh’ scaoileadh páirtnéireachta sibhialta faoi *alt 110 d’Acht 2010*;

(b) tríd an míniú seo a leanas a chur in ionad an mhíniú ar “foraithne colscartha”:

“tá le ‘foraithne colscartha’ an bhrí a shanntar dó leis an Acht um an Dlí Teaghlaigh (Colscaradh) 1996;”,

(c) tríd an míniú seo a leanas a chur in ionad an mhíniú ar “foraithne neamhnithe”:

“ tá le ‘foraithne neamhnithe’—

(a) i gcás foraithne neamhnithe pósta, an bhrí a shanntar dó leis an Acht um an Dlí Teaghlaigh (Colscaradh) 1996, agus

(b) i gcás foraithne neamhnithe páirtnéireachta sibhialta, an bhrí a shanntar dó le *hAcht 2010*;

(d) sa mhíniú ar “ócáid”, trí “colscaradh, foraithne neamhnithe, clárúchán páirtnéireachta sibhialta nó scaoileadh” a chur in ionad “colscaradh nó foraithne neamhnithe”,

(e) sa mhíniú ar “cláraitheoir”—

(i) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (a):

“(aa) i ndáil le clárúchán páirtnéireachta sibhialta nó clárúchán beartaithe páirtnéireachta sibhialta, nó le clár na bpáirtnéireachtaí sibhialta, ciallaíonn sé cláraitheoir de réir bhrí alt 17,”

(ii) i mír (d), trí “,” a chur in ionad “, agus”, agus

(iii) trí na míreanna seo a leanas a chur in ionad mhír (e):

“(e) i ndáil le foraithne neamhnithe pósta nó le clár na bhforaitheanta neamhnithe pósta, ciallaíonn sé an tSeirbhís Chúirteanna,

(f) i ndáil le foraithne scaoilte, nó le clár na bhforaitheanta scaoilte, ciallaíonn sé an tSeirbhís Chúirteanna, agus

(g) i ndáil le foraithne neamhnithe páirtnéireachta sibhialta nó le clár na bhforaitheanta neamhnithe páirtnéireachtaí sibhialta, ciallaíonn sé an tSeirbhís Chúirteanna,”.

(2) Leasaítear alt 2(2) d’Acht 2004—

Cd.3 A.7

[*Uimh. 24.*] *An tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta* [2010.]
agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe
de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.

- (a) i mír (d), trí “,” a chur in ionad “, nó”,
- (b) i mír (e) trí “céanna, nó” a chur in ionad “céanna.”, agus
- (c) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (e):
 - “(f) gur páirtí i bpáirtnéireacht shibhialta mharthanach cheana féin duine de na páirtithe sa phósadh nó iad araon.”.

(3) Leasaítear alt 2 d’Acht 2004 tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

“(2A) Chun críocha an Achta seo, tá bac le clárúchán páirtnéireachta sibhialta, más rud é—

- (a) go mbeadh an pháirtnéireacht shibhialta ar neamhní de bhua an Trú Sceideal,
- (b) gur páirtí i bpáirtnéireacht shibhialta mharthanach cheana féin duine de na páirtithe sa pháirtnéireacht shibhialta bheartaithe nó iad araon,
- (c) go mbeidh páirtí amháin nó an dá pháirtí sa pháirtnéireacht shibhialta bheartaithe faoi bhun 18 mbliana d’aois ar dháta an chlárúcháin páirtnéireachta sibhialta bheartaithe,
- (d) nach bhfuil toiliú saorálach feasach á thabhairt ag páirtí amháin nó ag an dá pháirtí sa pháirtnéireacht shibhialta bheartaithe,
- (e) nach daoine den ghnéas céanna na páirtithe, nó
- (f) gur duine pósta páirtí amháin sa pháirtnéireacht shibhialta bheartaithe nó gur daoine pósta an dá pháirtí.”.

Leasú ar alt 8
d’Acht 2004.

8.—Leasaítear alt 8(1) d’Acht 2004—

- (a) i mír (b), trí “pósta” a chur isteach i ndiaidh “neamhnithe”,
- (b) trí na míreanna seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (b):
 - “(bb) an tSeirbhís um Chlárú Sibhialta a leathnú chuig clárúchán páirtnéireachtaí sibhialta, cibé áit sa Stát a dhéanfar iad,
 - (bbb) an tSeirbhís um Chlárú Sibhialta a leathnú chuig foraitheanta scaoilte agus foraitheanta neamhnithe páirtnéireachtaí sibhialta, cibé áit sa Stát a dheonófar iad,”.
- (c) i mír (e), trí “pósta” a chur isteach i ndiaidh “neamhnithe”, agus
- (d) trí na míreanna seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (e):

[2010.] *An tAcht um Páirtnéireacht Sibhialta [Uimh. 24.] agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.*

CD.3 A.8

“(ee) cláir agus treoirleabhair a bhunú agus a chothabháil chun páirtnéireachtaí sibhialta a chlárú,

(eee) cláir agus treoirleabhair a bhunú agus a chothabháil chun foraitheanta scaoilte páirtnéireachtaí sibhialta agus foraitheanta neamhnithe páirtnéireachtaí sibhialta a chlárú.”

9.—Leasaítear alt 13(1) d’Acht 2004—

Leasú ar alt 13 d’Acht 2004.

(a) i mír (f), trí “clár na bhforaitheanta colscartha),” a chur in ionad “clár na bhforaitheanta colscartha), agus”, agus

(b) trí na míreanna seo a leanas a chur in ionad mhír (g):

“(g) clár de na foraitheanta neamhnithe pósta go léir (ar a dtabharfar, agus dá ngairtear san Acht seo, clár na bhforaitheanta neamhnithe pósta),

(h) clár de na clárúcháin pháirtnéireachta sibhialta go léir arna ndéanamh sa Stát (ar a dtabharfar, agus dá ngairtear san Acht seo, clár na bpáirtnéireachtaí sibhialta),

(i) clár de na foraitheanta scaoilte go léir (ar a dtabharfar, agus dá ngairtear san Acht seo, clár na bhforaitheanta scaoilte), agus

(j) clár de na foraitheanta neamhnithe páirtnéireachtaí sibhialta go léir (ar a dtabharfar, agus dá ngairtear san Acht seo, clár na bhforaitheanta neamhnithe páirtnéireachtaí sibhialta).”

10.—Leasaítear alt 17 d’Acht 2004—

Leasú ar alt 17 d’Acht 2004.

(a) i mír (1)(b), trí “básanna, póstaí agus páirtnéireachtaí sibhialta” a chur in ionad “básanna agus póstaí”, agus

(b) i bhfo-alt (13), trí “, póstaí agus páirtnéireachtaí sibhialta” a chur in ionad “agus póstaí”.

11.—Leasaítear alt 22(3)(b) d’Acht 2004 trí “pósta” a chur isteach i ndiaidh “neamhnithe”.

Leasú ar alt 22 d’Acht 2004.

12.—Leasaítear alt 23(3)(b) d’Acht 2004 trí “pósta” a chur isteach i ndiaidh “neamhnithe”.

Leasú ar alt 23 d’Acht 2004.

13.—Leasaítear alt 37 d’Acht 2004, trí “nó páirtnéir sibhialta” a chur isteach i ndiaidh “gaol” gach áit a bhfuil sé.

Leasú ar alt 37 d’Acht 2004.

14.—Leasaítear alt 46(7) d’Acht 2004 trí “stádas sibhialta” a chur in ionad “stádas pósta”.

Leasú ar alt 46 d’Acht 2004.

- Cd.3 [Uimh. 24.] *An tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta* [2010.]
agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe
de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.
- Leasú ar alt 59 d'Acht 2004. **15.**—Leasaítear alt 59(2) d'Acht 2004 trí “pósta” a chur isteach i ndiaidh “neamhnithe”, gach áit a bhfuil sé.
- Cuid 7A nua a chur isteach in Acht 2004. **16.**—Leasaítear Acht 2004 tríd an gCuid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 59:

“CUID 7A

PÁIRTNÉIREACHTAÍ SIBHIALTA A CHLÁRÚ

Mínte (Cuid 7A). **59A.**—Sa Chuid seo—
 ciallaíonn ‘foirm chlárucháin páirtnéireachta sibhialta’ foirm a fhorordófar faoi alt 59C;
 ciallaíonn ‘clár’ clár na bpáirtnéireachtaí sibhialta.

Fógra a thabhairt maidir le páirtnéireachtaí sibhialta. **59B.**—(1) Aon pháirtnéireacht sibhialta a chlárófar sa Stát, tar éis thosach feidhme an ailt seo, idir daoine d’aois ar bith, ní bheidh sí bailí faoin dlí—

- (a) mura ndéanfaidh na daoine lena mbaineann fógra i scríbhinn, i bhfoirm a bheidh arna ceadú de thuras na huaire ag an Ard-Chláraitheoir, a thabhairt d’aon chláraitheoir á rá go bhfuil ar intinn acu páirtnéireacht sibhialta a dhéanamh tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh an dáta a bheidh an pháirtnéireacht sibhialta le clárú, agus
- (b) mura dtiocfaidh na daoine lena mbaineann i láthair in oifig an chláraitheora sin, nó in aon áit chaoithiúil eile a shonróidh an cláraitheoir sin, aon tráth le linn gnáthuaireanta gnó, 5 lá (nó líon laethanta is lú ná sin a chinnfidh an cláraitheoir sin) ar a laghad roimh an dáta sin agus dearbhú a dhéanamh agus a shíniú ina láthair á rá nach bhfuil bac ar bith le cláruchán na páirtnéireachta sibhialta.

(2) D’ainneoin mhír (a) d’fho-alt (1), féadfaidh an Chúirt Chuarda nó an Ard-Chúirt, ar iarratas chuici ag na daoine ar mian leo páirtnéireacht sibhialta a dhéanamh, a ordú go ndíolmhófar an cláruchán ón mír sin más deimhin leis an gCúirt, tar éis éisteacht a sheolfar ar shlí seachas go poiblí, go bhfuil cúiseanna tromá leis an díolmhú agus go bhfuil an díolmhú ar mhaithe le leasanna na ndaoine sin.

(3) Maidir leis an dlínse a thugtar don Chúirt Chuarda leis an alt seo, is breitheamh den chuaird ina bhfuil gnáthchónaí ar cheachtar de na páirtithe sa pháirtnéireacht sibhialta bheartaithe lena

[2010.] *An tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta [Uimh. 24.] agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.*

Cd.3 A.16

mbaineann, nó ina seolann sé nó sí aon ghairm, gnó nó slí bheatha, nó ina bhfuil an áit suite ina mbeartaítear an pháirtnéireacht shibhialta lena mbaineann a chlárú, a fheidhmeoidh í.

(4) Ní dhéanfar táille chúirte a mhuirearú i leith iarratais faoi fho-alt (2).

(5) Ach amháin sna himthosca a fhorordófar, déanfaidh an dá pháirtí sa pháirtnéireacht shibhialta bheartaithe fógra dá dtagraítear i mír (1)(a) a sheachadadh go pearsanta ar an gcláraitheoir.

(6) Beidh ag gabháil leis an bhfógra an táille fhorordaithe agus aon doiciméid agus faisnéis eile a shonróidh an tArd-Chláraitheoir.

(7) Dearbhaítear maidir leis na ceanglais atá sonraithe i bhfo-alt (1) agus (5) gur ceanglais shubstainteacha iad chun páirtnéireacht shibhialta a chlárú.

(8) I gcás, maidir le páirtnéireacht shibhialta bheartaithe, go bhfaighidh cláraitheoir fógra faoi mhír (1)(a) agus aon doiciméid nó faisnéis eile a shonraítear faoi fho-alt (6), tabharfaidh sé nó sí, a luaithe is indéanta le réasún, fógra i scríbhinn do gach duine de na páirtithe sa pháirtnéireacht shibhialta bheartaithe agus don chláraitheoir atá chun an pháirtnéireacht shibhialta a chlárú, á rá go bhfuair sé nó sí é.

(9) Ní fhorléireofar fógra faoi fho-alt (8) mar fhógra lena léirítear go bhfuil ceadú an chláraitheora leis an bpáirtnéireacht shibhialta bheartaithe.

(10) Féadfaidh an cláraitheoir a cheangal ar gach páirtí i bpáirtnéireacht shibhialta bheartaithe an fhianaise a bhaineann le túsainm, sloinne, seoladh, stádas sibhialta, aois agus náisiúntacht an pháirtí sin a shonróidh an tArd-Chláraitheoir a sholáthar dó nó di.

(11) Féadfaidh an tArd-Chláraitheoir, má údaraíonn an tAire dó nó di déanamh amhlaidh, fógra i dtaobh fógraí faoi pháirtnéireachtaí sibhialta beartaithe faoi fho-alt (1) a fhoilsiú, san fhoirm agus ar an modh a ordóidh an tAire, ach ní bheidh i bhfógra faoin bhfo-alt seo uimhir phearsanta seirbhíse poiblí páirtí sa pháirtnéireacht shibhialta bheartaithe.

Foirm
chlárúcháin
páirtnéireachta
sibhialta.

59C.—(1) Déanfaidh cláraitheoir a dtabharfar fógra dó nó di faoi alt 59B, nó a gheobhaidh cóip d'ordú díolúine faoi fho-alt (2) den alt sin, ar deimhin leis nó léi go bhfuil an t-alt sin comhlíonta, foirm chlárúcháin páirtnéireachta sibhialta a chomhlánú i gcomhair na páirtnéireachta sibhialta beartaithe.

[Uimh. 24.] *An tAcht um Páirtnéireacht Sibhialta* [2010.]
agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe
de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.

(2) Déanfaidh an cláráitheoir, sula gcláróidh sé nó sí páirtnéireacht sibhialta, cóip den fhoirm chlárúcháin páirtnéireachta sibhialta a thabhairt d'aon duine amháin de na páirtithe sa pháirtnéireacht sibhialta bheartaithe.

(3) Déanfaidh aon duine amháin de na páirtithe, an tráth ar mian leo páirtnéireacht sibhialta a chlárú, an fhoirm chlárúcháin páirtnéireachta sibhialta a thabhairt don cláráitheoir atá chun an pháirtnéireacht sibhialta a chlárú chun go ndéanfaidh sé nó sí í a scrúdú.

(4) Ní bheidh foirm chlárúcháin páirtnéireachta sibhialta bailí ach amháin ar feadh tréimhse 6 mhí ón dáta a chomhlánófar é. Mura ndéanfaidh na páirtithe an pháirtnéireacht sibhialta a chlárú le linn na tréimhse sin agus más mian leo a bpáirtnéireacht sibhialta a bheith cláraithe, comhlíonfaidh siad alt 59B an athuir.

(5) Féadfaidh an tAire an fhoirm chlárúcháin páirtnéireachta sibhialta a fhorordú.

Clárúcháin
páirtnéireachta
sibhialta.

59D.—(1) Déanfaidh na páirtithe na dearbhuithe dá dtagraítear i bhfo-alt (3) ó bhéal, agus síneoidh siad an fhoirm chlárúcháin páirtnéireachta sibhialta i láthair a chéile, an cláráitheora agus beirt fhinnéithe a dhearbhaíonn go bhfuil 18 mbliana d'aois nó os a chionn slánaithe acu. Déanfar na dearbhuithe agus síneofar an fhoirm chlárúcháin páirtnéireachta sibhialta in áit atá ar oscailt don phobal, mura rud é maidir leis an Ard-Chláráitheoir nó le cláráitheoir maoirseachta—

- (a) gur deimhin leis nó léi ar bhonn deimhnithe ó lia-chleachtóir cláraithe go bhfuil páirtí amháin nó an dá pháirtí ró-bhreoite chun bheith i láthair in áit atá ar oscailt don phobal, agus
- (b) go dtabharfaidh sé nó sí cead don cláráitheoir chun go ndéanfaí síniú na foirme in áit eile a roghnóidh na páirtithe agus ar a gcomhaontóidh an cláráitheoir.

(2) Déanfaidh an cláráitheoir deimhin de go dtuigeann na páirtithe cineál na páirtnéireachta sibhialta agus na dearbhuithe a shonraítear i bhfo-alt (3).

(3) Déanfaidh gach páirtí sa pháirtnéireacht sibhialta na dearbhuithe seo a leanas:

- (a) dearbhú nach eol dó nó di aon bhac a bheith leis an gclárúcháin páirtnéireachta sibhialta;

[2010.] *An tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta [Uimh. 24.] agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.*

Cd.3 A.16

- (b) dearbhú go bhfuil sé beartaithe aige nó aici cónaí leis an bpáirtí eile agus é nó í a chothabháil; agus
- (c) dearbhú go nglacann sé nó sí leis an bpáirtí eile mar pháirtneoir sibhialta de réir an dlí.
- (4) Dearbhaítear ceanglais fho-ailt (1) go (3) a bheith ina gceanglais shubstainteacha maidir le clárúchán páirtnéireachta sibhialta.
- (5) Féadfaidh na páirtithe, sula síneoidh siad an fhoirm chlárúcháin páirtnéireachta sibhialta, a bheith páirteach i searmanas i bhfoirm a cheadóidh an tArd-Chláraitheoir agus ina ndéanfar na dearbhuithe in áit atá ar oscailt don phobal agus i láthair an chláraitheora agus na bhfinnéithe.
- (6) (a) Déanfaidh na finnéithe an fhoirm a shíniú tar éis do na páirtithe sa pháirtnéireacht sibhialta déanamh amhlaidh, agus comhshíneoidh an cláraitheoir an fhoirm.
- (b) Measfar páirtnéireacht sibhialta na bpáirtithe a bheith cláraithe ar chomhshíniú an chláraitheora.
- (c) A luaithe is indéanta tar éis na sínithe agus an chomhshínithe, déanfaidh an cláraitheoir cóip den fhoirm dá dtagraítear i mír (a) a thabhairt do na páirtithe, na sonraí i ndáil leis an bpáirtnéireacht sibhialta a thairfeadh sa chlár agus an pháirtnéireacht sibhialta a chlárú ar shlí a ordóidh an tArd-Chláraitheoir.
- (7) I gcás gur deimhin leis an Ard-Chláraitheoir gur cailleadh nó gur díotháíodh foirm chlárúcháin páirtnéireachta sibhialta arna síniú go cuí nó go ndearnadh damáiste di, féadfaidh sé nó sí a ordú don chláraitheoir cuí—
- (a) foirm chlárúcháin páirtnéireachta sibhialta eile a chomhlánú agus socrú a dhéanamh, a mhéid is indéanta déanamh amhlaidh, go ndéanfaidh na daoine dá dtagraítear i bhfo-alt (1) í a shíniú, agus
- (b) nuair a bheidh sí sínithe amhlaidh, na sonraí i ndáil leis an bpáirtnéireacht sibhialta a bheidh sonraithe san fhoirm a thairfeadh sa chlár agus an pháirtnéireacht sibhialta a chlárú ar shlí a ordóidh an tArd-Chláraitheoir.
- (8) Féadfaidh an tAire foráil a dhéanamh le rialacháin i dtaobh earráidí ar iontrálacha sa chlár

[Uimh. 24.] *An tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta* [2010.]
agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe
de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.

a cheartú agus a chur faoi deara iontrálacha ceartaithe a thaifeadh sa chlár agus na hiontrálacha bunaidh sa chlár a choinneáil.

(9) I gcás gur deimhin leis an Ard-Chláraitheoir go mbaineann iontráil sa chlár le páirtnéireacht shibhialta nár comhlíonadh alt 59B(1) i ndáil leis (seachas i gcás gur ordaíodh díolúine faoi fho-alt (2) den alt sin)—

- (a) ordóidh an tArd-Chláraitheoir do chláraitheoir an iontráil a chur ar ceal,
- (b) cuirfidh an cláraitheoir an iontráil ar ceal, agus
- (c) cuirfidh an tArd-Chláraitheoir an méid sin in iúl do na páirtithe.

Áiteanna agus tráthanna chun páirtnéireachtaí sibhialta a chlárú. 59E.—(1) Ní ceadmhach páirtnéireacht shibhialta a chlárú ach amháin in áit agus tráth a bheidh roghnaithe ag na páirtithe sa pháirtnéireacht shibhialta le comhaontú an chláraitheora agus, más rud é nach oifig an chláraitheora ná áit dá dtagraítear in alt 59D(1)(b) an áit a roghnófar, is í an Fheidhmeannacht a chinnfidh ceadú na Feidhmeannachta leis an áit, agus an cheist i dtaobh an toiliú a thabhairt nó gan é a thabhairt, faoi threoir na nithe a shonróidh an tAire.

(2) I gcás go ndéanfaidh cláraitheoir páirtnéireacht shibhialta a chlárú in áit seachas in oifig cláraitheora, íocfaidh na páirtithe táille leis an gcláraitheoir den mhéid a chinnfidh an Fheidhmeannacht.

(3) Nuair a thabhoíd cláraitheoir caiteachais taistil nó cothabhála i dtaca le páirtnéireacht shibhialta a chlárú in áit seachas a oifig nó a hoifig féin, íocfaidh na páirtithe méid i leith na gcaiteachas leis an gcláraitheoir is méid arna ríomh faoi threoir scála a cheapfaidh an Fheidhmeannacht.

(4) Féadfaidh an cláraitheoir méid is iníoctha faoi fho-alt (2) nó (3) a ghnóthú ó na páirtithe mar fhiach conartha shimplí in aon chúirt dlínse inniúla.

Agóidí. 59F.—(1) Féadfaidh duine, aon tráth roimh chlárú páirtnéireachta sibhialta, agóid i scríbhinn ina mbeidh na forais ar a mbeidh an agóid bunaithe a thaisceadh le haon chláraitheoir.

(2) Más rud é nach bhfuil an cláraitheoir a gheobhaidh agóid faoi fho-alt (1) sannta chun an limistéir clárúcháin chéanna a bhfuil an cláraitheoir dár tugadh an fógra faoi alt 59B sannta chuige (nó, i gcás gur ordaíodh díolúine faoi fho-alt (2) den alt sin, an cláraitheoir atá chun an pháirtnéireacht shibhialta a chlárú)—

[2010.] *An tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta [Uimh. 24.] agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.*

Cd.3 A.16

- (a) déanfaidh an cláraitheoir a gheobhaidh an agóid í a chur faoi bhráid Chláraitheoir Maoirseachta an limistéir clárúcháin a bhfuil an cláraitheoir eile sannta chuige,
- (b) ordóidh an Cláraitheoir Maoirseachta do chláraitheoir atá sannta chun an limistéir sin an fheidhm, a thugtar leis an alt seo don chláraitheoir a gheobhaidh an agóid, a chomhlíonadh,
- (c) déanfaidh an cláraitheoir a gheobhaidh an t-ordachán an t-ordachán a chomhlíonadh, agus
- (d) déanfar tagairtí san alt seo don chláraitheoir a gheobhaidh agóid a fhorléiriú mar thagairtí don chláraitheoir a gheobhaidh an t-ordachán agus beidh feidhm ag an alt seo agus beidh éifeacht leis dá réir sin.

(3) Más deimhin leis an gcláraitheoir a gheobhaidh agóid faoi fho-alt (1) go mbaineann an agóid le mionearráid nó mion-mhíthuairisc san fhógra iomchuí faoi alt 59B nach mbeadh ina bac ar an bpáirtnéireacht shibhialta, déanfaidh an cláraitheoir—

- (a) fógra a thabhairt do na páirtithe sa chlárú páirtnéireachta sibhialta beartaithe i dtaobh na hagóide,
- (b) na fiosrúcháin chuí a dhéanamh,
- (c) más rud é go bhfuil an fhoirm chlárúcháin páirtnéireachta sibhialta tugtha do dhuine de na páirtithe, a iarraidh go dtabharfar ar ais í agus í a cheartú agus an fógra a cheartú agus aon cheartúcháin is gá a dhéanamh ar aon taifid eile a bhaineann leis an bpáirtnéireacht shibhialta, agus
- (d) an fhoirm chlárúcháin páirtnéireachta sibhialta cheartaithe a thabhairt do dhuine de na páirtithe sa pháirtnéireacht shibhialta.

(4) Má chreideann an cláraitheoir a gheobhaidh agóid faoi fho-alt (1) gur gá imscrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht go bhfuil bac leis an gclárú páirtnéireachta sibhialta beartaithe, déanfaidh sé nó sí an agóid a tharchur chuig an Ard-Chláraitheoir lena breithniú agus, go dtí go dtabharfaidh an tArd-Chláraitheoir breith, déanfaidh sé nó sí—

- (a) fógra a thabhairt do na páirtithe sa chlárúcháin páirtnéireachta sibhialta beartaithe—

[Uimh. 24.] *An tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta* [2010.]
agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe
de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.

- (i) i dtaobh an agóid a bheith taiscthe agus na bhforas ar a bhfuil sí bunaithe,
 - (ii) i dtaobh an agóid a bheith á himscrúdú, agus
 - (iii) á rá nach rachfar ar aghaidh leis an gclárúchán páirtnéireachta sibhialta go dtí go mbeidh an t-imscrúdú críochnaithe,
- (b) murar eisíodh an fhoirm chlárúcháin páirtnéireachta sibhialta, eisiúint na foirme a fhionraí,
- (c) má eisíodh an fhoirm chlárúcháin páirtnéireachta sibhialta, a iarraidh ar an bpáirtí sa chlárúchán páirtnéireachta sibhialta beartaithe dár tugadh an fhoirm í a thabhairt ar ais don chlárúcháin, agus
- (d) fógra a thabhairt do chlárúcháin beartaithe na páirtnéireachta sibhialta, má bheartaítear go ndéanfaidh clárúcháin éagsúil an pháirtnéireacht sibhialta a chlárú, go bhfuil agóid á himscrúdú, agus a ordú dó nó di gan an pháirtnéireacht sibhialta a chlárú go dtí go mbeidh an t-imscrúdú críochnaithe.

(5) Comhlíonfaidh clárúcháin ordachán faoi mhír (4)(d).

(6) I gcás go gcuirfear agóid faoi bhráid an Ard-Chlárúcháin de bhun fho-alt (4), tabharfaidh sé nó sí breith i dtaobh na hagóide a luaithe is indéanta.

(7) I gcás dá dtagraítear i bhfo-alt (4), má thugann an tArd-Chlárúcháin breith nach ann d'aon bhac ar an bpáirtnéireacht sibhialta beartaithe, cuirfidh sé nó sí an méid sin in iúl don chlárúcháin agus déanfaidh an clárúcháin—

- (a) fógra a thabhairt do na páirtithe sa pháirtnéireacht sibhialta nach ann d'aon bhac leis an bpáirtnéireacht sibhialta,
- (b) an fhoirm chlárúcháin páirtnéireachta sibhialta a eisiúint nó a atheisiúint chuig duine de na páirtithe sin, agus
- (c) fógra a thabhairt don duine a thaisc an agóid nach ann d'aon bhac ar an bpáirtnéireacht sibhialta.

[2010.] *An tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta [Uimh. 24.] agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.*

Cd.3 A.16

(8) I gcás dá dtagraítear i bhfo-alt (4), má thugann an tArd-Chláraitheoir breith go bhfuil bac leis an bpáirtnéireacht shibhialta bheartaithe, cuirfidh sé nó sí an méid sin agus na cúiseanna atá leis an mbreith in iúl don chláraitheoir agus déanfaidh an cláraitheoir—

(a) fógra a thabhairt do na páirtithe sa pháirtnéireacht shibhialta—

(i) á rá nach rachfar ar aghaidh le clárúchán na páirtnéireachta sibhialta, agus

(ii) i dtaobh bhreith an Ard-Chláraitheora agus na gcúiseanna atá léi,

agus

(b) gach beart réasúnach chun a chinntiú nach rachfar ar aghaidh leis an gclárúchán.

(9) Más rud é, d'ainneoin na mbeart a dhéanfaidh an cláraitheoir de bhun mhír (8)(b), go rachfar ar aghaidh leis an gclárúchán sibhialta, beidh an taifead sa chlár neamhbhailí agus aon duine a dtiocfaidh an taifeadadh sin sa chlár i bhfios dó nó di, tabharfaidh sé nó sí fógra don Ard-Chláraitheoir ina thaobh.

(10) I gcás go dtiocfaidh taifead dá dtagraítear i bhfo-alt (9) i bhfios don Ard-Chláraitheoir—

(a) ordóidh an tArd-Chláraitheoir do chláraitheoir an taifead a chealú agus fógra i dtaobh an ordacháin a thabhairt do na páirtithe agus don chláraitheoir a rinne an taifead, agus

(b) comhlíonfaidh an cláraitheoir an t-ordachán agus cealóidh sé nó sí an taifead agus cinnteoidh sé nó sí go gcoinneofar an taifead cealaithe sa chlár.

(11) Féadfaidh páirtí i bpáirtnéireacht shibhialta bheartaithe achomharc a dhéanamh chun na Cúirte Cuarda in aghaidh bhreith an Ard-Chláraitheora faoi fho-alt (8) i ndáil leis an bpáirtnéireacht shibhialta.

(12) An dlínse a thugtar don Chúirt Cuarda le fo-alt (11), féadfaidh breitheamh den chuaird ina bhfuil gnáthchónaí ar cheachtar de na páirtithe sa pháirtnéireacht shibhialta bheartaithe, nó ina seolann sé nó sí aon ghairm, gnó nó slí bheatha, nó ina bhfuil an áit a raibh sé beartaithe an pháirtnéireacht shibhialta lena mbaineann a chlárú, í a fheidhmiú.

Cd.3 A.16

[Uimh. 24.] *An tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta* [2010.]
agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe
de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.

(13) Féadfaidh duine a thaisc agóid faoi fho-alt (1) an agóid a tharraingt siar, ach féadfaidh an tArd-Chláraitheoir, más cuí leis nó léi déanamh amhlaidh, an agóid a imscrúdú, nó a imscrúdú nó a himscrúdú ar an agóid a chríochnú, agus aon ordacháin is cuí leis nó léi a eisiúint chuig an gcláraitheoir lena mbaineann i ndáil leis an ní.

(14) Aon agóid ar an bhforas go mbeadh an pháirtnéireacht shibhialta ar neamhní de bhua éagumas duine de na páirtithe nó na beirte toiliú feasach a thabhairt, beidh ag gabháil léi deimhniú a thacaíonn leis an agóid, arna dhéanamh ag lia-chleachtóir cláraithe.

I gcás go dteastaíonn ateangaireacht.

59G.—Más rud é nach bhfuil eolas leordhóthanach ag páirtí nó finné i gclárúchán páirtnéireachta sibhialta ar theanga an chlárácháin chun na doiciméid chlárácháin nó na dearbhuithe a thuiscint, beidh ateangaire i láthair ag na páirtithe a dhéanfaidh—

(a) sula ndéanfaidh na páirtithe na dearbhuithe, ráiteas a shíniú i láthair an chláraitheora á rá go dtuigeann an t-ateangaire an teanga a bhfuil sé nó sí chun gníomhú mar ateangaire ina leith agus go bhfuil sé nó sí in ann comhrá a sheoladh sa teanga sin agus an ráiteas a thabhairt don chláraitheoir, agus

(b) díreach tar éis na dearbhuithe sin a dhéanamh, deimhniú sínithe arna scríobh i dteanga an chlárácháin a thabhairt don chláraitheoir á rá gur ghníomhaigh an t-ateangaire go dílis mar ateangaire.

Éifeacht clárúcháin.

59H.—Measfar, maidir leis na páirtithe i bpáirtnéireacht shibhialta chláraithe, gur páirtnéirí sibhialta dá chéile iad a luaithe a bheidh an fhoirm páirtnéireachta sibhialta a cheanglaítear le halt 59D(6)(a) comhshínithe ag an gcláraitheoir, cibé acu ar chomhlíon nó nár chomhlíon an cláraitheoir na gníomhartha a cheanglaítear air nó uirthi faoi alt 59D(6)(c), agus fabhróidh na dualgais agus na sochair go léir chucu a fhabhraíonn chuig páirtnéirí sibhialta faoi *Acht 2010* nó faoi aon dlí eile.

Éifeacht na Coda seo.

59I.—Beidh éifeacht leis an gCuid seo d'ainneoin aon fhorála reachtúla a bheidh ar neamhréir léi.”.

Cuid 7B nua d'Acht 2004 a chur isteach. **17.**—Leasaítear Acht 2004 tríd an gCuid seo a leanas a chur isteach roimh alt 60:

[2010.] *An tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta [Uimh. 24.] agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.*

Cd.3 A.17

“CUID 7B

FORAITHEANTA SCAOILTE PÁIRTNÉIREACHTA SIBHIALTA AGUS
FORAITHEANTA NEAMHNITHE PÁIRTNÉIREACHTA SIBHIALTA A
CHLÁRÚ

Foraitheanta scaoilte agus foraitheanta neamhnithe páirtnéireachta sibhialta a chlárú. 59J.—(1) Nuair a dheonaíonn cúirt foraithe scaoilte, taifeadfaidh oifigeach don tSeirbhís Chúirteanna a bheidh údaraithe chuige sin ag an tSeirbhís Chúirteanna, nó cuirfidh sé nó sí faoi deara go dtaifeadfar, a luaithe is féidir, i gclár na bhforaitheanta scaoilte páirtnéireachta sibhialta na sonraí i ndáil leis an ní atá leagtha amach i gCuid 6A den Chéad Sceideal.

(2) Nuair a dheonaíonn cúirt foraithe neamhnithe páirtnéireachta sibhialta, taifeadfaidh oifigeach don tSeirbhís Chúirteanna a bheidh údaraithe chuige sin ag an tSeirbhís Chúirteanna, nó cuirfidh sé nó sí faoi deara go dtaifeadfar, a luaithe is féidir, i gclár na bhforaitheanta neamhnithe páirtnéireachta sibhialta na sonraí i ndáil leis an ní atá leagtha amach i gCuid 7A den Chéad Sceideal.

(3) Féadfaidh oifigeach don tSeirbhís Chúirteanna a bheidh údaraithe chuige sin ag an tSeirbhís Chúirteanna taifead sa chlár dá dtagraítear i bhfo-alt (1) nó (2) a leasú nó a chealú nó a chur faoi deara é a leasú nó a chealú.

(4) Tabharfaidh an tSeirbhís Cúirteanna fógra don Ard-Chláráitheoir i dtaobh leasaithe nó cealaithe faoi fho-alt (3).

(5) Tá éifeacht leis an alt seo d’ainneoin aon fhorála reachtúla atá ar neamhréir leis.”.

18.—Leasaítear alt 60(1) d’Acht 2004—

Leasú ar alt 60 d’Acht 2004.

(a) i mír (a), trí “bás, pósadh nó páirtnéireacht sibhialta” a chur in ionad “bás nó pósadh”, agus

(b) trí “, do na páirtithe sa pháirtnéireacht sibhialta” a chur isteach roimh “nó don duine”.

19.—Leasaítear alt 64 d’Acht 2004 trí na fo-ailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (7):

Leasú ar alt 64 d’Acht 2004.

“(8) Más deimhin leis an Ard-Chláráitheoir go mbaineann taifead i gclár na bpáirtnéireachtaí sibhialta le páirtnéireacht sibhialta d’aicme dá dtagraítear i bhfo-alt (9)—

(a) ordóidh an tArd-Chláráitheoir do chláráitheoir an taifead a chealú agus fógra i dtaobh an ordacháin a thabhairt do na páirtithe sa pháirtnéireacht sibhialta agus don chláráitheoir a chláraigh í, agus

Cd.3 A.19 [Uimh. 24.] *An tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta* [2010.]
agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe
de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.

(b) comhlíonfaidh an cláráitheoir an t-ordachán agus cinnteoidh sé nó sí go ndéanfar an taifead cealaithe a choinneáil sa chlár.

(9) Is iad seo a leanas na haicmí dá dtagraítear i bhfo-alt (8):

(a) páirtnéireacht shibhialta, ar ina leith maidir le ceanglas nó ceanglais a shonraítear i bhfo-ailt (1) agus (5) d'alt 59B (seachas i gcás gur ordaíodh díolúine faoi fho-alt (2) den alt sin) nár comhlíonadh é nó iad; agus

(b) páirtnéireacht shibhialta a raibh bac uirthi de réir bhrí alt 2(2A)."

Leasú ar alt 65 d'Acht 2004.

20.—Leasaítear alt 65(1)(a) d'Acht 2004 trí "bás, pósadh nó páirtnéireacht shibhialta" a chur in ionad "bás nó pósadh".

Leasú ar alt 66 d'Acht 2004.

21.—Leasaítear alt 66(1) d'Acht 2004 trí "le póstaí, le páirtnéireachtaí sibhialta, le foraitheanta colscartha, le foraitheanta neamhnithe pósta, le foraitheanta scaoilte nó le foraitheanta neamhnithe páirtnéireachta sibhialta" a chur in ionad "le póstaí, le foraitheanta colscartha nó le foraitheanta neamhnithe".

Leasú ar alt 69 d'Acht 2004.

22.—Leasaítear alt 69 d'Acht 2004—

(a) i bhfo-alt (4), trí "páirtnéireacht shibhialta" a chur isteach i ndiaidh "pósadh",

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (9):

"(9A) Aon chláráitheoir a mhainneoidh nó a dhiúltóidh, gan cúis réasúnach, foirm chlárúcháin páirtnéireachta sibhialta a thabhairt do dhuine amháin de na páirtithe i bpáirtnéireacht shibhialta bheartaithe ar ina leith atá fógra faoi alt 59B(1)(a), nó cóip d'ordú díolúine faoi alt 59B(2), faighte aige nó aici, beidh cion déanta aige nó aici."

(c) i bhfo-alt (10)—

(i) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (f):

"(fa) a chláróidh páirtnéireacht shibhialta nó is páirtí i bpáirtnéireacht shibhialta ar ina leith nach bhfuil fo-alt (1) nó (5) d'alt 59B comhlíonta, go bhfios dó nó di, (seachas i gcás go bhfuil díolúine ordaithe faoi fho-alt (2) den alt sin),",

(ii) trí "nó 59F" a chur isteach i ndiaidh "58" i mír (h),

(iii) trí "nó 59B(1)(b)" a chur isteach i ndiaidh "46(1)(b)" i mír (i),

(iv) trí "bréagach nó míthreorach," a chur in ionad "bréagach nó míthreorach, nó" i mír (i),

[2010.] *An tAcht um Páirtnéireacht Sibhialta [Uimh. 24.] agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.*

Cd.3 A.22

(v) trí “ar fhoirm chlárucháin pósta, nó” a chur in ionad “ar fhoirm chlárucháin pósta,” i mír (j), agus

(vi) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (j):

“(k) nach cláraitheoir é nó í, agus a scriosfaidh nó a athróidh faisnéis i ndáil leis na páirtithe i bpáirtnéireacht sibhialta ar fhoirm chlárucháin páirtnéireachta sibhialta.”.

23.—Leasaítear alt 70(2) d’Acht 2004 trí “(9), (9A),” a chur in ionad “(9),”.

Leasú ar alt 70 d’Acht 2004.

24.—Leasaítear alt 73 d’Acht 2004—

Leasú ar alt 73 d’Acht 2004.

(a) i bhfo-alt (1)—

(i) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (d):

“(dd) páirtnéireachtaí sibhialta,”;

(ii) trí “pósta” a chur isteach i ndiaidh “neamhnithe” i mír (f);

(iii) trí na míreanna seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (f):

“(ff) foraitheanta scaoilte,

(fff) foraitheanta neamhnithe páirtnéireachta sibhialta,”

(b) i mír (3)(a), trí “pósta, páirtnéireachta sibhialta, foraithe scaoilte, foraithe neamhnithe páirtnéireachta sibhialta,” a chur isteach i ndiaidh “neamhnithe” gach áit a bhfuil sé, agus

(c) i bhfo-alt (7), trí “pósta, páirtnéireachta sibhialta, foraithe scaoilte, foraithe neamhnithe páirtnéireachta sibhialta,” a chur isteach i ndiaidh “neamhnithe”.

25.—Leasaítear an Chéad Sceideal a ghabhann le hAcht 2004—

Leasú ar an gCéad Sceideal a ghabhann le hAcht 2004.

(a) trí “stádas sibhialta” a chur in ionad “stádas pósta” gach áit a bhfuil sé,

(b) i gCuid 5, trí “Má bhí an t-éagach pósta nó má ba pháirtneoir sibhialta é nó í, gairm nó slí bheatha an chéile nó an pháirtneora sibhialta.” a chur in ionad “Má bhí an t-éagach pósta, gairm nó slí bheatha an chéile.”,

(c) tríd an gCuid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh Chuid 6:

Cd.3 A.25

[Uimh. 24.] *An tAcht um Páirtnéireacht Sibhialta* [2010.]
agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe
de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.

“CUID 6A

Alt 59J.

SONRAÍ A BHEIDH LE TAIFEADADH I GCLÁR NA SCAOILTE

An chúirt a dheonaigh an fhoraithne.

Bliain agus uimhir thaifid na n-imeachtaí.

Túsainmneacha, sloinnte agus sloinnte breithe na bpáirtithe sna himeachtaí.

Uimhreacha pearsanta seirbhíse poiblí na bpáirtithe sna himeachtaí.

Dáta agus áit an chlárucháin páirtnéireachta sibhialta.

Dáta na foraithe.

Dáta clárucháin na foraithe.

Túsainmneacha agus sloinne an oifigigh don tSeirbhís Chúirteanna.”.

(d) trí “Pósta” a chur isteach i ndeireadh an teidil a ghabhann le Cuid 7, agus

(e) tríd an gCuid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh Chuid 7:

“CUID 7A

Alt 59J.

SONRAÍ A BHEIDH LE TAIFEADADH I GCLÁR NA
BHFORAITHEANTA NEAMHNITHE PÁIRTNÉIREACHTA
SIBHIALTA

An chúirt a dheonaigh an fhoraithne.

Bliain agus uimhir thaifid na n-imeachtaí.

Túsainmneacha, sloinnte agus sloinnte breithe na bpáirtithe sna himeachtaí.

Uimhreacha pearsanta seirbhíse poiblí na bpáirtithe sna himeachtaí.

Dáta agus áit an chlárucháin páirtnéireachta sibhialta.

Dearbhú na cúirte.

Dáta na foraithe.

An dáta clárucháin.

Túsainmneacha agus sloinne an oifigigh don tSeirbhís Chúirteanna.”.

[2010.] *An tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta [Uimh. 24.] agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.*

CD.3

26.—Leasaítear Acht 2004 tríd an Sceideal seo a leanas a chur isteach i ndiaidh an Dara Sceideal:

An Tríú Sceideal nua a ghabhann le hAcht 2004.

“AN TRÍÚ SCEIDEAL

Alt 2.

CÉIMEANNA GAOIL TOIRMISCHE

Ní ceadmhach do dhuine páirtnéireacht shibhialta a dhéanamh le duine a thagann faoi réim na gcéimeanna gaoil toirmisce, mar atá leagtha amach sa tábla thíos. Ba cheart gaolta atá faoi réim an tábla sin a fhorléiriú mar ghaolta a fholáionn leasghaolta (e.g. folaíonn deartháir nó deirfiúr deartháir nó deirfiúr i gcás nach bhfuil ach tuismitheoir amháin i gcoiteannas, etc.), agus folaíonn na gaolta go léir gaolta agus iarghaolta trí uchtáil.

Ní ceadmhach d'fhear páirtnéireacht shibhialta a dhéanamh le duine ar bith díobh seo a leanas:	Ní ceadmhach do bhean páirtnéireacht shibhialta a dhéanamh le duine ar bith díobh seo a leanas:
Seanathair leis	Seanmháthair léi
Deartháir le duine dá sheantuismitheoirí	Deirfiúr le duine dá sheantuismitheoirí
A athair	A máthair
Deartháir lena athair	Deirfiúr lena máthair
Deartháir lena mháthair	Deirfiúr lena hathair
Deartháir leis	Deirfiúr léi
Nia leis	Neacht léi
Mac leis	Iníon léi
Ua leis	Banua léi
Garnia leis	Garneacht léi

”.

CUID 4

ÁRAS COMHROINTE A CHAOMHNÚ

27.—Sa Chuid seo—

Léiriú.

foláionn ‘iompar’ gníomh agus mainneachtain nó neamhghníomh eile;

foláionn “tíolacas” morgáiste, léas, aontú, aistriú, séanadh, scaoileadh, diúscairt eile maoiné ar dhóigh seachas le huacht nó le *donatio mortis causa*, agus comhaontú infhorfheidhmithe, coinníollach nó neamhchoinníollach, chun aon tíolacas díobh sin a dhéanamh;

ciallaíonn “teaghais” foirgneamh, nó cuid d’fhoirgneamh, atá á áitiú mar theaghais ar leithligh agus foláionn sé—

- (a) gairdín nó talamh eile atá, de ghnáth, á áitiú i dteannta an fhoirgnimh atá foghabhálach agus coimhdeach leis, agus atá riachtanach le haghaidh taitneamhachta nó saoráideachta agus nach n-úsáidtear nó nach bhforbraítear go príomha chun críocha tráchtála,

Cd.4 A.27

[Uimh. 24.] *An tAcht um Páirtnéireacht Sibhialta* [2010.]
agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe
de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.

(b) déanmhas nach bhfuil ceangailte den talamh go buan, agus

(c) feithicil nó soitheach, soghluaiste nó doghluaiste, atá á háitiú nó á áitiú mar theaghais ar leithligh;

ciallaíonn ‘leas’ aon eastát, ceart, teideal nó leas eile, dlíthiúil nó cothromasach;

folaíonn “morgáiste” morgáiste cothromais, muirear ar thalamh cláraithe agus morgáiste airnéise;

folaíonn “cíos” cíos coinbhinsiúin, cíosmhuirear de réir bhrí alt 2 (1) de Reacht na dTréimhsí 1957 agus blianacht infhoirceanta is iníoctha i leith iasachta chun áras comhroinnte a cheannach;

ciallaíonn “áras comhroinnte”—

(a) faoi réir *mhír* (b), teaghais ina bhfuil gnáthchónaí ar na páirtnéirí sibhialta; agus

(b) i ndáil le páirtnéir sibhialta a bhfuil cosaint ina leith ina saincheist, an teaghais ina bhfuil gnáthchónaí ar an bpáirtnéir sibhialta sin nó, má tá sé nó sí tar éis imeacht ón bpáirtnéir sibhialta eile, ina raibh gnáthchónaí air nó uirthi sular imigh sé nó sí.

Leas in áras
comhroinnte a
choimhthiú.

28.—(1) I gcás go n-airbheartóidh páirtnéir sibhialta, gan toiliú i scríbhinn a fháil roimh ré ón bpáirtnéir sibhialta eile, leas a thíolacadh san áras comhroinnte chuig duine seachas an páirtnéir sibhialta eile, ansin faoi *fho-alt* (2), (3) agus (8) go (14) agus *alt* 29, beidh an tíolacas airbheartaithe ar neamhní.

(2) Ní bhaineann *fo-alt* (1) le tíolacas i gcás go ndéanfaidh páirtnéir sibhialta é de bhun comhaontaithe infhorfheidhmithe a rinneadh sular chláraigh na páirtnéirí sibhialta a bpáirtnéireacht shibhialta.

(3) Ní bheidh aon tíolacas ar neamhní de bhíthin *fho-alt* (1) amháin, más rud é—

(a) gur tíolacas é a dhéantar chuig ceannaitheoir ar luach-chomaoin iomlán,

(b) gur tíolacas é a dhéanfaidh duine seachas an páirtnéir sibhialta chuig ceannaitheoir ar luach-chomaoin, nó

(c) go mbraitheann a bhailíocht ar bhailíocht tíolacais a gcomhlíontar ina leith aon choinníoll a luaitear i *bhfo-alt* (2) nó i *mír* (a) nó (b).

(4) Má éiríonn aon cheist in aon imeachtaí i dtaobh tíolacas a bheith bailí de bhíthin *fho-alt* (2) nó (3), is ar an duine a líomhnóidh go bhfuil sé bailí atá an dualgas an bhailíocht sin a chruthú.

(5) I *bhfo-alt* (3), ciallaíonn “luach-chomaoin iomlán” luach atá comhionann, nó i bhfogas do bheith comhionann, le luach an ruda ar a dtugtar é.

(6) San alt seo, ciallaíonn “ceannaitheoir” deontaí, léasaí, sannaí, morgáistí, muirearóir nó duine eile a gheobhaidh eastát nó leas i maoin de mheon macánta.

[2010.] *An tAcht um Páirtnéireacht Sibhialta [Uimh. 24.] agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.*

Cd.4 A.28

(7) Chun críocha an ailt seo, léifear alt 3 den *Conveyancing Act 1882*, amhail is dá mbeadh na focail “as such” ligthe ar lár aon áit a bhfuil siad i mír (ii) d’fho-alt (1) den alt sin.

(8) Faoi réir *fho-alt (9)*, ní ceadmhach imeachtaí a thionscnamh ach amháin chun go ndearbhófar tíolacas a bheith ar neamhní de bhíthin *fho-alt (1)* amháin má thionscnaítear iad sula mbeidh 6 bliana caite ó dháta an tíolacais.

(9) Maidir le páirtnéir sibhialta a raibh an t-áras comhroinnte á áitiú aige nó aici iarbhír le linn na tréimhse iomláine dar tosach dáta an tíolacais agus dar críoch díreach roimh na himeachtaí a thionscnamh, féadfaidh sé nó sí imeachtaí dá dtagraítear i *bhfo-alt (8)* a thionscnamh, fiú amháin má tá 6 bliana caite ó dháta an tíolacais.

(10) Ní dochar *fo-alt (8)* do chearta páirtnéirí sibhialta sásamh a lorg mar gheall ar shárúithe ar *fho-alt (1)* ar shlí seachas trí imeachtaí dá dtagraítear san *fho-alt* sin.

(11) Measfar nach tíolacas ar neamhní, ná nár thíolacas ar neamhní riamh, de bhíthin *fho-alt (1)* tíolacas murar rud é—

(a) gur dhearbhaigh cúirt gur tíolacas ar neamhní de bharr *fho-alt (1)* é in imeachtaí a tionscnaíodh de réir *fho-alt (8)*, an dáta a thosóidh an t-alt seo nó dá éis, nó

(b) faoi réir na gceart atá ag aon duine eile lena mbaineann, go bhfuil sé ar neamhní de bhíthin *fho-alt (1)* agus go gcuirfidh na páirtithe sa tíolacas nó a gcomharbaí i dteideal an méid sin in iúl i scríbhinn sula mbeidh 6 bliana caite ó dháta an tíolacais.

(12) Déanfar cóip de ráiteas arna dhéanamh chun críche *mhír (b) d’fho-alt (11)*, agus a bheidh deimhnithe ag na páirtithe lena mbaineann nó a gcomharbaí i dteideal mar chóip dhílis, a thaisceadh, sula mbeidh na 6 bliana dá dtagraítear sa mhír sin caite, ag na páirtithe nó a gcomharbaí leis an Údarás Clárúcháin Maoine lena clárú i gClárlann na Talún nó i gClárlann na nGníomhas, de réir mar is cuí.

(13) Cuirfidh aon duine a thionscnóidh imeachtaí chun go ndearbhófar tíolacas a bheith ar neamhní de bhíthin *fho-alt (1)*, faoi deara, a luaithe is féidir, sonraí iomchuí na n-imeachtaí a thairfeadh mar *lis pendens* faoi réim agus de réir an *Judgements (Ireland) Act 1844* i cibé foirm dá bhforáiltear leis na rialacha cúirte.

(14) Maidir le toiliú ginearálta arna thabhairt i scríbhinn ag páirtnéir sibhialta, tar éis thosach feidhme an ailt seo, le haon tíolacas leasa san am atá le teacht in áras comhroinnte nó in iar-áras comhroinnte, measfar, chun críocha *fho-alt (1)*, gur toiliú i scríbhinn roimh ré é má fhorghníomhaítear an gníomhas i gcomhair an tíolacais tar éis an dáta a tugadh an toiliú.

29.—(1) Mura ndéanfaidh an páirtnéir sibhialta ónar gá toiliú a fháil faoi *alt 28*, nó má dhiúltaíonn sé nó sí, toiliú a thabhairt, féadfaidh an chúirt, faoi réir an ailt seo, an toiliú a ligean thar ceal. Toiliú páirtnéara sibhialta.

(2) Ní ligfidh an chúirt an toiliú thar ceal mura rud é go measfaidh an chúirt é a bheith míréasúnach ag an bpáirtnéir sibhialta gan toiliú a thabhairt, ag féachaint do na himthosca go léir, lena n-áirítear—

Cd.4 A.29

[*Uimh. 24.*] *An tAcht um Páirtnéireacht Sibhialta* [2010.]
agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe
de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.

(a) na riachtanais agus na hacmhainní, faoi seach, atá ag na páirtnéirí sibhialta, agus

(b) i gcás go dtairgfear cóiríocht eile don pháirtnéir sibhialta ar gá toiliú a fháil uaidh nó uaithi, oiriúnacht na cóiríochta sin ag féachaint do na céimeanna faoi seach den ráthaíocht tionachta san áras comhroinnte agus sa chóiríocht eile.

(3) Déanfaidh an chúirt toiliú páirtnéara sibhialta ar gá toiliú a fháil uaidh nó uaithi a ligean thar ceal, más rud é—

(a) nach féidir teacht ar an bpáirtnéir sibhialta tar éis fiosruithe réasúnacha a dhéanamh, agus

(b) gurb é tuairim na cúirte go mbeadh sé réasúnach déanamh amhlaidh.

(4) Féadfaidh an chúirt an toiliú a thabhairt thar ceann páirtnéara sibhialta ar gá toiliú a fháil uaidh nó uaithi, más rud é—

(a) go ndeimhneoidh síciatraí sainchomhairleach, de réir bhrí an Achta Meabhair-Shláinte 2001, go bhfuil an páirtnéir sibhialta éagumasach ar thoiliú a thabhairt, agus

(b) gurb é an tuairim na cúirte go mbeadh sé réasúnach déanamh amhlaidh.

Iompar a thabharfadh go gcaillfí áras comhroinnte.

30.—(1) Má fheictear don chúirt, ar iarratas ó pháirtnéir sibhialta, go bhfuil an páirtnéir sibhialta eile ag gabháil d'iompar a d'fhéadfadh a thabhairt go gcaillfí aon leas san áras comhroinnte, nó a d'fhéadfadh é a fhágáil neamhoiriúnach chun a áitithe mar áras comhroinnte, le hintinn an t-iarratasóir a chur ó chónaí a bheith aige nó aici san áras comhroinnte, féadfaidh an chúirt aon ordú a dhéanamh is cuí léi, agus é dírithe chuig an bpáirtnéir sibhialta eile nó chuig aon duine eile, d'fhonn an t-áras comhroinnte a chaomhnú ar mhaithe leis an iarratasóir.

(2) Má fheictear don chúirt, ar iarratas ó pháirtnéir sibhialta, gur chuir an páirtnéir sibhialta eile an t-iarratasóir ó chónaí a bheith aige nó aici san áras comhroinnte trí iompar a raibh cailleadh aon leasa ann mar thoradh air nó a d'fhág neamhoiriúnach é chun a áitithe mar áras comhroinnte, féadfaidh an chúirt a ordú don pháirtnéir sibhialta eile nó d'aon duine eile an méid is cuí leis an gcúirt a íoc leis an iarratasóir mar chúiteamh don iarratasóir ina gcaillteanas nó aon ordú eile a dhéanamh agus é dírithe chuig an bpáirtnéir sibhialta eile nó chuig aon duine eile a fheicfead don chúirt a bheith cóir cothromasach.

Íoc eisíocaíochtaí ar áras comhroinnte.

31.—(1) Aon íocaíocht nó tairiscint a thabharfaidh nó aon ní eile a dhéanfaidh páirtnéir sibhialta amháin do shásamh aon dliteanais, nó mar chabhair do shásamh aon dliteanais, a bheidh ar an bpáirtnéir sibhialta eile i dtaobh cíosa, íocaíochtaí morgáiste nó eisíocaíochtaí eile a bhaineann leis an áras comhroinnte, beidh sí nó sé chomh bailí is dá mba é nó í an páirtnéir sibhialta eile a thug nó a rinne í nó é, agus pléifidh an duine dá dtabharfar an íocaíocht nó dá ndéanfar an ní léi nó leis amháin is dá mba é an páirtnéir sibhialta eile a thug nó a rinne í nó é.

[2010.] *An tAcht um Páirtneireacht Sibhialta [Uimh. 24.] agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.*

Cd.4 A.31

(2) Ní dhéanann aon ní i *bhfo-alt (1)* difear d'aon éileamh ón bpáirtneír sibhialta céadluaite i gcoinne an pháirtnéara sibhialta eile i dtaobh leasa san áras comhroinnte de bhua na híocaíochta arna tabhairt nó an ní arna dhéanamh.

32.—(1) Féadfaidh an chúirt imeachtaí i gcaingean arna tionscnamh ag morgáistí nó ag léasóir i ndáil le neamhíoc i gcoinne páirtnéara sibhialta agus ina n-éileofar seilbh ar an áras comhroinnte nó é a dhíol a chur ar atráth, má dhealraíonn sé don chúirt—

Atráthú imeachtaí ag morgáistí nó ag léasóir chun seilbh a fháil ar áras comhroinnte nó chun é a dhíol.

(a) go bhfuil an páirtneír sibhialta eile in ann na riaráistí airgid (seachas na riaráistí príomhshuime nó úis nó cíosa nach cuid de na híocaíochtaí tréimhsiúla a dhlitear faoin morgáiste nó faoin léas) atá dlite faoin morgáiste nó faoin léas a íoc laistigh de thréimhse réasúnach leis an morgáistí nó leis an léasóir, mar aon le híocaíochtaí tréimhsiúla a thiochfaidh chun bheith dlite faoin morgáiste nó faoin léas sa todhchaí, agus gur mian leis an bpáirtneír sibhialta eile na riaráistí agus na híocaíochtaí tréimhsiúla a íoc, agus

(b) go mbeadh sé cóir agus cothromasach déanamh amhlaidh, sna himthosca go léir agus ag féachaint do leasanna an mhorgáistí nó an léasóra, do leasanna faoi seach na bpáirtneírí sibhialta agus do théarmaí an mhorgáiste nó an léasa.

(2) Le linn breithniú a dhéanamh i dtaobh ar chóir na himeachtaí a chur ar atráth faoin alt seo agus, má dhéantar amhlaidh, cad é an tréimhse agus cad iad na téarmaí don atráthú, beidh aird ar leith ag an gcúirt ar cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil sé curtha in iúl don pháirtneír sibhialta eile ag an morgáistí nó an léasóir, nó thar a cheann nó thar a ceann nó ar shlí eile, maidir le haon cheann de na suimeanna atá i gceist, nár íocadh í.

33.—Féadfaidh an chúirt, le hordú, a dhearbhu, ar iarratas ag páirtneír sibhialta, nach bhfuil aon éifeacht chun críocha imeachtaí faoi *alt 32*, le téarma morgáiste nó léasa ar dá bhua a bheidh suim dlite, seachas íocaíochtaí tréimhsiúla a bheidh dlite faoin morgáiste nó faoin léas, más rud é, tar éis na himeachtaí a chur ar atráth faoin alt seo go ndealraíonn sé don chúirt—

Modhnú ar théarmaí morgáiste nó léasa maidir le híoc suime caipitiúla.

(a) go ndearnadh na riaráistí go léir (seachas na riaráistí príomhshuime nó úis nó cíosa nach cuid de na híocaíochtaí tréimhsiúla a dhlitear faoin morgáiste nó faoin léas nó airgead a dhlitear faoin morgáiste nó faoin léas) agus na híocaíochtaí tréimhsiúla go léir a bhí dlite amháil ar dháta an ordaithe a íoc, agus

(b) go leanfar de na híocaíochtaí tréimhsiúla a thiochfaidh chun bheith dlite ina dhiaidh sin a íoc.

34.—(1) Féadfaidh an chúirt, ar iarratas ó pháirtneír sibhialta, le hordú, ar cibé téarmaí is cuí léi, a thoirmeasc ar an bpáirtneír sibhialta eile airnéisí tí a dhiúscairt nó a bhaint as an áras comhroinnte, más é tuairim na cúirte go bhfuil forais réasúnacha ann chun a chreidiúint go bhfuil sé ar intinn ag an bpáirtneír sibhialta eile déanamh amhlaidh agus go bhfágfadh sé go mbeadh sé deacair

Srian le hairnéisí tí a dhiúscairt.

[Uimh. 24.] *An tAcht um Páirtnéireacht Sibhialta* [2010.]
agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe
de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.

ag an iarratasóir cónaí san áras comhroinnte gan cruatan míchuí dá ndéanfaí na hairnéisí tí a dhiúscairt nó a bhaint as.

(2) I gcás go bhfuil imeachtaí tionscanta ag páirtnéir sibhialta chun páirtnéireacht sibhialta a scaoileadh, ní dhéanfaidh ceachtar páirtnéir sibhialta aon cheann de na hairnéisí tí atá san áras comhroinnte a dhíol, a léasú, a chur i ngeall, a mhuirearú ná a dhiúscairt ar dhóigh eile, ná a bhaint as, go dtí go mbeidh na himeachtaí cinnte go críochnaitheach, mura rud é—

- (a) gur thoiligh an páirtnéir sibhialta eile leis an diúscairt nó leis an mbaint as, nó
- (b) go ndéanfaidh an chúirt ar tionscnaíodh na himeachtaí os a comhair, ar iarratas ag an bpáirtnéir sibhialta ar mian leis nó léi an diúscairt nó an bhaint as a dhéanamh, cead a thabhairt don pháirtnéir sibhialta déanamh amhlaidh fara nó d'éagmais coinníollacha.

(3) Gan dochar d'aon dliteanas sibhialta nó coiriúil eile, aon pháirtnéir sibhialta a sháróidh *fo-alt* (2), déanfaidh sé nó sí cion agus dlífear ar é nó í a chiontú go hachomair fíneáil nach mó ná €127 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(4) Féadfaidh an chúirt a ordú, ar iarratas ó pháirtnéir sibhialta, go ndéanfadh an páirtnéir sibhialta eile airnéisí tí nó suim airgid a sholáthar don iarratasóir, d'fhonn an t-iarratasóir a chur, a mhéid is féidir, sa riocht ina raibh sé nó sí—

- (a) sular sháraigh an páirtnéir sibhialta eile ordú faoi *fho-alt* (1) nó (2), nó
- (b) sula ndearna an páirtnéir sibhialta eile an líon sin nó an cion sin de na hairnéisí tí san áras comhroinnte a dhíol, a léasú, a chur i ngeall, a mhuirearú nó a dhiúscairt ar dhóigh eile nó a bhaint as, a d'fhág gur deacair nó gur dócha go mbeadh sé deacair ag an iarratasóir cónaí san áras comhroinnte gan cruatan míchuí.

(5) In imeachtaí faoin alt seo, féadfaidh an chúirt ordú a dhéanamh a dhealraíonn di a bheith cuí sna himthosca, a bheidh dírithe chuig tríú duine a cuireadh ar an eolas i scríbhinn ag páirtnéir sibhialta sular tionscnaíodh na himeachtaí, maidir le diúscairt a bheidh beartaithe ag an bpáirtnéir sibhialta eile chuig an tríú duine.

(6) Chun críocha an ailt seo, ciallaíonn “airnéisí tí” maoin phearsanta a úsáidtear de ghnáth i dteach agus foláíonn sé earraí gairdín agus ainmhithe tí, ach ní fholáíonn sé airgead ná aon airnéisí a úsáideann ceachtar páirtnéir sibhialta chun críocha gnó nó gairme.

Uamadh páirtithe.

35.—In aon imeachtaí faoin gCuid seo, nó dá dtagraítear sa Chuid seo, féadfar gach duine de na páirtnéirí sibhialta chomh maith le haon tríú duine a bhfuil, nó a bhféadfaidh sé go mbeadh, leas aige nó aici sna himeachtaí a uamadh—

- (a) trí fhógra tríú páirtí a sheirbheáil air nó uirthi ag páirtí atá páirteach cheana féin sna himeachtaí, nó
- (b) le hordú ón gcúirt.

[2010.] *An tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta [Uimh. 24.] agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.*

CD.4

36.—(1) Féadfaidh páirtnéir sibhialta fógra a thaisceadh leis an Údarás Clárúcháin Maoine á rá gur páirtnéir sibhialta é nó í de chuid duine ag a bhfuil leas i maoin nó i dtalamh.

Fógra a chlárú i dtaobh páirtnéireacht sibhialta a bheith ann.

(2) Clárófar fógra faoi *fho-alt (1)* i gClárlann na nGníomhas nó i gClárlann na Talún, de réir mar is cuí.

(3) Ní bheidh aon dleacht stampa ná táille iníoctha i leith aon fhógra den sórt sin.

(4) I gcás nach bhfuil fógra i dtaobh páirtnéireachta sibhialta cláraithe faoi *fho-alt (1)*, ní bhainfear de thatal as sin nach ann do pháirtnéireacht sibhialta.

37.—Níl feidhm ag alt 59(2) den Acht um Chlárú Teidil 1964 (lena dtagraítear d'fhorálacha aon aachtacháin lena sriantar déileálacha i dtalamh a nótáil ar an gclár) maidir leis an gCuid seo.

Srian le halt 59(2) den Acht um Chlárú Teidil 1964.

38.—Ní bheidh aon táille chlárúcháin talún, táille de chuid Chlárlann na nGníomhas ná táille chúirte iníoctha ar aon idirbheart lena gcruthófar nascthionóntacht idir páirtnéirí sibhialta maidir le háras comhroinnte, más rud é go raibh an t-áras ar úinéireacht díreach roimh an idirbheart sin ag ceachtar páirtnéir sibhialta nó ag an dá pháirtnéir sibhialta ar dhóigh seachas mar nascthionóntaí.

Cruthú nascthionóntachta in áras comhroinnte a bheith díolmhaithe ó tháillí.

39.—(1) Déanann duine cion, más rud é—

Cionta.

(a) go bhfuil leas aige nó aici in áitreabh,

(b) go gceanglaítear i scríbhinn air nó uirthi ag duine nó thar cheann duine a bheartaíonn an leas a fháil faisnéis a thabhairt a bheidh riachtanach chun a fháil amach an bhfuil gá le toiliú faoi *alt 28(1)* chun an leas sin a thíolacadh, agus

(c) go dtugann sé nó sí go feasach faisnéis atá bréagach nó míthreorach in aon phonc ábhartha.

(2) Aon duine a dhéanann cion faoi *fho-alt (1)*, dlífear—

(a) ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná €254 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, nó

(b) ar é nó í a chiontú ar díotáil, príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 5 bliana a chur air nó uirthi.

40.—Leasaítear an tAcht um Thionóntachtaí Cónaithe 2004—

Tionóntachtaí áirithe a chosaint.

(a) trí “, páirtnéir sibhialta de réir bhrí an *Achta um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí 2010*” a chur isteach i ndiaidh “céile” in alt 3(2)(h) agus i ndiaidh “chéile” in alt 35(4), agus

(b) in alt 39(3)(a)(i), trí “nó páirtnéir sibhialta de réir bhrí an *Achta um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus*

Cd.4 A.40 [Uimh. 24.] *An tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta* [2010.]
agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe
de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.
Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí 2010 a
chur isteach i ndiaidh “céile”.

Tionóntachtaí
áirithe a chosaint. **41.**—(1) San alt seo, ciallaíonn “Acht 1982” Acht na dTithe
(Teaghaisí Príobháideacha ar Cíos) 1982.

(2) Leasaítear alt 9 d’Acht 1982 i bhfo-alt (2) trí “nó páirtnéir
sibhialta de réir bhrí an *Achta um Páirtnéireacht Shibhialta agus um*
Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí 2010”
a chur isteach i ndiaidh “céile” agus trí “nó an pháirtnéara sibhialta
de réir bhrí an *Achta um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta*
agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí 2010” a chur
isteach i ndiaidh “an chéile”.

(3) Leasaítear alt 16(1) d’Acht 1982 trí “nó riachtanais chónaithe
agus riachtanais eile an tionónta nó pháirtnéir sibhialta an tionónta
de réir bhrí an *Achta um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta*
agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí 2010” a chur
isteach i ndiaidh “teaghais” san áit dheireanach a bhfuil sé.

(4) Leasaítear alt 22 d’Acht 1982 trí “nó páirtnéir sibhialta de réir
bhrí an *Achta um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus*
Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí 2010” a chur isteach
i ndiaidh “céile” agus trí “nó an pháirtnéara sibhialta de réir an
Achta um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí
Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí 2010” a chur isteach i ndiaidh
“an chéile”.

Leasú ar an Acht
um Chúnamm
Dlíthiúil Sibhialta
1995. **42.**—Leasaítear alt 28(9)(c)(i) den Acht um Chúnamm Dlíthiúil
Sibhialta 1995 trí “nó imeachtaí de dhroim díospóide idir céilí maidir
le teideal chun aon mhaoine nó seilbh aon mhaoine, imeachtaí faoi
Chuid 4 den *Acht um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus*
Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí 2010, nó imeachtaí
de dhroim díospóide idir páirtnéirí sibhialta de réir bhrí an Achta sin
maidir le teideal chun aon mhaoine nó seilbh aon mhaoine;” a chur
in ionad “nó imeachtaí de dhroim díospóide idir céilí maidir le
teideal chun aon mhaoine nó seilbh aon mhaoine;”.

CUID 5

PÁIRTNÉIR SIBHIALTA A CHOOTHABHÁIL

Léiriú. **43.**—(1) Sa Chuid seo—
ciallaíonn “réamh-ordú”—
(a) ordú cothabhála,
(b) ordú athrúcháin,
(c) ordú eatramhach,
(d) ordú faoi *alt 48* a mhéid a mheastar faoin alt sin gur ordú
cothabhála é, nó
(e) ordú le haghaidh cothabhála go dtí go ndéanfar agra faoi
alt 116 nó ordú um íocaíochtaí tréimhsiúla nó ordú um
íocaíochtaí tréimhsiúla urraithe faoi *Chuid 12*;

[2010.] *An tAcht um Páirtnéireacht Sibhialta [Uimh. 24.] agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.*

Cd.5 A.43

ciallaíonn “ordú astaithe tuillimh” ordú faoi *alt 53*;

folaíonn “tréigean” iompar ag páirtnéir sibhialta amháin arb é a thoradh go n-imíonn an páirtnéir sibhialta eile, agus cúis chóir aige nó aici, ón gcéad pháirtnéir sibhialta agus go gcónaíonn sé nó sí ar leith ón bpáirtnéir sibhialta sin;

ciallaíonn “tuilleamh” aon suimeanna is iníoctha le duine—

- (a) ar mhodh pá nó tuarastail (lena n-áirítear aon táillí, bónas, coimisiún, pá breis-ama nó díolaíochtaí eile is iníoctha i dteannta pá nó tuarastail nó is iníoctha faoi chonradh seirbhíse), agus
- (b) ar mhodh pinsin nó sochair eile dá shamhail i leith fostaíochta (lena n-áirítear blianacht i leith seirbhíse san aimsir atá caite, cibé acu is don duine a íocann an bhlianacht a rinneadh iad nó nach ea, agus lena n-áirítear íocaíochtaí tréimhsiúla ar mhodh cúitimh as díolaíochtaí aon oifige nó fostaíochta a chailliúint, as deireadh a bheith curtha leo nó as scaradh leo, nó as iad a bheith laghdaithe);

ciallaíonn “ordú eatramhach” ordú faoi *alt 47*;

ciallaíonn “creidiúnaí cothabhála”, i ndáil le hordú faoin gCuid seo, nó i ndáil le himeachtaí de dhroim an ordaithe, an páirtnéir sibhialta a rinne iarratas ar an ordú;

ciallaíonn “féichiúnaí cothabhála” duine ar a gceanglaítear le hordú dá dtagraítear in aon cheann de *mhíreanna (a) go (e)* den mhíniú ar “réamh-ordú” íocaíochtaí a dhéanamh;

ciallaíonn “ordú cothabhála” ordú faoi *alt 45*;

tá le “gnáth-ráta asbhainte” agus “ráta tuillimh chosanta” na bríonna a shanntar dóibh faoi seach in *alt 53*;

ciallaíonn “ordú athrúcháin” ordú faoi *alt 46* lena n-athraítear ordú cothabhála.

(2) Faoi réir *alt 59*, measfar baint fostaí le fostóir a bheith ag beirt daoine le chéile má dhéanann duine acu mar phríomhaí agus ní mar sheirbhíseach nó mar ghníomhaire tuilleamh a íoc leis an duine eile.

(3) Folaíonn tagairtí sa Chuid seo do chléireach Cúirte Dúiche tagairtí dá chomharba nó dá comharba in oifig chléireach Cúirte Dúiche agus d’aon duine atá ag gníomhú thar a cheann nó thar a ceann.

44.—Tosóidh íocaíocht thréimhsiúil faoi ordú faoin gCuid seo ar an dáta a bheidh sonraithe san ordú ar dáta é a fhéadfaidh a bheith roimh nó tar éis an dáta a dhéanfar an t-ordú ach nach bhféadfaidh a bheith níos luaithe ná dáta an iarratais ar an ordú.

Nuair a thosóidh íocaíochtaí tréimhsiúla.

45.—(1) Faoi réir *fho-alt (3)*, i gcás go ndealraíonn sé don chúirt, ar iarratas chuici ag páirtnéir sibhialta, gur mhainnigh an páirtnéir sibhialta eile cothabháil is cuí sna himthosca a sholáthar don iarratasóir, féadfaidh an chúirt ordú a dhéanamh go n-íocfaidh an páirtnéir sibhialta eile leis an iarratasóir íocaíochtaí tréimhsiúla chun

Ordú cothabhála.

[Uimh. 24.] *An tAcht um Páirtneireacht Shibhialta* [2010.]
agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe
de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.

an t-iarratasóir a chothabháil, go ceann na tréimhse le linn don iarratasóir a bheith beo, den mhéid agus ag na tráthanna is cuí leis an gcúirt.

(2) Ní dhéanfaidh an chúirt ordú cothabhála chun iarratasóir a chothabháil i gcás gur thréig sé nó sí an páirtneír sibhialta eile agus go leanann sé nó sí de thréigean an pháirtnéara sibhialta eile, mura rud é, ag féachaint do na himthosca go léir, lena n-áirítear iompar an pháirtnéara sibhialta eile, gurb é tuairim na cúirte go mbeadh sé éagórach sna himthosca go léir gan ordú cothabhála a dhéanamh.

(3) Le linn don chúirt breith a thabhairt i dtaobh ordú cothabhála a dhéanamh agus, má chinneann sí é a dhéanamh, le linn di méid aon focaíochta a chinneadh, beidh aird aici ar imthosca uile an cháis lena n-áirítear—

- (a) ioncam, cumas tuillimh, maoin agus acmhainní airgeadais eile na bpáirtneírí sibhialta, lena n-áirítear ioncam nó sochair chun a bhfuil teideal le reacht nó faoi reacht ag ceachtar páirtneír sibhialta,
- (b) freagrachtaí airgeadais agus freagrachtaí eile—
 - (i) na bpáirtneírí sibhialta i leith a chéile,
 - (ii) gach páirtneára sibhialta mar thuismitheoir i leith aon leanaí cleithiúnacha, agus riachtanais aon leanaí cleithiúnacha, lena n-áirítear an riachtanas maidir le haire agus aireachas, agus
 - (iii) gach páirtneára sibhialta i leith aon iarchéile nó iarpháirtneára sibhialta,
 agus
- (c) iompar gach duine de na páirtneírí sibhialta, más iompar é sin a mbeadh sé éagórach, i dtuairim na cúirte, sna himthosca go léir, neamhaird a thabhairt air.

Ordú cothabhála a
 urscaoileadh, a
 athrú agus a
 fhoirceannadh.

46.—(1) Féadfaidh an chúirt ordú cothabhála a urscaoileadh aon tráth tar éis bliana ó thráth a dhéanta, ar iarratas ón bhféichiúnaí cothabhála, i gcás go ndealraíonn sé don chúirt, ag féachaint do thaifead focaíochtaí an fhéichiúnaí cothabhála de bhun an ordaithe agus d'imthosca eile an cháis, nach ndochróidh an t-urscaoileadh an creidiúnaí cothabhála.

(2) Féadfaidh an chúirt ordú cothabhála a urscaoileadh nó a athrú aon tráth, ar iarratas ó cheachtar páirtí, más cuí léi é sin a dhéanamh ag féachaint d'aon imthosca nach raibh ann nuair a rinneadh an t-ordú (lena n-áirítear iompar gach duine de na páirtneírí sibhialta, más iompar é sin a gcreideann an chúirt gur iompar é a mbeadh sé éagórach, sna himthosca go léir, neamhaird a thabhairt air) nó, má athraíodh é, an uair dheireanach a athraíodh é, nó d'aon fhianaise nach raibh fáil uirthi ag an bpáirtí sin nuair a rinneadh an t-ordú cothabhála nó, má athraíodh é, an uair dheireanach a athraíodh é.

(3) D'ainneoin *fho-ailt (1)* agus (2), urscaoilfidh an chúirt, ar iarratas chuici, an chuid sin d'ordú cothabhála lena ndéantar socrú chun creidiúnaí cothabhála a chothú i gcás go ndealraíonn sé di gur thréig an creidiúnaí cothabhála an féichiúnaí cothabhála agus go leanann sé nó sí den tréigean mura rud é, ag féachaint do na himthosca go léir (lena n-áirítear iompar an fhéichiúnaí cothabhála) gurb é tuairim na cúirte go mbeadh sé éagórach déanamh amhlaidh.

47.—Ar iarratas ar ordú cothabhála a bheith déanta chun na cúirte, féadfaidh an chúirt, sula gcinneadh sí cé acu an ndéanfaidh sí an t-ordú nó an ndiúltoídh sí é a dhéanamh, ordú a dhéanamh go n-íocfaidh an féichiúnaí cothabhála leis an iarratasóir, ar feadh tréimhse cinnte a shonrófar san ordú nó go dtí go ndéanfaidh an chúirt breithniú ar an iarratas, suim thréimhsiúil is cuí i dtuairim na cúirte, má dhealraíonn sé don chúirt gur cuí é sin a dhéanamh ag féachaint do riachtanais an iarratasóra agus d'imthosca eile an cháis. Ordú eastramhach.

48.—(1) Ar iarratas ag páirtnéir sibhialta amháin nó uathu araon, féadfaidh an chúirt ordú a dhéanamh faoin alt seo más deimhin léi go ndéanfaí leasanna na bpáirtnéirí sibhialta a chosaint go leordhóthanach ach déanamh amhlaidh. Orduithe i leith comhaontuithe áirithe idir páirtnéirí sibhialta.

(2) Féadfar le hordú faoin alt seo foráil i gcomhaontú i scríbhinn arna dhéanamh ag na páirtnéirí sibhialta a dhéanamh de riail cúirte—

(a) lena ngeallfaidh páirtnéir sibhialta amháin íocaíochtaí tréimhsiúla a íoc i leith chothabháil an pháirtnéara sibhialta eile, nó

(b) lena rialaítear cearta agus dliteanais na bpáirtnéirí sibhialta i leith a chéile maidir le híocaíochtaí (seachas íocaíochtaí dá dtagraítear i *mír (a)*) a dhéanamh nó a urrú, nó lena rialaítear diúscairt nó úsáid aon mhaoine.

(3) Measfar gur ordú cothabhála chun críocha *alt 50, Chuid 6* agus *alt 140* aon ordú faoi *fho-alt (2)(a)*.

49.—(1) Ar iarratas chuici ag ceachtar páirtnéir sibhialta in iarratas faoi *alt 47*, féadfaidh an chúirt ordú a dhéanamh á ordú d'iontaobhaithe scéime pinsin ina bhfuil ceachtar páirtnéir sibhialta nó ina bhfuil siad araon ina gcomhaltaí, gan féachaint d'idirscaradh na bpáirtnéirí sibhialta mar fhoras chun ceachtar díobh a dhícháiliú chun sochar a fháil faoin scéim a cheanglódh de ghnáth go mbeadh na páirtnéirí sibhialta in aontíos an tráth a thiocfaidh an sochar chun a bheith infoctha. Teidil chun pinsean a chaomhnú.

(2) Tabharfaidh an t-iarratasóir fógra i dtaobh iarratais faoi *fho-alt (1)* d'iontaobhaithe na scéime pinsean agus, le linn di breith a thabhairt i dtaobh ordú a dhéanamh faoi *fho-alt (1)*, tabharfaidh an chúirt aird ar aon ordú a bheidh déanta aici, nó a bheartóidh sí a dhéanamh, i ndáil leis an iarratas ag an bpáirtnéir sibhialta nó ag na páirtnéirí sibhialta faoi *alt 48* agus ar aon uirill a dhéanfaidh na hiontaobhaithe sin i ndáil leis an ní.

(3) Maidir leis na costais a thabhóidh na hiontaobhaithe faoi *fho-alt (2)*, nó le linn ordú faoi *fho-alt (1)* a chomhlíonadh, féadfaidh an chúirt an modh ar a n-íomprófar iad a chinneadh, lena n-áirítear ag ceachtar páirtnéir sibhialta nó acu araon sna comhréireanna a chinnfidh an chúirt.

(4) San alt seo, tá le “scéim pinsean” an bhrí a shanntar dó le *halt 109*.

Cd.5

[Uimh. 24.] *An tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta* [2010.]
agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe
de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.

Íocaíochtaí a tharchur trí chléireach Cúirte Dúiche.

50.—(1) I gcás go ndéanfaidh an chúirt ordú cothabhála, ordú athrúcháin nó ordú eatramhach, déanfaidh an chúirt—

- (a) a ordú go ndéanfar íocaíochtaí faoin ordú leis an gcléireach Cúirte Dúiche, mura n-iarrfaidh an creidiúnaí cothabhála ar an gcúirt gan déanamh amhlaidh agus mura measfaidh an chúirt gur chóir gan déanamh amhlaidh, agus
- (b) i gcás nach mbeidh ordachán tugtha ag an gcúirt faoi *mhír (a)*, a ordú, aon tráth tar éis an t-ordú a dhéanamh agus ar iarratas ón gcreidiúnaí cothabhála, go ndéanfar na híocaíochtaí leis an gcléireach Cúirte Dúiche.

(2) I gcás go mbeidh riaráiste ann maidir le híocaíochtaí leis an gcléireach Cúirte Dúiche faoin alt seo, déanfaidh cléireach na Cúirte Dúiche, má iarrann an creidiúnaí cothabhála air nó uirthi i scríbhinn déanamh amhlaidh, na bearta a mheasfaidh sé nó sí a bheith réasúnach sna himthosca chun na suimeanna riaráiste a ghnóthú cibé acu trí imeachtaí le haghaidh ordaithe astaithe tuillimh nó ar shlí eile.

(3) Féadfaidh an chúirt, ar iarratas ón bhféichiúnaí cothabhála agus tar éis deis a thabhairt don chreidiúnaí cothabhála cur in aghaidh an iarratais, ordachán faoi *fho-alt (1)* a urscaoileadh más deimhin léi gur chuí déanamh amhlaidh, ag féachaint do thairfead na n-íocaíochtaí a rinneadh leis an gcléireach Cúirte Dúiche agus do na himthosca eile go léir.

(4) Déanfaidh an cléireach Cúirte Dúiche aon íocaíochtaí a dhéantar de bhua an ailt seo a tharchur chuig an gcreidiúnaí cothabhála.

(5) Ní dhéanann aon ní san alt seo difear d'aon cheart atá ag duine imeachtaí a thionscnamh ina ainm nó ina hainm féin chun suim a ghnóthú is iníochta, ach nár íocadh, leis an gcléireach Cúirte Dúiche de bhua an ailt seo.

(6) Aon tagairtí san alt seo don chléireach Cúirte Dúiche, is tagairtí iad don chléireach Cúirte Dúiche sa dúiche Cúirte Dúiche a chinnfidh an chúirt lena mbaineann ó am go ham.

Orduithe cothabhála cnapshuime.

51.—(1) Féadfaidh an chúirt, ar ordú cothabhála faoi *alt 45* a dhéanamh, a ordú don fhéichiúnaí cothabhála, i dteannta nó in ionad an ordaithe sin, íocaíocht cnapshuime nó íocaíochtaí cnapshuime a dhéanamh leis an gcreidiúnaí cothabhála de cibé méid nó méideanna agus ar cibé tráth nó tráthanna a shonrófar san ordú.

(2) Is é a bheidh i méid nó i méid comhiomlán íocaíochta cnapshuime nó íocaíochtaí cnapshuime le creidiúnaí cothabhála faoi ordú faoin alt seo—

- (a) más in ionad ordaithe chun íocaíochtaí tréimhsiúla a dhéanamh leis an gcreidiúnaí cothabhála an t-ordú, cibé méid is cuí leis an gcúirt ag féachaint do mhéid na n-íocaíochtaí tréimhsiúla a dhéanfaí, agus do na tréimhsí ar lena linn a dhéanfaí iad agus na tráthanna ar a ndéanfaí iad, murach an t-alt seo, agus
- (b) más i dteannta ordaithe chun íocaíochtaí tréimhsiúla a dhéanamh leis an gcreidiúnaí cothabhála an t-ordú céadluaite, cibé méid is cuí leis an gcúirt ag féachaint do

[2010.] *An tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta [Uimh. 24.] agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.*

Cd.5 A.51

mhéid na n-íocaíochtaí tréimhsiúla agus do na tréimhsí ar lena linn a dhéanfar iad agus na tráthanna ar a ndéanfar iad.

(3) Ní mó ná €6,350 méid nó méid comhiomlán íocaíochta cnapshuime nó íocaíochtaí cnapshuime dá bhforáiltear in ordú ón gCúirt Dúiche faoin alt seo.

52.—Féadfaidh an chúirt, ar ordú cothabhála faoi *alt 45* a dhéanamh nó aon tráth tar éis ordú den sórt sin a dhéanamh, ar iarratas chuici ag aon duine ag a bhfuil leas sna himeachtaí, a ordú don fhéichiúnaí cothabhála lena mbaineann é a urrú don chreidiúnaí cothabhála lena mbaineann. Orduithe urraithe.

CUID 6

ASTÚ TUILLIMH

53.—(1) Chun críocha na Coda seo—

Ordú astaithe tuillimh.

ciallaíonn “ordú astaithe tuillimh” ordú á ordú go ndéanfaidh fostóir asbhaintí tréimhsiúla ina mbeidh na méideanna iomchuí a shonraítear san ordú a asbhaint as tuilleamh an fhéichiúnaí cothabhála, na tráthanna a shonraítear san ordú, ag féachaint don ghnáth-ráta asbhainte agus don ráta tuillimh chosanta;

ciallaíonn “cúirt”—

- (a) an Ard-Chúirt, maidir le hiarratas faoin gCuid seo arna dhéanamh ag duine ar ar iarratas uaidh nó uaithi a rinne an Ard-Chúirt réamh-ordú,
- (b) an Chúirt Chuarda iomchuí, maidir le hiarratas faoin gCuid seo arna dhéanamh ag duine ar ar iarratas uaidh nó uaithi a rinne an chúirt sin réamh-ordú, agus
- (c) an Chúirt Dúiche, maidir le hiarratas faoin gCuid seo arna dhéanamh—
 - (i) ag duine ar ar iarratas uaidh nó uaithi a rinne an Chúirt Dúiche réamh-ordú, nó
 - (ii) ag cléireach Cúirte Dúiche a gceanglaítear íocaíochtaí a dhéanamh leis nó léi faoi réamh-ordú;

folaíonn “fostóir” iontaobhaí scéime pinsean faoina bhfuil sochair phinsin thréimhsiúla á bhfáil ag an bhféichiúnaí cothabhála;

ciallaíonn “gnáth-ráta asbhainte” an ráta a measfaidh an Chúirt gur réasúnach an tuilleamh lena mbaineann an t-ordú astaithe tuillimh a chur chun feidhme dá réir le linn an réamh-ordú a chomhlíonadh, is ráta nach mó ná an ráta a dhealraíonn don chúirt is gá—

- (a) chun a áirithiú go n-íocfar na suimeanna a bheidh le híoc ó am go ham faoin réamh-ordú, agus
- (b) chun a áirithiú, maidir le haon suimeanna a bheidh dlite cheana féin faoin réamh-ordú agus gan íoc agus aon

[Uimh. 24.] *An tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta* [2010.]
agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe
de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.

chostais a tabhaíodh in imeachtaí i ndáil leis an réamh-ordú agus is iníoctha ag an bhféichiúnaí cothabhála, go n-focfar iad laistigh de thréimhse réasúnach;

ciallaíonn “ráta tuillimh chosanta” an ráta ar dóigh leis an gcúirt, ag féachaint do riachtanais an fhéichiúnaí cothabhála, nach cuí an tuilleamh iomchuí a laghdú faoina bhun trí íocaíocht arna déanamh de bhun an ordaithe astaithe tuillimh.

(2) Féadfaidh an chúirt, ar iarratas chuici chuige sin, ordú astaithe tuillimh a dhéanamh, más deimhin léi gur duine an féichiúnaí cothabhála a bhfuil tuilleamh le híoc leis nó léi agus gurb inmhianaithe an t-ordú chun íocaíochtaí a áirithiú faoi réamh-ordú agus faoi aon leasuithe, athruithe agus daingnithe air.

(3) An chúirt a dhéanfaidh réamh-ordú, nó ordú lena ndéantar, lena n-athraítear nó lena ndaingnítear réamh-ordú ar achomharc, déanfaidh sí ordú astaithe tuillimh sna himeachtaí céanna más deimhin léi na nithe a luaitear i *bhfo-alt* (2).

(4) Aon duine a ndíreofar ordú astaithe tuillimh chuige nó chuici, íocfaidh sé nó sí na méideanna a ordófar a asbhaint—

(a) i gcás réamh-ordaithe iomchuí is ordú cothabhála infhorfheidhmithe, leis an gcléireach Cúirte Dúiche a shonrófar san ordú lena dtarchur chuig an gcreidiúnaí cothabhála, agus

(b) in aon chás eile, de réir mar a shonrófar san ordú, leis an gcreidiúnaí cothabhála nó leis an gcléireach Cúirte Dúiche a shonrófar san ordú lena dtarchur chuig an gcreidiúnaí cothabhála.

(5) Sula dtabharfaidh an chúirt breith i dtaobh an ndéanfaidh sí ordú astaithe tuillimh nó an ndiúltóidh sí é a dhéanamh, tabharfaidh sí deis don fhéichiúnaí cothabhála uiríll a dhéanamh, agus beidh aird aici ar aon uiríll a dhéanfar, agus a bhaineann leis na nithe seo a leanas—

(a) an duine a bhfuil tuilleamh le híoc leis nó léi an féichiúnaí cothabhála, agus

(b) an ndéanfadh sé nó sí na híocaíochtaí lena mbaineann an t-ordú iomchuí.

(6) Áireoidh an chúirt in ordú astaithe tuillimh na sonraí is gá chun go bhféadfaidh an duine a mbeidh an t-ordú dírithe chuige nó chuici an féichiúnaí cothabhála a shainnithint.

(7) Maidir le híocaíochtaí a dhéanfar faoi ordú astaithe tuillimh, is íocaíochtaí iad in ionad íocaíochtaí ar cóimhéis leo faoin réamh-ordú agus nach ndearnadh agus, mura mbeadh an t-ordú astaithe tuillimh, a bheadh le déanamh faoin réamh-ordú.

Ordú astaithe
 tuillimh a
 chomhlíonadh.

54.—(1) Cuirfidh an cláraitheoir cúirte nó an cléireach cúirte a shonrófar san ordú astaithe tuillimh faoi deara an t-ordú a sheirbheáil ar an duine a mbeidh sé dírithe chuige nó chuici agus ar aon duine a thiocfaidh chun bheith ina fhostóir nó ina fostóir ag an bhféichiúnaí cothabhála dá éis sin agus a dtiocfaidh an cláraitheoir nó an cléireach ar an eolas faoi nó fúithi.

[2010.] *An tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta [Uimh. 24.] agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.*

Cd.6 A.54

(2) Féadfar an tseirbheáil a dhéanamh tríd an ordú nó trí chóip den ordú a fhágáil ag áit chónaithe nó áit ghnó an duine sa Stát, nó tríd an ordú nó tríd an gcóip den ordú a chur, leis an bpost cláraithe réamhíochta, chuig an áit chónaithe nó an áit ghnó sin.

(3) Duine a ndéofar ordú astaithe tuillimh chuige nó chuici, déanfaidh sé nó sí dá réir má sheirbheáiltear air nó uirthi é ach ní bheidh an duine sin faoi dhliteanas maidir le neamhchomhlíonadh sula mbeidh 10 lá caite ó seirbheáladh an t-ordú.

(4) Más rud é nach é nó í an duine a ndéofar ordú astaithe tuillimh chuige nó chuici fostóir an fhéichiúnaí cothabhála nó go scoirfidh sé nó sí de bheith ina fhostóir nó ina fostóir ag an bhféichiúnaí cothabhála, tabharfaidh an duine fógra don chúirt, laistigh de 10 lá ón dáta seirbheála nó ón dáta scoir, gur mar sin atá.

(5) Tabharfaidh an duine ráiteas i scríbhinn don fhéichiúnaí cothabhála maidir le méid iomlán gach asbhainte a dhéanfar as tuilleamh féichiúnaí cothabhála de réir ordaithe astaithe tuillimh.

55.—Maidir le híocaíochtaí a dhéanfar le cléireach Cúirte Dúiche faoi ordú astaithe tuillimh, measfar, nuair a tharchuirfidh an cléireach chuig an gcreidiúnaí cothabhála iad, gur íocaíochtaí iad a rinne an féichiúnaí cothabhála chun go n-urscaoilfear—

Suimeanna arna bhfáil ag cléireach Cúirte Dúiche a fheidhmiú.

- (a) ar an gcéad ásc, aon suimeanna is iníochta faoin réamh-ordú iomchuí, agus
- (b) ar an dara hásc, aon chostais in imeachtaí i ndáil leis an réamh-ordú is costais ab iníochta ag an bhféichiúnaí cothabhála nuair a rinneadh an t-ordú astaithe tuillimh, nó nuair a athraíodh go deireanach é.

56.—(1) Maidir le hordú astaithe tuillimh nó le hiarratas air, féadfaidh an chúirt, roimh an éisteacht nó le linn na héisteachta nó le linn don ordú a bheith i bhfeidhm—

Ráiteas maidir le tuilleamh.

- (a) a ordú don fhéichiúnaí cothabhála ráiteas sínithe i scríbhinn a thabhairt don chúirt, laistigh de thréimhse shonraithe, ina sonrúfar—
 - (i) ainm agus seoladh gach fostóra de chuid an fhéichiúnaí cothabhála,
 - (ii) sonraí i leith thuilleamh agus thuilleamh ionchasach an fhéichiúnaí cothabhála, agus a acmhainn nó a hacmhainn agus a riachtanais, agus
 - (iii) sonraí chun a chumasú do na fostóirí an fhéichiúnaí cothabhála a shainnaint,
- (b) a ordú do dhuine a ndearraíonn sé don chúirt gur fostóir de chuid an fhéichiúnaí cothabhála é nó í ráiteas arna shíniú ag an duine, nó thar a cheann nó thar a ceann, i dtaobh sonraí sonraithe i leith thuilleamh agus thuilleamh ionchasach an fhéichiúnaí cothabhála a thabhairt don chúirt laistigh de thréimhse shonraithe.

(2) Maidir le fógra faoi iarratas ar ordú astaithe tuillimh arna sheirbheáil ar fhéichiúnaí cothabhála, féadfaidh ceanglas a bheith

Cd.6 A.56

[Uimh. 24.] *An tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta* [2010.]
agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe
de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.

ann go dtabharfaidh an féichiúnaí cothabhála ráiteas i scríbhinn don chúirt, laistigh den tréimhse agus ar an modh a shonrófar san fhógra, is ráiteas ina mbeidh na nithe dá dtagraítear i bhfo-alt (1)(a) agus aon nithe eile a bhaineann le hábhar, nó a fhéadfaidh a bheith bainteach le hábhar, maidir le cinneadh an ghnáthráta asbhainte agus an ráta tuillimh chosanta a bheidh le sonrú san ordú.

(3) Maidir le ráiteas a thabharfar don chúirt, in aon imeachtaí i ndáil le hordú astaithe tuillimh, mar chomhlíonadh ar ordú faoi *mhír (a)* nó *(b) d'fho-alt (1)* nó mar chomhlíonadh ar cheanglas faoi *fho-alt (2)*, beidh sé inghlactha mar fhianaise ar na fíorais a bheidh luaite sa chéanna agus, mura suífear a mhalairt, measfar gur ráiteas a tugadh amhlaidh doiciméad a airbheartóidh gur ráiteas den sórt sin é.

Fógra i dtaobh athruithe ar fhostaíocht agus ar thuilleamh.

57.—I gcás go mbeidh ordú astaithe tuillimh i bhfeidhm—

- (a) tabharfaidh an féichiúnaí cothabhála fógra i scríbhinn don chúirt a rinne an t-ordú faoi gach ócáid ar a bhfágfaidh sé nó sí fostaíocht, nó ar a dtiocfaidh sé nó sí chun bheith fostaithe nó athfhostaithe, tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dó nó di déanamh amhlaidh,
- (b) déanfaidh an féichiúnaí cothabhála, ar aon ócáid ar a dtiocfaidh sé nó sí chun bheith ar fostú nó ar athfhostú, sonraí a thuillimh nó a tuillimh agus a thuillimh ionchasaigh nó a tuillimh ionchasaigh a áireamh san fhógra, agus
- (c) aon duine a thiocfaidh chun bheith ina fhostóir nó ina fostóir ag an bhféichiúnaí cothabhála agus a bhfuil a fhios aige nó aici go bhfuil an t-ordú i bhfeidhm agus cén chúirt a rinne é, déanfaidh sé nó sí, laistigh de 10 lá ó cibé dáta is déanaí díobh seo a leanas, an dáta a thiocfaidh sé nó sí chun bheith ina fhostóir nó ina fostóir ag an bhféichiúnaí cothabhála agus an dáta a thiocfaidh sé nó sí ar an eolas, fógra i scríbhinn a thabhairt don chúirt á rá go bhfuil sé nó sí tagtha chun bheith ina fhostóir den sórt sin nó ina fostóir den sórt sin, agus áireoidh sé nó sí ráiteas san fhógra i dtaobh thuilleamh agus thuilleamh ionchasach an fhéichiúnaí.

Cumhacht chun a chinneadh an tuilleamh íocaíochtaí áirithe.

58.—(1) I gcás go bhfuil ordú astaithe tuillimh i bhfeidhm, déanfaidh an chúirt a rinne an t-ordú, ar iarratas ó fhostóir an fhéichiúnaí cothabhála, ón bhféichiúnaí cothabhála nó ón duine a ndéantar íocaíochtaí leis nó léi faoin ordú, a chinneadh, maidir le híocaíochtaí nó codanna d'íocaíochtaí a dhéantar leis an bhféichiúnaí cothabhála is íocaíochtaí d'aicme nó de thairisc áirithe a shonraítear san iarratas, an íocaíochtaí iad chun críche an ordaithe.

(2) I gcás go ndéanfaidh an fostóir iarratas faoi *fho-alt (1)*, ní bheidh an fostóir faoi dhliteanas mar gheall ar neamhchomhlíonadh an ordaithe maidir le haon íocaíochtaí nó codanna d'íocaíochtaí den aicme nó den thairisc a bheidh sonraithe leis an iarratas agus a dhéanfaidh sé nó sí fad a bheidh an t-iarratas, cinneadh i ndáil leis nó achomharc i gcoinne an chinnidh ar feitheamh.

(3) Níl feidhm ag *fo-alt (2)* má dhéanann an fostóir an t-iarratas a tharraingt siar nó an t-achomharc a thréigean dá éis sin.

[2010.] *An tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta [Uimh. 24.]
agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe
de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.*

CD.6

59.—(1) Tá feidhm ag an alt seo i gcás go bhfuil féichiúnaí cothabhála i seirbhís an Stáit, údaráis áitiúil de réir bhrí an Achta Rialtais Áitiúil 1941, údaráis cuain de réir bhrí na nAchtanna Cuanta 1946 go 2005, Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, coiste gairmoideachais a bunaíodh leis an Acht Oideachais Ghairme Beatha 1930, coiste talmhaíochta a bunaíodh leis an Acht Talmhaíochta 1931, nó comhlachta eile má íoctar a thuilleamh nó a tuilleamh go díreach as airgead arna íoc ag an Oireachtas nó as an bPríomh-Chiste, nó más comhalta de cheachtar Teach den Oireachtas é nó í.

Daoine i seirbhís an Stáit, údaráis áitiúil etc.

(2) Chun críocha na Coda seo, meastar gurb iad na hoifigigh seo a leanas fostóirí an fhéichiúnaithe cothabhála agus meastar gurb iad a d'íoc an tuilleamh a íocadh leis an bhféichiúnaí cothabhála as an bPríomh-Chiste nó as airgead arna sholáthar ag an Oireachtas:

- (a) i gcás gur i roinn, in oifig, in eagrais, i seirbhís, i ngnóthas nó i gcomhlacht eile atá an féichiúnaí cothabhála ar fostú, a príomhoifigeach nó a phríomhoifigeach, nó aon oifigeach eile a bheidh ainmnithe ó am go ham ag an Aire den Rialtas a riarann an comhlacht sin;
- (b) i gcás gur i seirbhís údaráis nó comhlachta atá an féichiúnaí cothabhála ar fostú, príomhoifigeach an údaráis nó an chomhlachta, agus
- (c) in aon chás eile, i gcás go n-íoctar an féichiúnaí cothabhála as an bPríomh-Chiste nó as airgead arna sholáthar ag an Oireachtas, Rúnaí na Roinne Airgeadais nó aon oifigeach eile a bheidh ainmnithe ó am go ham ag an Aire Airgeadais.

(3) Aon cheist a eascróidh in imeachtaí le haghaidh ordaithe astaithe tuillimh nó a eascróidh as ordú astaithe tuillimh i dtaobh cén comhlacht a fhostaíonn féichiúnaí cothabhála, féadfar í a tharchur chuig an Aire Airgeadais agus féadfaidh sé nó sí í a chinneadh, ach ní bheidh aon oibleagáid air nó uirthi breithniú a dhéanamh ar an tarchur murab í an chúirt a tharchuirfidh an cheist.

(4) Aon doiciméad a airbheartóidh cinneadh ón Aire Airgeadais faoi *fho-alt (3)* a bheith ann agus a bheith sínithe ag oifigeach don Aire sin, beidh sé inghlactha i bhfianaise in aon imeachtaí a luaitear san fho-alt sin, agus measfar, mura súffear a mhalairt, ráiteas cruinn ar an gcinneadh sin a bheith ann.

60.—(1) An chúirt a rinne ordú astaithe tuillimh, féadfaidh sí, más cuí léi, ar iarratas ón gcreidiúnaí cothabhála, ón bhféichiúnaí cothabhála nó ón gcléireach Cúirte Dúiche ar ar iarratas uaidh nó uaidh a rinneadh an t-ordú, ordú a dhéanamh lena n-urscaoiltear nó lena n-athraítear an t-ordú sin.

Ordú astaithe tuillimh a urscaoileadh, a athrú agus do dhul as feidhm.

(2) Déanfaidh an fostóir ar a seirbheálfar ordú lena n-athraítear ordú astaithe tuillimh é a chomhlíonadh ach níl sé nó sí faoi dhliteanas maidir le neamhchomhlíonadh sula mbeidh 10 lá caite ó thráth na seirbheála.

(3) Má scoireann fostóir dá ndéanann ordú astaithe tuillimh difear de bheith mar fostóir ag an bhféichiúnaí cothabhála, rachaidh an t-ordú as feidhm a mhéid a bhaineann sé leis an bhfostóir sin, ach amháin maidir le hasbhaintí as tuilleamh a íocfaidh an fostóir tar éis

Cd.6 A.60

[Uimh. 24.] *An tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta* [2010.]
agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe
de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.

an scoir agus asbhaintí a rinne an fhostóir sin aon tráth as tuilleamh a íoc leis an bhféichiúnaí cothabhála.

(4) Ní choisfidh ordú do dhul as feidhm faoi *fho-alt (3)* é do leanúint i bhfeidhm chun críocha eile.

Ordú astaithe tuillimh do scor d'éifeacht a bheith leis.

61.—(1) Scoirfidh ordú astaithe tuillimh d'éifeacht a bheith leis ar an réamh-ordú iomchuí a urscaoileadh, ach amháin maidir le híocaíochtaí faoin ordú astaithe tuillimh i leith aon ama roimh dháta an urscaoilte.

(2) Tabharfaidh cléireach nó cláraitheoir na cúirte a rinne an t-ordú astaithe tuillimh fógra faoi scor don fhostóir.

Leigheasanna eile.

62.—(1) I gcás ordú astaithe tuillimh a bheith déanta, rachaidh aon imeachtaí as feidhm a tionscnaíodh faoi alt 8(1) den Acht um Fheidhmiú Orduithe Cúirte 1940 chun an réamh-ordú iomchuí a fhorfheidhmiú agus, aon bharántas nó ordú a eisíodh nó a rinneadh faoin bhfo-alt sin, scoirfidh sé d'éifeacht a bheith aige.

(2) Scoirfidh ordú astaithe tuillimh d'éifeacht a bheith leis ar ordú a dhéanamh faoi alt 8(1) den Acht um Fheidhmiú Orduithe Cúirte 1940 chun an réamh-ordú iomchuí a fhorfheidhmiú.

Forfheidhmiú.

63.—(1) Féadfaidh creidiúnaí cothabhála nach bhfaigheann suim airgid a bheidh dlíte faoi ordú astaithe tuillimh, nó an cléireach Cúirte Dúiche a mbeidh an tsuim sin le híoc leis nó léi, agairt a dhéanamh maidir leis an tsuim mar fhiach conartha shimplí in aon chúirt dlínse inniúla, más é is cúis leis an mainneachtain an tsuim a fháil—

(a) duine do mhainneachtain, gan leithscéal réasúnach, *alt 54(3)* nó *(4)*, nó *57*, nó ordú faoi *alt 56* nó *60(2)*, a chomhlíonadh, nó

(b) duine do thabhairt ráiteas bréagach nó míthreorach faoi *alt 56(1)* nó fógra bréagach nó míthreorach faoi *alt 57*, gan leithscéal réasúnach.

(2) Aon duine a thabharfaidh do chúirt ráiteas de bhun *alt 56* nó fógra faoi *alt 57* arb eol dó nó di é a bheith bréagach nó míthreorach, tá cion déanta aige nó aici agus dlífeair ar é nó í a chiontú go hachomair fíneáil nach mó ná €254 nó príosúnacht ar feadh tréimhse nach faide ná sé mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(3) Aon duine a sháraíonn *alt 54(5)*, tá cion déanta aige nó aici agus dlífeair ar é nó í a chiontú go hachomair fíneáil nach mó ná €63 a chur air nó uirthi.

CUID 7

FORÁLACHA ILGHNÉITHEACHA A BHAINNEANN LE CODANNA 5 AGUS 6

Íocaíochtaí gan cáin ioncaim a asbhaint.

64.—Ní asbhainfeair cáin ioncaim as íocaíocht thréimhsiúil airgid a dhéanfar de bhun ordaithe cothabhála, ordaithe athrúcháin, ordaithe eatramhaigh, ordaithe faoi *alt 48* (a mhéid a mheastar gur ordú cothabhála é) nó ordaithe astaithe tuillimh.

[2010.] *An tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta [Uimh. 24.] agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.*

CD.7

65.—Déanfar na tagairtí d’ordú in ailt 8(1) agus (7) den Acht um Fheidhmiú Orduithe Cúirte 1940 (arna leasú le halt 29 den Acht um an Dlí Teaghlaigh (Cothabháil Céilí agus Leanaí) 1976, le halt 22 den Acht um an Dlí Teaghlaigh 1995 agus le halt 30 den Acht um an Dlí Teaghlaigh (Colscaradh) 1996) a fhorléiriú mar thagairtí do réamh-ordú. Leasú ar an Acht um Fheidhmiú Orduithe Cúirte 1940.

66.—Aon liúntas arna thabhairt ag páirtnéir sibhialta amháin don pháirtnéir sibhialta eile faoi chomhair caiteachais tís, agus aon mhaoín nó aon leas i maoín a fuarthas as an liúntas, is leis na páirtnéirí sibhialta mar chomhúinéirí iad, cheal aon chomhaontaithe shainráite nó intuigthe dá mhalairt eatarthu. Maoín i liúntas tís.

67.—Beidh comhaontú idir páirtnéirí sibhialta ar neamhní a mhéid a bheadh d’éifeacht leis oibriú aon fhorála i *gCuid 5* nó i *gCuid 6* a eisiamh nó a theorannú. Forálacha áirithe i gcomhaontuithe a bheith ar neamhní.

CUID 8

COMHARBAS

68.—Sa Chuid seo, ciallaíonn “Acht 1965” An tAcht Comharbais 1965. Léiriú.

69.—Leasaítear alt 3(1) d’Acht 1965—

Leasú ar alt 3 d’Acht 1965.

(a) tríd an míniú seo a leanas a chur isteach:

“ tá le ‘páirtnéir sibhialta’ an bhrí a shanntar dó leis an *Acht um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí 2010*,”

agus

(b) agus tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhíniú ar “ceart dlíthiúil”:

“ciallaíonn ‘ceart dlíthiúil’—

(a) ceart céile faoi alt 111 chun scair in eastát duine éagtha, agus

(b) ceart páirtnéara sibhialta faoi alt 111A chun scair in eastát duine éagtha;”.

70.—Leasaítear alt 56 d’Acht 1965—

Leasú ar alt 56 d’Acht 1965.

(a) tríd an leagan cuí gramadaí de “nó páirtnéir sibhialta marthanach” a chur i ndiaidh an leagain chomhfhreagraigh de “céile marthanach” gach áit a bhfuil sé, agus

(b) i bhfo-ailt (9), (10) agus (12) trí “thar a cheann nó thar a ceann féin” a chur in ionad “thar ceann an chéile féin”, agus trí “ar a eastát nó ar a heastát” a chur in ionad “ar eastát an chéile”.

Cd.8

[Uimh. 24.] *An tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta* [2010.]
agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe
de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.

Leasú ar alt 58
d'Acht 1965.

71.—Leasaítear alt 58(6) d'Acht 1965 trí “nó an páirtnéir sibhialta marthanach” a chur isteach i ndiaidh “an céile marthanach”.

Leasú ar alt 67
d'Acht 1965.

72.—Leasaítear alt 67 d'Acht 1965—

(a) i bhfo-alt 2(b), trí “de réir alt 67B(2)” a chur in ionad “de réir fho-alt (4)”, agus

(b) trí fho-ailt (3) agus (4) a aisghairm.

Ailt nua a chur
isteach in Acht
1965.

73.—Leasaítear Acht 1965 tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 67:

“Scaireanna
páirtnéara
sibhialta
mharthanaigh
agus an
tsleachta.

67A.—(1) Má fhaigheann díthiomnóir bás agus go bhfágann sé nó sí páirtnéir sibhialta ach nach bhfágfaidh sé nó sí aon sliocht, tógfaidh an páirtnéir sibhialta an t-eastát go léir.

(2) Má fhaigheann díthiomnóir bás agus go bhfágann sé nó sí páirtnéir sibhialta agus sliocht—

(a) faoi réir fho-ailt (3) go (7), tógfaidh an páirtnéir sibhialta dhá thrian den eastát; agus

(b) dáilfear an fuíoll ar an sliocht de réir alt 67B(2).

(3) Féadfaidh an chúirt, ar iarratas ag leanbh díthiomnóra a fhaigheann bás agus a fhágann páirtnéir sibhialta agus leanbh nó leanaí, a ordú soláthar a dhéanamh i gcomhair an linbh sin as eastát an díthiomnóra sa chás amháin gurb é tuairim na cúirte go mbeadh sé éagórach gan an t-ordú a dhéanamh, tar éis na himthosca go léir a bhreithniú, lena n-áirítear—

(a) a mhéid atá soláthar déanta ag an díthiomnóir don leanbh sin le linn don díthiomnóir a bheith beo,

(b) aois agus riachtanais airgeadais réasúnacha an linbh sin,

(c) staid airgeadais an díthiomnóra, agus

(d) oibleagáidí an díthiomnóra don pháirtnéir sibhialta.

(4) Cinnteoidh an chúirt, nuair a bheidh sí ag ordú méid faoi fho-alt (3) a sholáthar—

(a) nach mbeidh an méid a bhfuil teideal ag aon sliocht de chuid an díthiomnóra chuige níos lú ná an méid a mbeadh teideal aige nó aici chuige mura ndearnadh aon ordú den sórt sin, agus

[2010.] *An tAcht um Páirtnéireacht Sibhialta [Uimh. 24.] agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.*

Cd.8 A.73

(b) nach mbeidh an méid a sholáthrófar níos mó ná an méid a mbeadh teideal ag an iarratasóir chuige dá bhfaigheadh an díthiomnóir bás gan céile ná páirtneir sibhialta a fhágáil.

(5) Déanfar foráil le rialacha cúirte maidir le himeachtaí faoin alt seo a sheoladh ar mhodh achomair.

(6) Beidh na costais sna himeachtaí faoi rogha na cúirte.

(7) Ní dhéanfar ordú faoin alt seo ach amháin ar iarratas arna dhéanamh laistigh de 6 mhí ó baineadh amach i gcéaduair ionadaíocht eastát an éagaigh.

Scair sleachta i gcás nach mbeidh aon chéile marthanach ná aon pháirtneir sibhialta marthanach ann.

67B.—(1) Má fhaigheann díthiomnóir bás agus go bhfágann sé nó sí sliocht ach nach bhfágann sé nó sí aon chéile nó páirtneir sibhialta, dáilfear an t-eastát ar an sliocht de réir fho-alt (2).

(2) Más ionann an chéim ghaoil leis an éagach atá ag gach duine den sliocht, is ina scaireanna comhionanna a dhéanfar an dáileadh orthu; murab ionann, is *per stirpes* a dhéanfar é.”

74.—Leasaítear alt 68 d’Acht 1965 trí “ná páirtneir sibhialta” a chur isteach i ndiaidh “céile”. Leasú ar alt 68 d’Acht 1965.

75.—Leasaítear alt 69 d’Acht 1965 trí “ná páirtneir sibhialta” a chur isteach i ndiaidh “céile”, gach áit a bhfuil sé. Leasú ar alt 69 d’Acht 1965.

76.—Leasaítear alt 70 d’Acht 1965 trí “ná páirtneir sibhialta” a chur isteach i ndiaidh “céile”. Leasú ar alt 70 d’Acht 1965.

77.—Leasaítear alt 82(1) d’Acht 1965 trí “nó do pháirtneir sibhialta” a chur isteach i ndiaidh “do chéile”, trí “nó le páirtneir sibhialta” a chur isteach i ndiaidh “le céile” agus trí “nó faoin bpáirtneir sibhialta” a chur isteach i ndiaidh “faoin gcéile”. Leasú ar alt 82 d’Acht 1965.

78.—Leasaítear alt 83 d’Acht 1965 trí “nó páirtneir sibhialta” a chur isteach i ndiaidh “céile”. Leasú ar alt 83 d’Acht 1965.

79.—Leasaítear alt 85(1) d’Acht 1965 trí “nó tríd an tiomnóir do dhéanamh páirtneireacht sibhialta” a chur isteach i ndiaidh “trí phósadh an tiomnóra” agus trí “nó déanamh na páirtneireachta sibhialta sin” a chur isteach i ndiaidh “an pósadh sin”. Leasú ar alt 85 d’Acht 1965.

80.—Leasaítear alt 109(1) d’Acht 1965 trí “nó páirtneir sibhialta” a chur isteach i ndiaidh “céile”, gach áit a bhfuil sé. Leasú ar alt 109 d’Acht 1965.

81.—Leasaítear Acht 1965 tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 111: Alt 111A a chur isteach in Acht 1965.

- Cd.8 A.81 [Uimh. 24.] *An tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta* [2010.]
agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe
de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.
- “Ceart an pháirtnéara shibhialta mharthanaigh. 111A.—(1) Má fhágann an tiomnóir páirtnéir shibhialta agus nach bhfágann sé nó sí aon leanaí, beidh ceart ag an bpáirtnéir shibhialta chun leath an eastáit.
- (2) Faoi réir alt 117(3A), má fhágann an tiomnóir páirtnéir shibhialta agus leanaí, beidh ceart ag an bpáirtnéir shibhialta chun trian den eastát.”.
- Leasú ar alt 112 d’Acht 1965. **82.**—Leasaítear alt 112 d’Acht 1965 trí “nó ag ceart páirtnéara shibhialta faoi alt 111A” a chur isteach i ndiaidh “alt 111”.
- Alt 113A a chur isteach in Acht 1965. **83.**—Leasaítear Acht 1965 tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 113:
- “Tréigean cirt dlíthiúil. 113A.—Féadfar ceart dlíthiúil páirtnéara shibhialta a thréigean i gconradh réamhchlárúcháin páirtnéireachta shibhialta arna dhéanamh i scríbhinn idir na páirtithe i bpáirtnéireacht shibhialta bheartaithe nó féadfaidh an páirtnéir shibhialta é a thréigean i scríbhinn tar éis clárúcháin agus le linn bheo an tiomnóra.”.
- Leasú ar alt 114 d’Acht 1965. **84.**—Leasaítear alt 114 d’Acht 1965 trí “nó do pháirtnéir shibhialta” a chur isteach i ndiaidh “do chéile”, sa dá áit a bhfuil sé, agus trí “nó an pháirtnéara shibhialta” a chur isteach i ndiaidh “an chéile”, gach áit a bhfuil sé, agus trí “nó don pháirtnéir shibhialta” a chur isteach i ndiaidh “don chéile”.
- Leasú ar alt 115 d’Acht 1965. **85.**—Leasaítear alt 115 d’Acht 1965—
- (a) trí “nó do pháirtnéir shibhialta” a chur isteach i ndiaidh “do chéile” agus trí “nó an páirtnéir shibhialta” a chur isteach i ndiaidh “an céile”, gach áit a bhfuil sé, agus trí “nó páirtnéir shibhialta” a chur isteach i ndiaidh “céile”, sa dá áit a bhfuil sé, agus trí “nó don pháirtnéir shibhialta” a chur isteach i ndiaidh “don chéile”, agus
- (b) i bhfo-alt (5), trí “nó an pháirtnéara shibhialta” a chur isteach i ndiaidh “an chéile”.
- Leasú ar alt 117 d’Acht 1965. **86.**—Leasaítear alt 117 d’Acht 1965 tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):
- “(3A) Ní dhéanfar, le hordú faoin alt seo, difear do cheart dlíthiúil páirtnéara shibhialta mharthanaigh mura rud é, tar éis na himthosca uile a bhreithniú, lena n-áirítear imthosca airgeadais an tiomnóra agus a oibleagáidí nó a hoibleagáidí i leith an pháirtnéara shibhialta mharthanaigh, gurb é tuairim na cúirte go mbeadh sé éagórach gan an t-ordú a dhéanamh.”.
- Leasú ar alt 120 d’Acht 1965. **87.**—Leasaítear alt 120 d’Acht 1965—
- (a) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

[2010.] *An tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta [Uimh. 24.] agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.*

Cd.8 A.87

“(2A) Coiscfead ar pháirtnéir sibhialta éagaigh a thréig an t-éagach aon scair a thógáil in eastát an éagaigh mar cheart dlíthiúil nó i gcás díthiomnachta má lean an tréigean go dtí an bás ar feadh dhá bhliain nó níos mó.”,

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):

“(3A) Aon pháirtnéir sibhialta a bhí ciontach in iompar a thug go raibh leorchúis ag an éagach chun scaradh leis nó léi agus a bheith ina chónaí nó ina cónaí ar leithligh uaidh nó uaithi, measfar é nó í a bheith ciontach i dtréigean de réir bhrí fho-alt (2A).”,

(c) i bhfo-alt (4), trí “nó in aghaidh pháirtnéir sibhialta” a chur i ndiaidh “in aghaidh chéile”.

88.—Leasaítear alt 121 d’Acht 1965 i bhfo-ailt (2), (5) agus (7) trí “nó pháirtnéir sibhialta an diúscróra” a chur isteach i ndiaidh “scair chéile an diúscróra”, trí “nó leis an bpáirtnéir sibhialta” a chur isteach i ndiaidh “leis an gcéile”, trí “nó ón bpáirtnéir sibhialta” a chur in ionad “ón gcéile”, trí “nó páirtnéir sibhialta an diúscróra” a chur isteach i ndiaidh “céile an diúscróra” agus trí “nó an páirtnéir sibhialta” a chur isteach i ndiaidh “an céile”. Leasú ar alt 121 d’Acht 1965.

89.—Leasaítear alt 45(1) de Reacht na dTréimhsí 1957, a cuireadh isteach leis an Acht Comharbais 1965, trí “nó alt 111A” a chur isteach i ndiaidh “alt 111”. Leasú ar alt 45 de Reacht na dTréimhsí, 1957.

CUID 9

FORÉIGEAN BAILE

90.—Sa Chuid seo, ciallaíonn “Acht 1996” an tAcht um Léiriú. Fhoréigean Baile 1996. Léiriú.

91.—Leasaítear alt 1(1) d’Acht 1996 trí na mínithe seo a leanas a chur isteach: Leasú ar alt 1 d’Acht 1996.

“ciallaíonn ‘Acht 2010’ an tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí 2010;

tá le ‘páirtnéir sibhialta’ an bhrí a shanntar dó le *hAcht 2010* agus foláíonn sé duine ba pháirtnéir sibhialta i bpáirtnéireacht a scaoileadh faoin Acht sin;”.

92.—Leasaítear an míniú ar “an t-iarratasóir” in alt 2(1)(a) d’Acht 1996 tríd an bhfomhír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (i): Leasú ar an míniú ar “an t-iarratasóir” in alt 2 d’Acht 1996.

“(ia) páirtnéir sibhialta an fhreagróra, nó duine ba pháirtí i bpáirtnéireacht shibhialta leis an bhfreagróir a scaoileadh faoi *Acht 2010*, nó”.

Cd.9 [Uimh. 24.] *An tAcht um Páirtnéireacht Sibhialta* [2010.]
agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe
de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.

Leasú ar alt 3 d'Acht 1996. **93.**—Leasaítear alt 3(1) d'Acht 1996 trí na míreanna seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (a):

“(aa) páirtnéir sibhialta an fhreagróra, nó duine ba pháirtí i bpáirtnéireacht sibhialta leis an bhfreagróir a scaoileadh faoi *Acht 2010*, nó”.

Alt 8A d'Acht 1996 a chur isteach. **94.**—Leasaítear Acht 1996 tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 8:

“Feidhm orduithe ag srianadh aon airnéisí tí a dhiúscairt nó a aistriú.

8A.—(1) Beidh feidhm ag *alt 34(2)* (lena gcuirtear srian le ceart páirtnéara sibhialta airnéisí tí a dhiúscairt nó a aistriú) *d'Acht 2010* idir an tráth a dhéanfar iarratas i gcoinne pháirtnéir sibhialta an iarratasóra ar ordú urchoisc nó ar ordú sábháilteachta agus an tráth a dhéanfar cinneadh air agus, má dhéantar ordú, fad a bheidh an t-ordú i bhfeidhm, amhail mar atá feidhm aige idir an tráth a thionscnaítear imeachtaí maidir le scaoileadh lena mbaineann an t-alt seo agus an tráth a dhéantar cinneadh críochnaitheach orthu.

(2) Maidir le cúirt dá dtugtar cumhacht faoi *alt 34(2)(b) d'Acht 2010* chun cead a thabhairt aon airnéisí tí a bhaint as nó a dhiúscairt de réir bhrí an ailt sin, is í, d'ainneoin aon ní in *alt 140* den Acht sin, an chúirt arb os a comhair a tionscnaíodh na himeachtaí (lena n-áirítear aon imeachtaí maidir le hordú urchoisc nó maidir le hordú sábháilteachta) í.”.

Leasú ar alt 9 d'Acht 1996. **95.**—Leasaítear alt 9(2) d'Acht 1996 tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (c):

“(cc) ordú faoi *alt 30, 34 nó 45 d'Acht 2010*.”.

Leasú ar alt 13 d'Acht 1996. **96.**—Leasaítear alt 13(2) d'Acht 1996 trí “nó aon imeachtaí neamhnithe nó scaoilte faoi *Acht 2010*,” a chur isteach i ndiaidh “aon chúise nó ábhair maidir le pósadh”.

CUID 10

IARMHAIRTÍ ILGHNÉITHEACHA CLÁRÚCHÁIN PÁIRTNÉIREACHTA SIBHIALTA

Eitic agus easaontacht leasanna. **97.**—(1) D'fhonn nithe a bhaineann le heitic agus le heasaontachtaí leasanna faoi aon riail dlí nó aon achtachán a chinneadh—

(a) maidir le duine, aon tagairt do “duine bainteach” nó do “gaol bainteach” leis an duine sin, forléireofar í mar thagairt a fholáíonn páirtnéir sibhialta an duine agus leanbh pháirtnéir sibhialta an duine a bhfuil gnáthchónaí air nó uirthi leis an duine agus leis an bpáirtnéir sibhialta, agus

[2010.] *An tAcht um Páirtneireacht Sibhialta [Uimh. 24.] agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.*

Cd.10 A.97

(b) aon dearbhú nach mór a dhéanamh i ndáil le céile duine, déanfar é i ndáil le páirtneir sibhialta duine freisin.

(2) Gan teorannú a dhéanamh ar ghinearáltacht *fho-alt (1)*, leasaítear na hAchtanna a shonraítear i *gCuid 1* den *Sceideal* mar a chuirtear in iúl sa *Sceideal* sin.

98.—(1) San alt seo, ciallaíonn “Acht 2001” an tAcht Meabhair-Shláinte 2001.

Leasú ar an Acht Meabhair-Shláinte 2001.

(2) Leasaítear alt 2(1) d’Acht 2001 tríd an míniú seo a leanas a chur isteach:

“ciallaíonn ‘páirtneir sibhialta’ páirtneir sibhialta de réir bhrí an *Achta um Páirtneireacht Sibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí 2010*.”

(3) Leasaítear alt 9 d’Acht 2001—

(a) i mír (1)(a), trí “nó páirtneir sibhialta” a chur isteach i ndiaidh “céile”,

(b) i mír (2)(b), trí “nó le páirtneir sibhialta” a chur isteach i ndiaidh “céile” agus i mír (f) trí “nó páirtneir sibhialta” a chur isteach i ndiaidh “céile”, agus

(c) i bhfo-alt (8), tríd an míniú seo a leanas a chur isteach:

“ní fholáíonn ‘páirtneir sibhialta’, i ndáil le duine, páirtneir sibhialta de chuid an duine atá ina chónaí nó ina cónaí ar leithligh agus ar deighilt ón duine nó a mbeidh iarratas nó ordú déanta ina leith faoi na hAchtanna um Fhoréigean Baile 1996 agus 2002, arna leasú leis an *Acht um Páirtneireacht Sibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí 2010*.”

(4) Leasaítear alt 10(3)(c) d’Acht 2001 trí “nó páirtneir sibhialta” a chur isteach i ndiaidh “céile”.

(5) Leasaítear alt 14(3)(a) d’Acht 2001 trí “an duine nó páirtneir sibhialta an duine” a chur isteach i ndiaidh “céile”.

(6) Leasaítear alt 24(1) d’Acht 2001 trí “an duine nó páirtneir sibhialta an duine” a chur isteach i ndiaidh “céile”.

99.—(1) Aon sochar faoi scéim pinsean a sholáthraítear do chéile duine, measfar go ndéantar soláthar comhionann leis do pháirtneir sibhialta duine.

Pinsin.

(2) Gan ginearáltacht *fho-alt (1)* a theorannú, leasaítear na hAchtanna a shonraítear i *gCuid 2* den *Sceideal* mar a chuirtear in iúl sa *Sceideal* sin.

(3) San alt seo, tá le “scéim pinsean” an bhrí a shanntar dó le halt 109.

100.—Leasaítear Acht na bPinsean 1990—

Leasú ar Acht na bPinsean 1990.

[Uimh. 24.] *An tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta* [2010.]
agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe
de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.

- (a) in alt 65 (1) (arna ionadú le halt 22(1) den Acht Leasa Shóisialaigh (Forálacha Ilghnéitheacha) 2004), tríd an míniú ar “stádas pósta” a scríosadh agus an míniú seo a leanas a chur isteach:

“ciallaíonn ‘stádas sibhialta’ stádas sibhialta de réir bhrí an Achta um Chlárú Sibhialta 2004, arna leasú leis an *Acht um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí 2010*,”

- (b) in alt 66(2)(a)(ii) (arna ionadú le halt 22(1) den Acht Leasa Shóisialaigh (Forálacha Ilghnéitheacha) 2004), trí “stádas sibhialta” a chur in ionad “stádas pósta” i bhfomhír (a)(ii),
- (c) in alt 66(2)(b) (arna ionadú le halt 22(1) den Acht Leasa Shóisialaigh (Forálacha Ilghnéitheacha) 2004), tríd an leagan cuí gramadaí de “stádas sibhialta” a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh de “stádas pósta”, gach áit a bhfuil sé,
- (d) in alt 67(1)(b) (arna ionadú le halt 22(1) den Acht Leasa Shóisialaigh (Forálacha Ilghnéitheacha) 2004), tríd an leagan cuí gramadaí de “stádas sibhialta” a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh de “stádas pósta”, gach áit a bhfuil sé,
- (e) in alt 72 (arna ionadú le halt 22(1) den Acht Leasa Shóisialaigh (Forálacha Ilghnéitheacha) 2004), tríd an leagan cuí gramadaí de “stádas sibhialta” a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh de “stádas pósta”, gach áit a bhfuil sé, agus
- (f) in alt 75(1) (a cuireadh isteach le halt 22(1) den Acht Leasa Shóisialaigh (Forálacha Ilghnéitheacha) 2004), trí “ar an bhforas stádais shibhialta” a chur in ionad “ar an bhforas stádais pósta”.

Leasú ar an Acht um Dhamáiste Coiriúil 1991.

101.—Leasaítear alt 1 den Acht um Dhamáiste Coiriúil 1991 (arna leasú leis an Acht um an Dlí Teaghlaigh (Colscaradh) 1996), tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):

“(3A) Aon tagairt d’aon mhaoin ar le duine eile í, cibé slí a mbeidh sí sainráite, forléireofar í mar thagairt d’áras comhroinnte maidir le cion faoi alt 2, 3(a) nó 4(a), más rud é—

- (a) gur áras comhroinnte nó teaghais chomhroinnte, de réir bhrí alt 27 den *Acht um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí 2010*, an mhaoin, ina raibh gnáthchónaí ar dhuine ba pháirtneír sibhialta i bpáirtnéireacht shibhialta a scaoileadh faoin Acht sin lena iarpháirtneír sibhialta nó lena hiarpháirtneír sibhialta roimh an scaoileadh, agus
- (b) maidir leis an duine a chúiseofar—
- (i) gur páirtneír sibhialta nó gur pháirtneír sibhialta é nó í, go dtí gur scaoileadh a bpáirtnéireacht shibhialta, duine a chónaíonn, nó atá i dteideal cónaí, san áras, agus

[2010.] *An tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta [Uimh. 24.] agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.* Cd.10 A.101

- (ii) gur ábhar d'ordú cosanta nó d'ordú urchoisc é nó í nó go bhfuil sé nó sí eisiata ón áras de bhun ordaithe faoin Acht um Fhoréigean Baile 1996, arna leasú le *Cuid 9 den Acht um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí 2010* nó le hordú eile ó chúirt.”.

102.—(1) San alt seo, ciallaíonn “Acht 1998” an tAcht um Chomhionannas Fostaíochta 1998. Leasú ar an Acht um Chomhionannas Fostaíochta 1998.

(2) Leasaítear alt 2(1) d’Acht 1998—

(a) tríd an míniú seo a leanas a chur isteach:

“ciallaíonn ‘stádas sibhialta’ a bheith singil, pósta, idirscartha, colscartha, i mbaintreachas, i bpáirtnéireacht shibhialta de réir bhrí an *Achta um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí 2010* nó a bheith ina iarpháirtnéir nó ina hiarpháirtnéir sibhialta i bpáirtnéireacht shibhialta a críochnaíodh le bás nó a scaoileadh;”;

(b) tríd an míniú ar “stádas pósta” a scriosadh; agus

(c) trí “nó páirtnéir sibhialta de réir bhrí an *Achta um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí 2010*” a chur isteach i mír (a) den mhíniú ar “duine den teaghlach” i ndiaidh “céile” agus trí “nó pháirtnéir sibhialta de réir bhrí an *Achta um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí 2010*” a chur isteach i mír (b) i ndiaidh “chéile”.

(3) Leasaítear Acht 1998, trí “stádas sibhialta” agus “stádais shibhialta” a chur in ionad “stádas pósta” agus “stádais pósta” faoi seach, gach áit a bhfuil sé.

103.—(1) San alt seo, ciallaíonn “Acht 2000” an tAcht um Stádas Comhionann 2000. Leasú ar an Acht um Stádas Comhionann 2000.

(2) Leasaítear alt 2(1) d’Acht 2000—

(a) tríd an míniú seo a leanas a chur isteach:

“ciallaíonn ‘stádas sibhialta’ a bheith singil, pósta, idirscartha, colscartha, i mbaintreachas, i bpáirtnéireacht shibhialta de réir bhrí an *Achta um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí 2010* nó a bheith ina iarpháirtnéir nó ina hiarpháirtnéir sibhialta i bpáirtnéireacht shibhialta a críochnaíodh le bás nó a scaoileadh;”;

(b) tríd an míniú ar “stádas pósta” a scriosadh; agus

(c) trí “nó páirtnéir sibhialta de réir bhrí an *Achta um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus*

Cd.10 A.103

[Uimh. 24.] *An tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta* [2010.]
agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe
de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.

Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí 2010” a
chur isteach sa mhíniú ar “garghaol” i ndiaidh “céile”.

(3) Leasaítear Acht 2000, trí “stádas sibhialta” agus “stádais
shibhialta” a chur in ionad “stádas pósta” agus “stádais pósta” faoi
seach, gach áit a bhfuil sé.

Leasú ar an Acht
um Chumhachtaí
Aturnae 1996.

104.—(1) San alt seo, ciallaíonn “Acht 1996” an tAcht um
Chumhachtaí Aturnae 1996.

(2) Leasaítear alt 5 d’Acht 1996—

(a) trí “nó páirtnéir sibhialta de réir bhrí an *Achta um*
Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus
Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí 2010” a
chur isteach i bhfo-alt (4)(b) i ndiaidh “céile”, agus

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-
alt (7):

“(7A) Aon chumhacht mharthanach i bhfabhar
páirtnéara sibhialta de réir bhrí an *Achta um*
Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí
Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí 2010, mura bhforálann
an chumhacht a mhalairt, cuirfear ó bhail í nó, de réir mar
a bheidh, scoirfidh sí d’fheidhm a bheith aici, más rud é,
dá éis sin—

(a) go ndeonaítear nó go n-aithnítear foraithe
neamhnithe nó foraithe scaoilte na
páirtnéireachta sibhialta faoi dhlí an Stáit,

(b) go ndéantar comhaontú i scríbhinn chun
idirscaradh idir na páirtnéirí sibhialta, nó

(c) go ndéantar ordú cosanta, ordú urchoisc
eatramhach, ordú urchoisc nó ordú
sábháilteachta i gcoinne an aturnae ar iarratas
ón deontóir, nó *vice versa*.”.

(3) Leasaítear alt 6(7)(b)(iii)(II) d’Acht 1996, trí “nó páirtnéir
sibhialta de réir bhrí an *Achta um Páirtnéireacht Shibhialta agus um*
Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí 2010”
a chur isteach i ndiaidh “céile”.

(4) Leasaítear an Chéad Sceideal a ghabhann le hAcht 1996 tríd
an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír 3(1)(a):

“(aa) páirtnéir sibhialta an deontóra, de réir bhrí an *Achta*
um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus
Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí
2010.”.

(5) Leasaítear Cuid I den Dara Sceideal a ghabhann le hAcht
1996, tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír 2A (a
cuireadh isteach leis an Acht um an Dlí Teaghlaigh (Colscaradh)
1996):

“2B. Maidir le cumhacht mharthanach aturnae do dhul in éag
sna himthosca a luaitear in alt 5(7A), ní bheidh feidhm ag an

[2010.] *An tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta [Uimh. 24.] agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.*

Cd.10 A.104

dul in éag sin ach amháin a mhéid a bhaineann sé le haturnae is páirtnéir sibhialta an deontóra.”.

(6) Leasaítear Cuid II den Dara Sceideal a ghabhann le hAcht 1996, tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír 3:

“4. Maidir le cumhacht mharthanach aturnae do dhul in éag sna himthosca a luaitear in alt 5(7A), ní bheidh feidhm ag an dul in éag sin ach amháin a mhéid a bhaineann sé le haturnae is páirtnéir sibhialta an deontóra.”.

105.—Leasaítear mír (a) den mhíniú ar “cleithiúnaí” in alt 47(1) (arna leasú le halt 1(1) den Acht um Dhliteanas Sibhialta (Leasú) 1996) den Acht um Dhliteanas Sibhialta 1961, trí “, páirtnéir sibhialta de réir bhrí an *Achta um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí 2010*” a chur isteach i ndiaidh “céile”.

Leasú ar an Acht um Dhliteanas Sibhialta 1961.

106.—(1) Féadfaidh ceachtar páirtnéir sibhialta iarratas a dhéanamh chun na cúirte ar mhodh achomair ar cheist a eascraíonn eatarthu a chinneadh maidir le teideal chun maoiné nó seilbh ar mhaoin.

Ceisteanna idir páirtnéirí sibhialta i ndáil le maoiné a chinneadh.

(2) Féadfaidh an chúirt, ar iarratas chuici faoi *fho-alt (1)*—

(a) an t-ordú is cúí léi a dhéanamh maidir leis an maoin atá faoi dhíospóid (lena n-áirítear ordú go ndéanfaí an mhaoin a dhíol nó a dheighilt), agus maidir leis na costais a leanfaidh as an iarratas, agus

(b) na fiosrúcháin a threorú, agus na hordacháin eile a thabhairt, is cúí léi i ndáil leis an iarratas.

(3) Féadfaidh páirtnéir sibhialta nó leanbh éagaigh a bhí ina pháirtnéir nó ina páirtnéir sibhialta roimh bhás iarratas a dhéanamh faoi *fho-alt (1)* nuair a bheidh an tuairim aige nó aici gurb ann do na coinníollacha a shonraítear i *bhfo-alt (4)*.

(4) Is iad na coinníollacha le haghaidh iarratais faoi *fho-alt (3)*:

(a) go n-éilíonn an t-iarratasóir go raibh i seilbh nó faoi rialú an pháirtnéara sibhialta eile—

(i) airgead a raibh teideal tairbhiúil ag an iarratasóir chuige, nó a raibh teideal tairbhiúil aige nó aici chuig scair de, cibé acu de bhíthin gurb é a bhí ann fáltais ó dhíol maoiné a raibh teideal tairbhiúil ag an iarratasóir chuici, nó a raibh teideal tairbhiúil aige nó aici chuig leas inti, nó de bhíthin aon chúise eile, nó

(ii) maoin seachas airgead a raibh teideal tairbhiúil ag an iarratasóir chuici, nó a raibh teideal tairbhiúil aige nó aici chuig leas inti;

agus

(b) gur scoir an t-airgead nó an mhaoin de bheith i seilbh nó faoi rialú an pháirtnéara sibhialta eile nó nach eol don iarratasóir an bhfuil sé fós i seilbh nó faoi rialú an pháirtnéara sibhialta eile.

[Uimh. 24.] *An tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta* [2010.]
agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe
de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.

(5) Más deimhin leis an gcúirt, ar iarratas faoi *fho-alt (1)* agus (3), maidir leis na nithe arna sonrú i *bhfo-alt (6)*, féadfaidh an chúirt ordú a dhéanamh faoi *fho-alt (2)* i ndáil leis an iarratas agus féadfaidh sí, i dteannta nó in ionad an ordaithe sin, ordú a dhéanamh á cheangal ar an bpáirtnéir sibhialta eile—

(a) suim a íoc leis an iarratasóir i leith an airgid lena mbaineann an t-iarratas, nó i leith scair chóir an iarratasóra de, nó

(b) suim a íoc leis an iarratasóir i leith luach na maoinseachas airgead, nó i leith scair chóir an iarratasóra de.

(6) Chun críocha *fho-alt (5)*, ní mór an chúirt a bheith deimhneach—

(a) go bhfuil nó go raibh i seilbh nó faoi rialú an pháirtnéara sibhialta eile airgead nó maoin eile dá dtagraítear i *bhfo-alt (4)(a)(i)* nó (ii), agus

(b) nach ndearna an páirtnéir sibhialta eile íocaíocht nó diúscairt leis an iarratasóir seachas diúscairt thiomnach a bheadh cuí sna himthosca.

(7) Aon duine (seachas an t-iarratasóir nó an páirtnéir sibhialta eile) is páirtí in imeachtaí faoin alt seo, déileálfar leis nó léi mar sciarshealbhóir agus mar sin amháin chun críocha costas nó aon ní eile.

(8) San alt seo, folaíonn tagairtí do pháirtnéir sibhialta tagairtí—

(a) d'ionadaí pearsanta páirtnéara sibhialta éagtha, agus

(b) do cheachtar páirtí i bpáirtnéireacht sibhialta atá ar neamhní, cibé acu a bhí nó nach raibh sí ina hábhar d'fhoraithe neamhnithe arna deonú faoi *alt 107*.

CUID 11

PÁIRTNÉIREACHT SHIBHIALTA A BHEITH AR NEAMHNÍ

Foraithe neamhnithe a dheonú.

107.—Ar iarratas chuici chuige sin ag ceachtar páirtnéir sibhialta nó ag duine eile a bhfuil dóthain seasaimh aige nó aici sa ní, i dtuairim na cúirte, féadfaidh an chúirt foraithe neamhnithe a dheonú, más deimhin léi maidir leis an tráth a chláraigh na páirtnéirí sibhialta i bpáirtnéireacht sibhialta—

(a) nach raibh de chumas ar aon chúis ag ceachtar páirtí nó acu araon teacht chun bheith ina pháirtnéir nó ina páirtnéir sibhialta de chuid an duine eile, lena n-áirítear—

(i) go raibh ceachtar páirtí nó go raibh siad araon faoi bhun ocht mbliana déag d'aois,

(ii) go raibh ceachtar páirtí nó go raibh siad araon ina pháirtí, ina páirtí nó ina bpáirtithe i bpósadh bailí cheana féin, agus

[2010.] *An tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta [Uimh. 24.] agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.*

Cd.11 A.107

- (iii) go raibh ceachtar páirtí nó go raibh siad araon cláraithe cheana féin i gcaidreamh le duine eile, ar caidreamh é a bhí i dteideal a aithinte mar pháirtnéireacht shibhialta sa Stát de réir *alt 5* agus nár scaoileadh,
- (b) nár urramaíodh na foirmiúlachtaí chun an pháirtnéireacht shibhialta a chlárú,
- (c) nár thug ceachtar páirtí nó nár thug siad araon toiliú saor agus feasach leis an gclárúchán páirtnéireachta shibhialta, ar aon chúis, lena n-áirítear—
 - (i) gur tugadh an toiliú faoi éigeantas,
 - (ii) gur tugadh an toiliú faoi thionchar míchuí,
 - (iii) nach raibh beartaithe ag an bpáirtí nó ag na páirtithe, tráth an chlárúcháin, glacadh leis an bpáirtí eile mar pháirtnéir shibhialta de réir an dlí, agus
 - (iv) nach raibh ceachtar páirtí nó nach raibh siad araon in ann toiliú feasach a thabhairt, arna fhianú ag síciatraí sainchomhairleach de réir bhrí *alt 2(1)* den Acht Meabhair-Shláinte 2001,
- (d) go raibh na páirtithe laistigh de na céimeanna gaoil toirmiscthe de réir bhrí an Tríú Sceideal a ghabhann leis an Acht um Chlárú Shibhialta 2004 (arna chur isteach le *halt 26* den Acht seo), nó
- (e) nach raibh na páirtithe den ghnéas céanna.

108.—(1) I gcás go ndéanfaí an chúirt foraithe neamhnithe, dearbhaítear nach raibh an pháirtnéireacht shibhialta ann agus féadfaidh ceachtar páirtnéir shibhialta clárú i bpáirtnéireacht shibhialta nua nó pósadh. Éifeacht foraithe neamhnithe.

(2) Aon duine a bhí ag brath ar pháirtnéireacht shibhialta a bheith ann ar pháirtnéireacht shibhialta í is ábhar d'fhoraithe neamhnithe ina dhiaidh sin, ní dhéanfar dochar do cheart an duine sin leis an bhforaithe sin.

CUID 12

PÁIRTNÉIREACHT SHIBHIALTA A SCAOILEADH

109.—(1) Sa Chuid seo—

Mínithe, etc.

forléireofar “cúirt” de réir *alt 140*;

ciallaíonn “foraithe scaoilte” foraithe faoi *alt 110*;

ciallaíonn “foraithe neamhnithe” foraithe arna deonú ag cúirt faoi *alt 107* lena ndearbhaítear páirtnéireacht shibhialta a bheith ar neamhní;

ciallaíonn “ordú cúitimh airgeadais” ordú faoi *alt 120*;

[Uimh. 24.] *An tAcht um Páirtnéireacht Sibhialta* [2010.]
agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe
de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.

ciallaíonn “ordú cnapshuime” ordú faoi *alt 117(1)(c)*;

ciallaíonn “ordú le haghaidh cothabhála go dtí go ndéanfar agra” ordú faoi *alt 116*;

ciallaíonn “comhalta”, i ndáil le scéim pinsean, aon duine a leanfaidh, tar éis é nó í a bheith ligthe isteach mar chomhalta na scéime faoina rialacha, de bheith i dteideal aon sochair faoin scéim;

ciallaíonn “ordú coigeartaithe pinsin” ordú faoi *ailt 121 go 126*;

ciallaíonn “scéim pinsean”—

- (a) scéim pinsean ceirde de réir bhrí Acht na bPinsean 1990,
- (b) Conradh blianachta arna cheadú ag na Coimisinéirí Ioncaim faoi alt 784 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997, nó Conradh arna cheadú amhlaidh faoi alt 785 den Acht sin,
- (c) scéim iontaobhais, nó cuid de scéim iontaobhais, arna cheadú faoi alt 784(4) nó 785(5) den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997,
- (d) polasaí nó Conradh árachais arna cheadú ag na Coimisinéirí Ioncaim faoi Chaibidil 1 de Chuid 30 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997, nó
- (e) scéim nó socrú eile, lena n-áirítear plean pinsean pearsanta agus scéim nó socrú a bhunaítear le reacht nó le hionstraim arna déanamh faoi reacht seachas na hAchtanna Leasa Shóisialaigh, nó a bhunaítear de bhun an chéanna, lena ndéantar socrú nó lena mbeartaítear socrú a dhéanamh maidir le ceachtar den dá ní seo a leanas nó maidir leo araon:
 - (i) sochair do dhuine is comhalta den scéim nó den socrú ar scor dó nó di ag gnáthaois inphinsin nó ar scor dó nó di níos luaithe nó níos déanaí ná sin nó ar é nó í d’fhágáil na fostaíochta iomchuí nó ar scor don fhostaíocht iomchuí, agus
 - (ii) sochair do bhaintreach, do bhaintreach fir nó do chleithiúnaithe an duine dá dtagraítear i *bhfomhúr (i)*, dá pháirtnéir sibhialta nó dá páirtnéir sibhialta nó don duine a bhí ina pháirtnéir sibhialta nó ina páirtnéir sibhialta don duine sin go dtí gur éag an duine dá dtagraítear i *bhfomhúr (i)* nó d’aon daoine eile, ar an duine sin d’fháil bháis;

ciallaíonn “ordú um íocaíochtaí tréimhsiúla” ordú faoi *alt 117(1)(a)*;

ciallaíonn “ordú coigeartaithe maoinne” ordú faoi *alt 118*;

ciallaíonn “ordú um íocaíochtaí tréimhsiúla urraithe” ordú faoi *alt 117(1)(b)*;

tá le “áras comhroinnte” an bhrí a shanntar dó i *gCuid 4*, maille leis an modhnú go bhforléireofar na tagairtí do pháirtnéir sibhialta sa Chuid sin mar thagairtí do pháirtnéir sibhialta de réir bhrí na Coda seo;

[2010.] *An tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta [Uimh. 24.] agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.*

Cd.12 A.109

ciallaíonn “iontaobhaithe”, i ndáil le scéim atá bunaithe faoi iontaobhas, iontaobhaithe na scéime agus, i ndáil le scéim pinsean nár bunaíodh faoi iontaobhas, ciallaíonn sé na daoine a riarann an scéim.

- (2) Sa Chuid seo, i gcás go n-éilíonn an comhthéacs amhlaidh—
- (a) folaíonn tagairt do pháirtnéireacht shibhialta tagairt do pháirtnéireacht shibhialta a scaoileadh faoin gCuid seo,
 - (b) folaíonn tagairt do chlárúchán i bpáirtnéireacht shibhialta nua tagairt do chlárúchán i bpáirtnéireacht shibhialta a bheidh ann tar éis páirtnéireachta shibhialta a scaoileadh faoin gCuid seo, agus
 - (c) aon tagairt do pháirtnéir sibhialta, folaíonn sí tagairt do dhuine a bhí ina pháirtnéir sibhialta nó ina pháirtnéir sibhialta i bpáirtnéireacht shibhialta a scaoileadh faoin gCuid seo.

110.—Faoi réir fhorálacha na Coda seo, féadfaidh an chúirt, ar iarratas chuici chuige sin ag ceachtar páirtnéir sibhialta, foraithe scaoilte a dheonú i leith páirtnéireachta shibhialta, más deimhin léi—

Foraithe scaoilte a dheonú.

- (a) ar dháta tionscanta na n-imeachtaí, go raibh cónaí ar na páirtnéirí sibhialta ar leithligh óna chéile ar feadh tréimhse dhá bhliain ar a laghad, nó ar feadh tréimhsí ar dhá bhliain ar a laghad a bhí iontu san iomlán, le linn na dt trí bliana roimhe sin, agus
- (b) go bhfuil soláthar ann nó go ndéanfar soláthar do na páirtnéirí sibhialta, ar soláthar é a mheasann an chúirt is cuí ag féachaint do na himthosca.

111.—(1) Féadfaidh an chúirt imeachtaí a chur ar atráth nó a chur ar atráth arís faoi *alt 110* aon tráth chun a chumasú do na páirtnéirí sibhialta iarracht a dhéanamh, más mian leo beirt é, le cuidiú nó d'éagmais cuidiú ó thrú páirtí—

Imeachtaí a chur ar atráth chun cuidiú le comhréiteach, idirghabháil nó comhaontuithe i dtaobh théarmaí an scaoilte.

- (a) teacht ar chomhréiteach, nó
- (b) teacht ar chomhaontú maidir le cuid de théarmaí an scaoilte bheartaithe, nó maidir leo go léir.

(2) Féadfaidh ceachtar páirtnéir sibhialta nó féadfaidh siad araon, aon tráth, a iarraidh go n-atosófar ar éisteacht na n-imeachtaí a cuireadh ar atráth faoi *fho-alt (1)* a luaithe is féidir agus, má dhéantar an iarraidh sin, atosóidh an chúirt ar an éisteacht, faoi réir aon chumhachta eile de chuid na cúirte imeachtaí a chur ar atráth.

(3) Maidir leis na cumhachtaí a thugtar leis an alt seo, is cumhachtaí iad de bhreis ar aon chumhacht eile de chuid na cúirte imeachtaí a chur ar atráth.

(4) Féadfaidh an chúirt, dá rogha féin le linn di imeachtaí a chur ar atráth faoin alt seo, a chomhairliú do na páirtnéirí sibhialta cúnaimh idirghabhálaí nó tríú páirtí eile a lorg i ndáil le comhréiteach beartaithe na bpáirtnéirí sibhialta nó le teacht ar chomhaontú eatarthu maidir le cuid de théarmaí an scaoilte bheartaithe nó maidir leis na téarmaí sin go léir.

Cd.12 [Uimh. 24.] *An tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta* [2010.]
agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe
de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.

Neamh-
inghlacthacht
cumarsáidí áirithe
mar fhianaise.

112.—Níl na nithe seo a leanas inghlactha mar fhianaise in aon chúirt:

- (a) cumarsáid ó bhéal nó i scríbhinn idir ceachtar páirtnéir sibhialta agus tríú páirtí, cibé acu an i láthair nó le fios an pháirtnéara sibhialta eile a dhéanfar í nó nach ea, d'fhonn—
 - (i) cúnamh a lorg chun comhréiteach a chur i gcrích, nó
 - (ii) teacht ar chomhaontú eatarthu maidir le cuid de théarmaí scaoilte nó maidir leo go léir; agus
- (b) aon taifead ar chumarsáid den sórt sin a rinne ceachtar páirtnéir sibhialta lena mbaineann nó an tríú páirtí nó a chuir sé nó sí faoi deara a dhéanamh.

Éifeacht foraithe
scaoilte.

113.—I gcás go ndéanfaí an chúirt foraithe scaoilte, scaoiltear an pháirtnéireacht sibhialta leis sin agus féadfaidh ceachtar páirtnéir sibhialta clárú i bpáirtnéireacht sibhialta nua nó pósadh.

Léiriú.

114.—Maidir le hordú arna dhéanamh faoi aon cheann *d'ailt 115* go *128* ina ndéantar tagairt do pháirtnéir sibhialta, forléireofar é mar ordú a fholaíonn duine a bhí ina pháirtnéir sibhialta nó ina páirtnéir sibhialta go dtí scaoileadh na páirtnéireachta sibhialta faoin gCuid seo.

Réamhorduithe in
imeachtaí i leith
scaoilte.

115.—I gcás go ndéanfar iarratas chun na cúirte ar fhoraithe scaoilte a dheonú, féadfaidh an chúirt, sula gcinneadh sí an ndeoidh sí an fhoraithe nó an ndiúltoídh sí í a dheonú, sna himeachtaí céanna agus gan imeachtaí a thionscnamh faoi aon Acht eile, más dealraitheach don chúirt gur chúí déanamh amhlaidh, ceann amháin nó níos mó de na horduithe seo a leanas a dhéanamh:

- (a) ordú sábháilteachta, ordú urchoisc, ordú urchoisc eatramhach nó ordú cosanta faoi na hAchtanna um Fhoréigean Baile 1996 agus 2002, arna leasú le *Cuid 9* den Acht seo; agus
- (b) ordú faoi *alt 30* nó faoi *alt 34*.

Orduithe le
haghaidh
cothabhála go dtí
go ndéanfar agra.

116.—(1) I gcás go ndéantar iarratas chun na cúirte ar fhoraithe scaoilte a dheonú, féadfaidh an chúirt ordú a dhéanamh lena gceanglaítear ar cheachtar páirtnéir sibhialta íocaíochtaí tréimhsiúla nó íocaíochtaí cnapshuime a dhéanamh leis an duine eile le haghaidh cothú is cuí leis an gcúirt agus a shonraíonn sí san ordú.

(2) Maidir le híocaíochtaí tréimhsiúla a ordáitear faoi *fho-alt (1)*, féadfaidh siad a bheith ina n-íocaíochtaí don tréimhse dar tosach tráth nach luaithe ná dáta an iarratais agus dar críoch tráth nach déanaí ná an dáta a chinntear é, ar tréimhse í a shonróidh an chúirt san ordú.

[2010.] *An tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta [Uimh. 24.] agus um Chearta agus Oibleagáidí Airithe de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.*

Cd.12

117.—(1) Ar fhoraithe scaoilte a dheonú nó aon tráth eile tar éis an fhoraithe a dheonú, féadfaidh an chúirt, ar iarratas chuici chuige sin ag ceachtar páirtnéir sibhialta, le linn do cheachtar páirtnéir sibhialta a bheith beo, ceann amháin nó níos mó de na horduithe seo a leanas a dhéanamh:

Orduithe um íocaíochtaí tréimhsiúla agus orduithe cnapshuime.

- (a) ordú go ndéanfaidh ceachtar páirtnéir sibhialta na híocaíochtaí tréimhsiúla leis an duine eile de réir na méideanna, le linn na tréimhse agus ag na tráthanna a shonrófar san ordú;
- (b) ordú go ndéanfaidh ceachtar páirtnéir sibhialta na híocaíochtaí tréimhsiúla de réir na méideanna, le linn na tréimhse agus ag na tráthanna a shonrófar san ordú a urrú don duine eile, chun sástacht na cúirte; agus
- (c) ordú go ndéanfaidh ceachtar páirtnéir sibhialta íocaíocht chnapshuime nó íocaíochtaí cnapshuime leis an duine eile de réir an mhéid nó de réir na méideanna agus ag an tráth nó ag na tráthanna a shonrófar san ordú.

(2) Féadfaidh an chúirt a ordú do pháirtnéir sibhialta cnapshuim a íoc leis an bpáirtnéir sibhialta eile chun freastal d'aon dliteanais nó caiteachais a thabhaigh an páirtnéir sibhialta eile go réasúnach chun é féin nó í féin a chothabháil sula ndéanfaidh an páirtnéir sibhialta eile iarratas ar ordú faoi *fho-alt (1)*.

(3) Féadfar a fhoráil, le hordú faoin alt seo maidir le cnapshuim a íoc, go n-íocfar an cnapshuim ina tráthchodanna de na méideanna a shonrófar san ordú agus féadfar a cheangal leis go n-urrófar íoc na dtráthchodanna chun sástacht na cúirte.

(4) Tosóidh an tréimhse a shonraítear in ordú faoi *fho-alt (1)(a)* nó *(b)* tráth nach luaithe ná an dáta a dhéantar an t-iarratas ar an ordú agus críochnóidh sí tráth nach déanaí ná bás an chéad pháirtnéara sibhialta a éagfaidh.

(5) Scoireann ordú arna dhéanamh faoi *fho-alt (1)(a)* nó *(b)* d'éifeacht a bheith leis, ar an dáta a dhéanfaidh an páirtnéir sibhialta ar ina fhabhar nó ina fabhar a rinneadh an t-ordú páirtnéireacht sibhialta nua nó ar dháta a phósta nó a pósta, ach amháin maidir le híocaíochtaí a bheidh dlite faoi ar an dáta sin.

(6) Ní dhéanfaidh an chúirt ordú faoin alt seo i bhfabhar páirtnéara sibhialta a bhfuil páirtnéireacht sibhialta nua déanta aige nó aici nó atá tar éis pósadh.

(7) Maidir leis an gcúirt a dhéanann ordú faoi *fho-alt (1)(a)*, déanfaidh sí, sna himeachtaí céanna, ordú astaithe tuillimh faoi *Chuid 6* chun íocaíochtaí faoin ordú a urrú, más deimhin léi, tar éis aon uirill ar an ní a bheidh déanta chuici, ag an bpáirtnéir sibhialta dá n-ordaítear íocaíochtaí a dhéanamh faoin bhfo-alt sin, a chur san áireamh—

- (a) gurb inmhianaithe an t-ordú chun íocaíochtaí faoi ordú faoi *fho-alt (1)(a)* agus faoi aon athruithe agus daingnithe ar an ordú sin a urrú, agus
- (b) maidir leis an duine a ndéantar an t-ordú astaithe tuillimh ina choinne nó ina coinne, gur duine é nó í a bhfuil tuilleamh le hÍoc leis nó léi.

Cd.12

[Uimh. 24.] *An tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta* [2010.]
agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe
de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.

Orduithe
coigeartaithe
maoine.

118.—(1) Ar fhoraithe scaoilte a dheonú nó aon tráth tar éis an fhoraithe a dheonú, féadfaidh an chúirt, ar iarratas chuici chuige sin ag ceachtar páirtneír sibhialta, le linn do cheachtar páirtneír sibhialta a bheith beo, ceann amháin nó níos mó de na horduithe seo a leanas a dhéanamh:

- (a) ordú lena n-aistrítear maoin shonraithe a bhfuil leas ag páirtneír sibhialta inti, cibé acu i seilbh nó i bhfrithdhílse, ón bpáirtneír sibhialta sin chuig an bpáirtneír sibhialta eile;
- (b) ordú lena socraítear maoin shonraithe a bhfuil leas ag páirtneír sibhialta inti, cibé acu i seilbh nó i bhfrithdhílse, chun sochair don pháirtneír sibhialta eile, chun sástacht na cúirte;
- (c) ordú lena n-athraítear socraíocht réamhchlárúcháin nó iarchlárúcháin arna déanamh ag na páirtneírí sibhialta, lena n-áirítear socraíocht a rinneadh le huacht nó le codaisíl, chun sochair do dhuine de na páirtneírí sibhialta; agus
- (d) ordú lena múchtar nó lena laghdaítear leas ceachtar páirtneír sibhialta faoi shocraíocht den sórt sin.

(2) Féadfar le hordú faoi *fho-alt (1)(b)*, *(c)* nó *(d)* feidhm *alt 131* i ndáil leis an ordú a shrianadh go feadh méid shonraithe nó a eisiamh.

(3) Más rud é, tar éis an fhoraithe scaoilte a dheonú, go gcláróidh ceachtar páirtneír sibhialta i bpáirtnéireacht shibhialta nua nó go bpósfadh sé nó sí, ní dhéanfaidh an chúirt ordú faoi *fho-alt (1)* i bhfabhar an pháirtneóra shibhialta sin.

(4) Déanfaidh cláraitheoir nó cléireach na cúirte, a dhéanfaidh ordú faoi *fho-alt (1)* i ndáil le talamh, cóip den ordú arna deimhniú mar chóip dhílis lena clárú i gClárlann na nGníomhas nó i gClárlann na Talún, de réir mar is cuí, a thaisceadh leis an Údarás Clárúcháin Maoine.

(5) I gcás go mbeidh ordú coigeartaithe maoine comhlíonta, ar ordú é a taisceadh faoi *fho-alt (4)* agus a cláraíodh de bhun *alt 69(1)(h)* den Acht um Chlárú Teidil 1964 nó i gClárlann na nGníomhas, déanfaidh an tÚdarás Clárúcháin Maoine, ar a bheith deimhin dó gur comhlíonadh an t-ordú—

- (a) an iontráil a rinneadh sa chlár faoin Acht um Chlárú Teidil 1964 a chealú, nó
- (b) nóta a chur i gClárlann na nGníomhas á rá go bhfuil an t-ordú comhlíonta.

(6) Féadfaidh an chúirt a ordú do dhuine seachas an duine ar ordáíodh dó nó di é le hordú faoi *fho-alt (1)* gníomhas nó ionstraim a fhorghníomhú in ainm an duine ar ordáíodh dó nó di déanamh amhlaidh, más rud é—

- (a) go ndiúltoídh nó go bhfailleoidh an duine sin an t-ordachán a chomhlíonadh, nó
- (b) go measfaidh an chúirt gur gá déanamh amhlaidh ar chúis eile.

[2010.] *An tAcht um Páirtnéireacht Sibhialta [Uimh. 24.] agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.*

Cd.12 A.118

(7) Gníomhas a fhorghníomhóidh duine in ainm duine eile de bhun ordaithe faoi fho-alt (6), beidh sé chomh bailí agus a bheadh dá mba é nó í an duine ar ordáíodh dó nó di i dtosach déanamh amhlaidh a d'fhorghníomhódh é.

(8) Féadfaidh an chúirt a chinneadh cén modh ar a n-focfar na costais a thabhófar le linn ordú faoin alt seo a chomhlíonadh, lena n-áirítear ag duine amháin nó ag an duine eile de na páirtnéirí sibhialta nó acu beirt, sna comhréireanna a chinnfidh an chúirt.

(9) Ní bheidh feidhm ag an alt seo maidir le háras comhroinnte nó teaghlaigh, ina bhfuil cónaí ar cheachtar páirtnéir sibhialta le páirtnéir sibhialta nua nó le céile nua tar éis deonú foraithe scaoilte.

119.—(1) Ar fhoraithe scaoilte a dheonú nó aon tráth eile tar éis í a dheonú, féadfaidh an chúirt, ar iarratas chuici chuige sin ag ceachtar páirtnéir sibhialta, ceann amháin nó níos mó de na horduithe seo a leanas a dhéanamh, le linn do cheachtar páirtnéir sibhialta a bheith beo:

Orduithe coimhdeacha ilghnéitheacha.

- (a) ordú lena bhforáiltear go dtabharfar an ceart do pháirtnéir sibhialta amháin an t-áras comhroinnte a áitiú agus an páirtnéir sibhialta eile a eisiáimh, ar feadh a saoil nó ar feadh tréimhse cinnte nó teagmhasaí sonrath eile a fhéadfaidh an chúirt a shonrú;
- (b) ordú lena n-ordaítear an t-áras comhroinnte a dhíol, faoi réir na gcoinníollacha is cuí leis an gcúirt, agus lena ndéanfar foráil maidir le fáiltais an díola a dhiúscairt idir na páirtnéirí sibhialta agus aon duine eile a mbeidh leas aige nó aici ann;
- (c) ordú faoi *alt 30, 33, 34* nó *106*;
- (d) ordú faoi na hAchtanna um Fhoréigean Baile 1996 agus 2002 arna leasú le *Cuid 9*; agus
- (e) ordú chun maoin a idir-roinnt nó ordú faoin *Partition Act 1868* agus faoin *Partition Act 1876*.

(2) Déanfaidh an chúirt, le linn di a dlínse faoi *fho-alt (1)(a)* nó *(b)* a fheidhmiú, aird a thabhairt ar leas na bpáirtnéirí sibhialta agus, go háirithe, cuirfidh sí san áireamh—

- (a) i gcás go ndeonófar foraithe scaoilte, nach féidir leis na páirtnéirí sibhialta cónaí le chéile, agus
- (b) gur chóir, más indéanta, cóiríocht chuí bhuanseasmhach a sholáthar do pháirtnéir sibhialta atá i gcleithiúnas go hiomlán nó go formhór ar an bpáirtnéir sibhialta eile.

(3) Ní bheidh feidhm ag *fo-alt (1)(a)* agus *(b)* maidir le háras comhroinnte nó teaghlaigh ina bhfuil cónaí ar cheachtar páirtnéir sibhialta le páirtnéir sibhialta nua nó le céile nua tar éis deonú foraithe scaoilte.

120.—(1) Más é tuairim na cúirte gurb ann do cheann de na cúiseanna atá leagtha amach i *bhfo-alt (2)*, féadfaidh an chúirt, ar fhoraithe scaoilte a dheonú nó aon tráth tar éis í a dheonú agus ar iarratas chuici chuige sin ag ceachtar páirtnéir sibhialta, ceann

Orduithe cúitimh airgid.

[Uimh. 24.] *An tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta* [2010.]
agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe
de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.

amháin nó níos mó de na horduithe seo a leanas a dhéanamh le linn do cheachtar páirtnéir sibhialta a bheith beo:

- (a) ordú lena gceanglaítear ar an bpáirtnéir sibhialta eile polasaí árachais saoil a bhaint amach chun sochair an pháirtnéara shibhialta iarrthaigh;
- (b) ordú lena gceanglaítear ar an bpáirtnéir sibhialta eile an leas iomlán, nó cuid shonraithe den leas, i bpolasaí árachais saoil a bheidh bainte amach aige nó aici nó a bheidh bainte amach ag gach duine de na páirtnéirí sibhialta a shannadh don iarratasóir; agus
- (c) ordú lena gceanglaítear ar an bpáirtnéir sibhialta eile na híocaíochtaí a dhéanamh, nó leanúint dá ndéanamh, leis an duine a eisiúnn nó a d'eisigh polasaí árachais saoil, ar íocaíochtaí iad a gceanglaítear air nó uirthi nó ar gach duine de na páirtnéirí sibhialta iad a dhéanamh faoi théarmaí an pholasaí, nó.

(2) Is iad na cúiseanna dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*:

- (a) go bhféadfar socrú a dhéanamh maidir le daingne airgeadais an iarratasóra má dhéantar an t-ordú; agus
- (b) maidir leis an deis chun sochar a fháil (sochar faoi scéim pinsean, mar shampla,) a bheith forghéillte ag an iarratasóir mar gheall ar an bhforaithne scaoilte, gur féidir an forghéilleadh a chúiteamh go hiomlán nó go páirteach tríd an ordú a dhéanamh.

(3) Féadfaidh an chúirt ordú a dhéanamh faoi *fho-alt (1)* i dteannta orduithe faoi *ailt 117, 118, 119* nó *121* nó go hiomlán nó go páirteach ina n-ionad, agus, le linn di breith a thabhairt i dtaobh an t-ordú a dhéanamh nó gan é a dhéanamh, tabharfaidh an chúirt aird ar cé acu atá soláthar cuí ann, ag féachaint do na himthosca, nó an féidir an soláthar cuí sin a dhéanamh le horduithe faoi na hailt sin, don pháirtnéir sibhialta lena mbaineann.

(4) Scoireann ordú arna dhéanamh faoi *fho-alt (1)* d'éifeacht a bheith leis ar an iarratasóir do dhéanamh páirtnéireacht shibhialta nua, do phósadh nó d'fháil bháis.

(5) Ní dhéanfaidh an chúirt ordú faoin alt seo i bhfabhar páirtnéara shibhialta a bhfuil páirtnéireacht shibhialta nua déanta aige nó aici nó atá tar éis pósadh.

(6) Féadfar, le hordú faoi *alt 131* i ndáil le hordú arna dhéanamh faoi *fho-alt (1)(a)* nó *(b)*, an soláthar a dhéanamh is cuí leis an gcúirt i ndáil leis na níthe seo a leanas a dhiúscairt—

- (a) méid in ionannas d'aon luach carntha atá ag an bpolasaí árachais arna bhaint amach de bhun an ordaithe faoi *fho-alt (1)(a)*, nó
- (b) an leas nó an chuid den leas lena mbaineann an t-ordú faoi *fho-alt 1(b)*.

[2010.] *An tAcht um Páirtneireacht Shibhialta [Uimh. 24.] agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.*

Cd.12

121.—(1) San alt seo agus in ailt 122 go 126—

Orduithe
coigeartaithe pinsin.

ciallaíonn “Acht 1990” Acht na bPinsean 1990;

ciallaíonn “comhalta gníomhach” i ndáil le scéim, comhalta den scéim atá i seirbhís ináirithe;

ciallaíonn “luach achtúireach” luach coibhéiseach sochair in airgead tirim (lena n-áirítear, más cuí, soláthar le haghaidh aon athluachála ar an sochar sin) faoi scéim arna ríomh faoi threoir toimhdeana airgeadais cuí agus an dóchúlacht á cur san áireamh go cuí go mairfidh duine go dtí gnáthaois inphinsin, agus thar an aois sin, de réir an ghnáthionchais saoil, ar an toimhde go bhfuil gnáthbhail sláinte ar an gcomhalta, an dáta ríomha éifeachtach, ag féachaint dá aois nó dá haois;

ciallaíonn “socrú ceadaithe”, i ndáil le hiontaobhaithe scéime, socrú trína ndéanann na hiontaobhaithe, thar ceann an duine a ndéantar an socrú dó nó di, polasaithe nó conarthaí árachais a bhaint amach atá ceadaithe ag na Coimisinéirí Ioncaim, le gnóthas nó gnóthais, agus trína ndéanann siad na híocaíochtaí cuí faoi na polasaithe nó na conarthaí le gnóthas nó gnóthais;

ciallaíonn “sochar teagmhasach” sochar is iníoctha faoi scéim, seachas íocaíocht faoi *alt 123(4)*, leis an bpáirtneír sibhialta marthanach, le haon chleithiúnaithe de chuid an pháirtnéara sibhialta is comhalta, nó le hionadaí pearsanta an pháirtnéara sibhialta is comhalta, nó chun sochair dóibh, má éagann an páirtneír sibhialta is comhalta le linn dó nó di a bheith i bhfostaíocht iomchuí, agus sula slánaíonn sé nó sí aon ghnáthaois inphinsin dá bhforáiltear faoi rialacha na scéime;

tá de bhrí le “scéim ranníoca shainithe” an bhrí a shanntar dó le halt 2(1) (arna leasú le halt 29(1)(a)(ii) den Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean 2008) d’Acht 1990;

ciallaíonn “sochar ainmnithe”, i ndáil le hordú coigeartaithe pinsin, méid a chinneann iontaobhaithe scéime, de réir na dtreoirlínte iomchuí agus faoi threoir na tréimhse agus an chéatadáin den sochar scoir a shonraítear in ordú faoi *fho-alt (2)*;

ciallaíonn “páirtí sibhialta is comhalta” i ndáil le scéim, páirtí sibhialta is comhalta den scéim;

ciallaíonn “gnáthaois inphinsin” an aois is luaithe ag a bhfuil comhalta de scéim i dteideal sochair a fháil faoi rialacha na scéime ar é nó í do scor ó fhostaíocht iomchuí, gan féachaint d’aon rialacha lena ndéantar foráil le haghaidh luathscoir ar fhorais drochshláinte nó eile;

tá le “scéim pinsean ceirde” an bhrí a shanntar dó le halt 2(1) d’Acht 1990;

ciallaíonn “seirbhís ináirithe” seirbhís i bhfostaíocht iomchuí le linn do dhuine a bheith mar chomhalta d’aon scéim;

ciallaíonn “treoirlínte iomchuí” aon treoirlínte iomchuí atá i bhfeidhm de thuras na huairte faoi alt 10(1)(c) nó (cc) (arna leasú le halt 5 d’Acht na bPinsean (Leasú) 1996, alt 47(c) den Acht um an Dlí Teaghlaigh (Colscaradh) 1996, alt 13(b) den Acht na bPinsean (Leasú) 2002 agus alt 37 den Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean 2007) d’Acht 1990;

[Uimh. 24.] *An tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta* [2010.]
agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe
de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.

ciallaíonn “fostaíocht iomchuí” i ndáil le scéim, aon fhostaíocht, nó aon tréimhse a ndéileáiltear léi mar fhostaíocht, nó aon tréimhse féinfhostaíochta lena mbaineann scéim;

ciallaíonn “sochair scoir” i ndáil le scéim, na sochair go léir, seachas sochair theagmhasacha, is iníochta faoin scéim;

ciallaíonn “rialacha”, i ndáil le scéim, forálacha na scéime cibé ainm a thugtar orthu;

ciallaíonn “scéim” scéim pinsean;

forléireofar “méid an aistrithe” de réir *fho-alt (4)*;

tá le “gnóthas” an bhrí chéanna atá le “ ‘gnóthas árachais’ nó ‘gnóthas’ ” in alt 2(1) (arna chur isteach le halt 3(1) den Acht Arachais 2000) den Acht Árachais 1989.

(2) Ar fhoraithe scaoilte a dheonú nó aon tráth tar éis í a dheonú, féadfaidh an chúirt, ar iarratas chuici chuige sin ag ceachtar páirtnéir sibhialta, le linn don pháirtnéir sibhialta is comhalta a bheith beo, ordú a dhéanamh lena ndéantar socrú go n-íocfar sochar, de réir an ailt seo agus *ailt 122 go 126*, leis an bpáirtnéir sibhialta eile ar sochar é arb é atá ann an chuid den sochar is iníochta (nó ab iníochta, mura mbeadh go ndearnadh an fhoraithe) faoin scéim agus a bheidh fabhráithe tráth déanta na foraithe, nó an chuid den chuid sin is cuí leis an gcúirt.

(3) Sonrófar san ordú faoi *fho-alt (2)*—

- (a) an tréimhse seirbhíse ináirithe de chuid an pháirtnéara sibhialta is comhalta a bheidh le cur i gcuntas, ar seirbhís í roimh dheonú na foraithe, agus
- (b) an céatadán den sochar scoir a d’fhabhraigh i rith na tréimhse a bheidh le híoc leis an bpáirtnéir sibhialta eile.

(4) I gcás go ndéanfaidh an chúirt ordú faoi *fho-alt (2)* i bhfabhar páirtnéara sibhialta agus nár tosaíodh ar an sochar ainmnithe lena mbaineann a íoc, beidh an páirtnéir sibhialta i dteideal go ndéanfar méid airgid ón scéim (dá ngairtear “méid an aistrithe” san *fho-alt* seo) a chur chun feidhme de réir *alt 123(1)*, ar méid é a bheidh comhionann le luach an tsochair ainmnithe arna chinneadh ag iontaobhaithe na scéime de réir treoirlínte iomchuí.

(5) Ar fhoraithe scaoilte a dheonú nó aon tráth laistigh de bhliain amháin tar éis í a dheonú, féadfaidh an chúirt, ar iarratas chuici chuige sin ag ceachtar páirtnéir sibhialta, ordú a dhéanamh lena ndéanfar socrú go ndéanfar, ar bhás an pháirtnéara sibhialta is comhalta, an chuid sin de shochar teagmhasach is iníochta (nó ab iníochta, mura mbeadh go ndearnadh an fhoraithe,) faoin scéim, nó an chuid den chuid sin, is cuí leis an gcúirt a íoc leis an bpáirtnéir sibhialta eile.

(6) Ní dhéanfaidh an chúirt ordú faoin alt seo i bhfabhar páirtnéara sibhialta atá tar éis clárú i bpáirtnéireacht sibhialta nua nó atá tar éis pósadh.

(7) Féadfaidh an chúirt ordú a dhéanamh faoin alt seo i dteannta ordaithe faoi *alt 117, 118, 119* nó *120* nó ina ionad go hiomlán nó go páirteach agus, le linn di breith a thabhairt i dtaobh ordú coigeartaithe pinsin a dhéanamh nó gan é a dhéanamh, beidh aird

[2010.] *An tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta [Uimh. 24.] agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.*

Cd.12 A.121

ag an gcúirt ar an gceist i dtaobh an bhfuil soláthar cuí ann, ag féachaint do na himthosca, nó an féidir an soláthar cuí sin a dhéanamh faoi na hailt sin, don pháirtnéir sibhialta nach comhalta.

(8) Féadfar le hordú faoin alt seo feidhm *alt 129* i ndáil leis an ordú a shrianadh go feadh méid shonraithe nó a eisiamh.

122.—(1) Duine a dhéanann iarratas faoi *alt 121(2)* nó (5), nó iarratas ar ordú faoi *alt 131(2)*, i ndáil le hordú faoi *alt 121(2)*, tabharfaidh sé nó sí fógra faoin iarratas d'iontaobhaithe na scéime. Le linn di breith a thabhairt i dtaobh ordú a dhéanamh agus le linn di forálacha an ordaithe a chinneadh, féachfaidh an chúirt do na huirill a rinne na daoine ar tugadh an fógra dóibh faoin alt seo nó faoi *alt 141*.

Forálacha nóis imeachta maidir le horduithe coigeartaithe pinsean.

(2) Scoireann ordú dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* d'éifeacht a bheith leis ar an iarratasóir do dhéanamh páirtnéireacht sibhialta nua, do phósadh nó d'fháil bháis.

(3) Le linn di ordú a dhéanamh dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*, féadfaidh an chúirt aon ordacháin is cuí léi a thabhairt d'iontaobhaithe na scéime, lena n-áirítear ordachán lena gceanglófaí ar na hiontaobhaithe gan rialacha na scéime ná Acht 1990 a chomhlíonadh.

(4) Cláraitheoir nó cléireach na cúirte a dhéanann ordú dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*, cuirfidh sé nó sí faoi deara cóip den ordú a sheirbheáil ar iontaobhaithe na scéime.

123.—(1) Faoi réir *alt 124(4)*, nuair atá na cúinsí i gceist a leagtar amach faoi *fho-alt 121(2)*, déanfaidh iontaobhaithe scéime, a ndearnadh ordú ina leith faoi *alt 124(4)*, i gcás go bhfuil na dálaí a leagtar amach i *bhfo-alt (2)* i bhfeidhm agus de réir na dtreoirilínte iomchuí, méid an aistrithe arna ríomh de réir na dtreoirilínte sin a chur chun feidhme—

Rialacha maidir le híocaíochtaí faoi scéimeanna.

(a) má chomhaontaíonn na hiontaobhaithe agus an páirtnéir sibhialta amhlaidh, le linn sochar a sholáthar le haghaidh an pháirtnéara sibhialta nó ina leith, is sochar a bheidh ar comhluach achtúireach le méid an aistrithe, nó

(b) le linn íocaíocht a dhéanamh, de rogha an pháirtnéara sibhialta—

(i) le scéim pinsean ceirde eile a gcomhaontaíonn a cuid iontaobhaithe glacadh leis an íocaíocht, nó

(ii) d'fhonn íocaíocht eile a urscaoileadh a bheidh le déanamh ag na hiontaobhaithe faoi aon socrú ceadaithe eile den sórt sin.

(2) Is iad seo a leanas na coinníollacha dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*:

(a) go bhfuil ordú déanta ag an gcúirt faoi *alt 121(2)* i bhfabhar an pháirtnéara sibhialta;

(b) nach bhfuil tosaithe ar an sochar ainmnithe a íoc;

(c) go bhfuil iarratas déanta chuige sin ag an bpáirtnéir sibhialta leis na hiontaobhaithe; agus

[Uimh. 24.] *An tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta* [2010.]
agus um Chearta agus Oibleagáidí Airithe
de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.

(d) go dtugann an páirtnéir sibhialta an fhaisnéis a éilíonn na hiontaobhaithe.

(3) Faoi réir *alt 124(4)*, féadfaidh iontaobhaithe scéime ranníoca shainithe a ndearnadh ordú ina leith faoi *alt 119(2)*, mura bhfuil iarratas déanta ag an bpáirtnéir sibhialta faoi *fho-ailt (1)* agus *(2)*, méid an aistrithe a chur chun feidhme de réir na dtreoirlínte iomchuí, ar méid é a ríomhtar de réir na dtreoirlínte sin chun íocaíocht a dhéanamh, más rogha leo é—

(a) le scéim pinsean ceirde eile a gcomhaontaíonn a cuid iontaobhaithe glacadh leis an íocaíocht, nó

(b) d'fhonn íocaíocht eile a urscaoileadh a bheidh le déanamh ag na hiontaobhaithe faoi aon socrú ceadaithe eile den sórt sin.

(4) Faoi réir *alt 124(4)*, déanfaidh iontaobhaithe scéime a ndearnadh ordú ina leith faoi *alt 119(2)*, laistigh de 3 mhí tar éis báis páirtnéara shibhialta is comhalta, a fhaigheann bás sula dtosaítear ar an sochar ainmnithe a íoc, socrú go n-íocfar leis an bpáirtnéir sibhialta eile méid atá ar cóimhéid le méid an aistrithe arna ríomh de réir na dtreoirlínte iomchuí.

(5) Faoi réir *alt 124(4)*, féadfaidh iontaobhaithe scéime a bhfuil ordú déanta ina leith faoi *alt 121(2)*, má scoireann an páirtnéir sibhialta is comhalta de bheith ina chomhalta nó ina comhalta, ar shlí seachas ar é nó í d'fháil bháis, méid an aistrithe faoin scéim a chur chun feidhme, de réir na dtreoirlínte iomchuí, más rogha leo é—

(a) má chomhaontaíonn na hiontaobhaithe agus an páirtnéir sibhialta eile amhlaidh, le linn sochar a sholáthar le haghaidh an pháirtnéara shibhialta sin nó ina leith, is sochar a bheidh ar comhluach achtúireach le méid an aistrithe, nó

(b) le linn íocaíocht a dhéanamh, cibé acu—

(i) le scéim pinsean ceirde eile a gcomhaontaíonn a cuid iontaobhaithe glacadh leis an íocaíocht, nó

(ii) d'fhonn íocaíocht eile a dhéanamh a bheidh le déanamh ag na hiontaobhaithe faoi aon socrú ceadaithe eile den sórt sin.

(6) Faoi réir *alt 124(4)*, déanfaidh iontaobhaithe scéime a ndearnadh ordú ina leith faoi *alt 121(2)*, laistigh de 3 mhí tar éis bháis an pháirtnéara shibhialta nach é nó í an comhalta, is duine a fuair bás sular tosaíodh ar an sochar ainmnithe a íoc, socrú chun go n-íocfar le hionadaí pearsanta an pháirtnéara shibhialta sin méid atá ar cóimhéid le méid an aistrithe arna ríomh de réir na dtreoirlínte iomchuí.

(7) Faoi réir *alt 124(4)*, déanfaidh iontaobhaithe scéime a ndearnadh ordú ina leith faoi *alt 121(2)*, laistigh de 3 mhí tar éis bháis an pháirtnéara shibhialta nach é nó í an comhalta, is duine a fuair bás tar éis an trátha ar ar tosaíodh ar an sochar ainmnithe a íoc, socrú chun go n-íocfar le hionadaí pearsanta an pháirtnéara shibhialta sin méid atá ar cóimhéid leis an luach achtúireach, arna ríomh de réir na dtreoirlínte iomchuí, a bheadh ar an gcuid sin den sochar

[2010.] *An tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta [Uimh. 24.] agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.*

Cd.12 A.123

ainmnithe ab iníoctha, murach bás an pháirtnéara sibhialta sin, leis nó léi nó le linn dó nó di a bheith beo.

(8) Déanfaidh iontaobhaithe scéime, a ndearnadh ordú ina leith faoi *alt 121(2)* nó *(5)*, laistigh de 12 mhí ó scoir an pháirtnéir sibhialta is comhalta de bheith ina chomhalta nó ina comhalta, a chur in iúl do chláraitheoir nó do chléireach na cúirte agus don pháirtnéir sibhialta eile go bhfuil an comhaltas scortha, mura mbeidh méid an aistrithe curtha chun feidhme ag na hiontaobhaithe de réir aon cheann *d'fho-ailt (1)* go *(6)*.

(9) Tabharfaidh iontaobhaithe scéime, a chuireann méid aistrithe chun feidhme faoi *fho-alt (3)* nó *(5)*, fógra don pháirtnéir sibhialta nach é nó í an comhalta agus do chláraitheoir nó do chléireach na cúirte, is fógra ina dtabharfar sonraí don pháirtnéir sibhialta sin i dtaobh na scéime agus i dtaobh mhéid an aistrithe.

124.—(1) Sochar is iníoctha de bhun ordaithe a rinneadh faoi *alt 121(2)*, nó sochar teagmhasach is iníoctha de bhun ordaithe a rinneadh faoi *alt 121(5)*, is iníoctha as acmhainní na scéime é agus, mura bhforáiltear a mhalairt leis an ordú nó leis na treoirlínte iomchuí, is iníoctha de réir rialacha na scéime agus na dtreoirlínte sin é.

Íocaíochtaí de dhroim ordaithe faoi alt 119.

(2) Maidir le méid an tsochair scoir is iníoctha leis an bpáirtnéir sibhialta is comhalta, nó méid an tsochair theagmhasaigh is iníoctha leis an bpáirtnéir sibhialta is comhalta nó ina leith, de réir rialacha na scéime iomchuí, laghdófar é de réir an tsochair ainmnithe nó an tsochair theagmhasaigh is iníoctha de bhun ordaithe a rinneadh faoi *alt 121(2)* nó *(5)* nó, de réir mar a bheidh, leis an bpáirtnéir sibhialta eile.

(3) Maidir le méid an tsochair theagmhasaigh is iníoctha de réir rialacha na scéime i leith páirtnéara sibhialta is comhalta a fhaigheann bás sula dtosaítear ar an sochar ainmnithe a íoc de bhun ordaithe faoi *alt 121(2)*, laghdófar é de réir mhéid na híocaíochta a dhéanfar faoi *alt 123(4)*.

(4) Maidir le hiontaobhaithe a dhéanann íocaíocht nó a chuireann méid aistrithe chun feidhme faoi aon cheann *d'fho-ailt (1)* go *(7)* *d'alt 123*, scaoiltear iad ó aon oibleagáid a thuilleadh íocaíochta a dhéanamh nó méid aistrithe eile a chur chun feidhme faoi aon cheann de na fo-ailt sin i leith an tsochair is iníoctha de bhun an ordaithe arna dhéanamh faoi *alt 121(2)*.

(5) Ní bheidh iontaobhaí faoi dhliteanas maidir le haon chaillteanas nó damáiste a dhéantar de bharr ordachán a chomhlíonadh dá dtagraítear in *alt 122(3)* seachas de bharr rialacha na scéime nó Acht 1990 a chomhlíonadh.

125.—(1) Féadfaidh an chúirt a chinneadh cén modh ar a ndíolfar na costais a thabhaíonn iontaobhaithe scéime de dhroim ordaithe faoi *alt 121*, lena n-áirítear na costais a thabhaíonn ceachtar páirtnéir sibhialta nó an bheirt acu sa chomhréir a chinnfidh an chúirt, agus mura ndéantar cinneadh, is iad na páirtnéirí sibhialta féin a thabhóidh na costais sin go cothrom.

Costais.

(2) Féadfaidh an chúirt, ar iarratas chuici ag na hiontaobhaithe, a ordú go ndéanfar méid a ordáíodh do pháirtnéir sibhialta a íoc faoi

Cd.12 A.125 [Uimh. 24.] *An tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta* [2010.]
agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe
de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.

fho-alt (1) agus nár íocadh a asbhaint ó aon sochair is iníoctha leis an bpáirtnéir sibhialta—

- (a) de bhun ordaithe arna dhéanamh faoi *alt 121*, más é nó í an páirtnéir sibhialta tairbhí an ordaithe; agus
- (b) de bhun na scéime, más é nó í an páirtnéir sibhialta an páirtnéir sibhialta is comhalta.

Forálacha eile le haghaidh orduithe faoi *alt 121*.

126.—(1) Tá feidhm ag alt 54 d'Acht 1990 agus ag rialacháin arna ndéanamh faoin alt sin fara aon mhodhnuithe is gá maidir le scéim más rud é gur tionscnaíodh imeachtaí chun foraithe scaoilte a dheonú ar páirtí iontu páirtnéir sibhialta is comhalta, agus leanfaidh siad d'fheidhm a bheith acu d'ainneoin dheonú na foraithe scaoilte.

(2) Chun críocha an ailt seo agus *ailt 121 go 125*, féadfaidh an chúirt, uaithi féin, agus déanfaidh an chúirt má iarrann ceachtar páirtnéir sibhialta nó duine eile lena mbaineann amhlaidh, a ordú d'iontaobhaithe na scéime an méid seo a leanas a sholáthar do na páirtnéirí sibhialta nó don duine eile agus don chúirt, laistigh de thréimhse shonraithe—

- (a) ríomh ar luach agus ar mhéid an tsochair scoir nó an tsochair theagmhasaigh, arna chinneadh de réir treoirlínte iomchuí, is iníoctha nó ab iníoctha, mura mbeadh go ndearnadh an t-ordú le haghaidh na foraithe scaoilte, faoin scéim agus a bheidh fabhráithe tráth déanta an ordaithe, agus
- (b) ríomh ar mhéid an tsochair theagmhasaigh is iníoctha nó ab iníoctha, mura mbeadh go ndearnadh an t-ordú le haghaidh na foraithe scaoilte lena mbaineann, faoin scéim.

Iarratais ar sholáthar as eastát páirtnéara shibhialta éagtha.

127.—(1) Féadfaidh páirtnéir sibhialta, tar éis bhás a pháirtnéara shibhialta nó a páirtnéara shibhialta ach tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis ionadaíocht a dheonú den chéad uair faoin Acht Comharbais 1965 i leith eastát an pháirtnéara shibhialta sin, iarratas a dhéanamh ar ordú faoin alt seo ar sholáthar as an eastát.

(2) Féadfaidh an chúirt le hordú an soláthar a dhéanamh don iarratasóir a mheasfaidh an chúirt is cuí ag féachaint do chearta aon duine eile ag a mbeidh leas sa ní, más deimhin leis an gcúirt nach ndearnadh soláthar cóir sna himthosca don iarratasóir le linn bheatha an éagaigh ar aon chúis seachas iompar ag an iarratasóir a mbeadh sé éagórach, i dtuairim na cúirte, sna himthosca go léir, neamhaird a thabhairt air.

(3) Ní dhéanfaidh an chúirt ordú faoin alt seo i bhfabhar páirtnéara shibhialta atá tar éis clárú i bpáirtnéireacht shibhialta nua, nó atá tar éis pósadh, ón tráth a deonaíodh an fhoraithe scaoilte.

(4) Déanfaidh an chúirt, le linn di breithniú a dhéanamh i dtaobh ordú a dhéanamh faoin alt seo, aird a thabhairt ar imthosca uile an cháis, lena n-áirítear—

- (a) aon ordú arna dhéanamh faoi *alt 117(1)(c)* nó ordú coigeartaithe maoine arna dhéanamh faoi *alt 118* i bhfabhar an iarratasóra, agus

[2010.] *An tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta [Uimh. 24.] agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.*

Cd.12 A.127

(b) aon réadtiomnú nó tiomnacht a rinne an t-éagach i bhfabhar an iarratasóra.

(5) Maidir le luach iomlán an tsoláthair don iarratasóir arna dhéanamh le hordú dá dtagraítear i *bhfo-alt (4)(a)* ar an dáta a rinneadh an t-ordú sin agus le hordú arna dhéanamh faoin alt seo, ní bheidh sé níos mó ná aon scair de chuid an iarratasóra in eastát an pháirtnéara shibhialta éagtha a raibh teideal ag an iarratasóir chuige nó, má fuair an páirtnéir sibhialta éagtha bás ina dhíthiomnóir nó ina díthiomnóir maidir le hiomlán a eastáit nó a heastáit nó cuid de, a mbeadh teideal aige nó aici chuige, mura ndéanfaí an pháirtnéireacht shibhialta a scaoileadh, faoin Acht Comharbais 1965 arna leasú le *Cuid 8*.

(6) Tabharfaidh an t-iarratasóir fógra i dtaobh iarratais faoin alt seo d'aon chéile nó d'aon pháirtnéir sibhialta eile de chuid an éagaigh agus d'aon daoine eile a ordóidh an chúirt agus, le linn dí breith a thabhairt i dtaobh an t-ordú a dhéanamh agus le linn forálacha an ordaithe a chinneadh, beidh aird ag an gcúirt ar aon uiríll arna ndéanamh ag aon duine de na daoine sin.

(7) Déanfaidh ionadaí pearsanta páirtnéara shibhialta éagtha a bhfuil foraithe scaoilte deonaithe ina leith iarracht réasúnach lena chinntiú go ndéanfar aird an pháirtnéara shibhialta eile lena mbaineann ar fhógra i dtaobh an bháis agus, i gcás go ndéanfar iarratas faoin alt seo, ní dhéanfaidh an t-ionadaí pearsanta sin, gan cead ón gcúirt, aon chuid d'eastát an pháirtnéara shibhialta éagtha a dháileadh go dtí go ndéanfaidh an chúirt ordú faoin alt seo nó go ndiúltoídh sí ordú den sórt sin a dhéanamh.

(8) Tabharfaidh páirtnéir sibhialta fógra d'ionadaí pearsanta an pháirtnéara shibhialta éagtha tráth nach déanaí ná aon mhí amháin tar éis an fógra dá dtagraítear i *bhfo-alt (7)* a fháil, más rud é maidir leis an bpáirtnéir sibhialta eile—

(a) go mbeartaíonn sé nó sí iarratas a dhéanamh ar ordú faoin alt seo,

(b) go bhfuil iarratas déanta aige nó aici ar ordú faoin alt seo agus go bhfuil an t-iarratas ar feitheamh, nó

(c) gur éirigh leis nó léi ordú a fháil faoin alt seo.

(9) Mura dtabharfaidh an páirtnéir sibhialta fógra don ionadaí pearsanta mar a cheanglaítear le *fo-alt (8)*, féadfaidh an t-ionadaí pearsanta sócmhainní an pháirtnéara shibhialta éagtha nó aon chuid díobh a dháileadh ar na daoine a bhfuil teideal acu chucu agus níl sé nó sí faoi dhliteanas ag an bpáirtnéir sibhialta i leith an dáilte sin.

(10) Ní dhéantar dochar le haon ní san alt seo do chearta an pháirtnéara shibhialta sócmhainní a leanúint isteach i lámha duine a fuair iad.

(11) Féadfaidh an chúirt, ar fhoraithe scaoilte a dheonú nó aon tráth eile tar éis í a dheonú, ar iarratas chuici chuige sin ag ceachtar páirtnéir sibhialta, ordú a dhéanamh nach ceadmhach do cheachtar de na páirtnéirí sibhialta ná dóibh araon, ar bhás do cheachtar acu, iarratas a dhéanamh ar ordú faoin alt seo, más rud é go measann an chúirt gur cóir déanamh amhlaidh.

(12) San alt seo, ciallaíonn “páirtnéir sibhialta” páirtnéir sibhialta ar scaoileadh a pháirtnéireacht nó a pháirtnéireacht shibhialta.

Cd.12

[Uimh. 24.] *An tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta* [2010.]
agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe
de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.

Orduithe chun
maoin a dhíol.

128.—(1) Féadfaidh an chúirt ordú a dhéanamh lena n-ordaítear maoin a shonraítear san ordú a dhíol, más rud é—

- (a) gur maoin í an mhaoin a bhfuil leas tairbhiúil inti, nó i bhfáltais a díola, ag ceachtar páirtnéir sibhialta nó acu araon, cibé acu ar mhodh seilbhe nó frithdhílse, agus
- (b) go ndéanann nó go ndearna an chúirt ordú um íocaíochtaí tréimhsiúla urraithe, ordú cnapshuime nó ordú coigeartaithe maoin.

(2) Ní fheidhmeoidh an chúirt a dlínse faoi *fho-alt (1)* ar dhóigh lena ndéanfaí dífead do cheart páirtnéara sibhialta an t-áras comhroinnte a áitiú de bhua ordaithe faoin Acht seo.

(3) Féadfaidh go mbeidh na forálacha iarmhartacha agus forlíontacha is dóigh leis an gcúirt is cuí in ordú faoi *fho-alt (1)*, lena n-áirítear forálacha—

- (a) lena sonraítear modh díola na maoin agus cuid de na coinníollacha, nó na coinníollacha go léir, a bhaineann le díol na maoin,
- (b) lena gceanglaítear an mhaoin a thairiscint lena díol le duine nó le haicme daoine a bheidh sonraithe san ordú,
- (c) lena n-ordaítear nach mbeidh éifeacht leis an ordú, nó le cuid shonraithe de, go dtí go dtarlóidh teagmhas sonraithe nó go dtí go mbeidh tréimhse shonraithe caite,
- (d) lena gceanglaítear go ndéanfar íocaíocht nó íocaíochtaí, cibé acu go tréimhsiúil nó mar chnapshuim, le duine sonraithe as na fáltais ó dhíol na maoin, agus
- (e) lena sonraítear an modh a bhfuil na fáltais ó dhíol na maoin le díúscairt i measc na bpáirtnéirí sibhialta agus daoine eile.

(4) Maidir le foráil in ordú faoi *fho-alt (1)* lena gceanglaítear go ndéanfar íocaíochtaí tréimhsiúla le duine de na páirtnéirí sibhialta as fáltais an díola, scoirfidh sí d'éifeacht a bheith léi ar an bpáirtnéir sibhialta sin do chlárú i bpáirtnéireacht sibhialta nua, do phósadh nó d'fháil bháis, ach amháin maidir le híocaíochtaí a bheidh dlíte fúithi ar dháta an chlárúcháin, an phósta nó an bháis.

(5) Déanfaidh an chúirt, le linn di breithniú a dhéanamh i dtaobh ordú a dhéanamh faoin alt seo nó *alt 118* nó *119* maidir le maoin a bhfuil leas tairbhiúil ag páirtnéir sibhialta inti nó a bhfuil leas tairbhiúil ag an bpáirtnéir sibhialta i bhfáltais a díola, deis a thabhairt do dhuine a bhfuil leas tairbhiúil aige nó aici freisin sa mhaoin nó sna fáltais ar uirill a dhéanamh maidir leis an ordú a dhéanamh agus maidir lena mbeidh ann.

(6) Meastar na huirill arna ndéanamh faoi *fho-alt (5)* a bheith ar áireamh in *alt 129* mar nithe a gceanglaítear ar an gcúirt aird a thabhairt orthu in imeachtaí faoi fhoráil dá dtagraítear san alt sin.

(7) Níl feidhm ag an alt seo i ndáil le háras comhroinnte nó teaghlaiigh ina bhfuil, tar éis foraithe scaoilte a dheonú, ceachtar páirtnéir sibhialta ina chónaí nó ina cónaí le páirtnéir sibhialta nua nó le céile nua.

[2010.] *An tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta [Uimh. 24.] agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.*

Cd.12

129.—(1) Déanfaidh an chúirt, le linn di breith a thabhairt i dtaobh ordú a dhéanamh faoi *alt 116, 117, 118, 119(1)(a) nó (b), 120, 121 go 126, 127 nó 131* agus le linn di forálacha an ordaithe a chinneadh, a chinntiú gurb ann don soláthar a mheasfaidh an chúirt a bheith cuí ag féachaint do na himthosca nó go ndéanfar é do na páirtnéirí sibhialta.

Forálacha a bhaineann le horduithe áirithe.

(2) Déanfaidh an chúirt, le linn di breith a thabhairt i dtaobh ordú dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* a dhéanamh agus le linn di forálacha an ordaithe a chinneadh, go háirithe, aird a thabhairt ar na nithe seo a leanas:

- (a) an t-ioncam, an cumas tuillimh, an mhaoin agus na hacmhainní airgeadais eile atá ag gach duine de na páirtnéirí sibhialta nó is dóigh a bheidh acu sa todhchaí is intuartha;
- (b) na riachtanais, na hoibleagáidí agus na freagrachtaí airgeadais atá ar gach duine de na páirtnéirí sibhialta nó is dóigh a bheidh orthu sa todhchaí is intuartha, cibé acu i gcás clárúcháin páirtnéireachta sibhialta nua nó pósta nua nó thairis sin;
- (c) an caighdeán maireachtála a bhí á theachtadh ag na páirtnéirí sibhialta sular tionscnaíodh na himeachtaí nó sular chuir siad tús le bheith ina gcónaí ar leithligh óna chéile;
- (d) aois na bpáirtnéirí sibhialta, an fad a mhair a bpáirtnéireacht shibhialta agus an fad ama ar lena linn a bhí na páirtnéirí sibhialta ina gcónaí lena chéile tar éis a bpáirtnéireacht shibhialta a chlárú;
- (e) aon mhíchumas coirp nó meabhrach atá ar cheachtar páirtnéir sibhialta;
- (f) an cion a rinne gach páirtnéir sibhialta nó an cion is dóigh a dhéanfaidh gach páirtnéir sibhialta sa todhchaí is intuartha ar mhaithe le leas na bpáirtnéirí sibhialta, lena n-áirítear aon chion a rinne gach duine díobh ar mhaithe le hioncam, cumas tuillimh, maoin agus acmhainní airgeadais an duine eile, agus aon chion a rinne ceachtar díobh trí aire a thabhairt don áras comhroinnte;
- (g) an éifeacht ar chumas tuillimh gach duine de na páirtnéirí sibhialta atá ag na freagrachtaí páirtnéireachta sibhialta a ghlac gach páirtnéir air féin nó uirthi féin sa tréimhse ina raibh cónaí orthu lena chéile tar éis a bpáirtnéireacht shibhialta a chlárú agus a mhéid a dhéantar dochar do chumas tuillimh páirtnéara shibhialta sa todhchaí de bhíthin an páirtnéir sibhialta sin do scaradh leis an deis ar ghníomhaíocht le haghaidh luach saothair nó do ligean an chéanna uaidh nó uaithi chun aire a thabhairt don áras comhroinnte;
- (h) aon ioncam nó sochair a bhfuil ceachtar páirtnéir sibhialta ina dteideal le reacht nó faoi reacht;
- (i) iompar gach duine de na páirtnéirí sibhialta, más iompar de chineál é a mbeadh sé éagórach, i dtuairim na cúirte, sna himthosca go léir, neamhaird a thabhairt air;

Cd.12 A.129

[Uimh. 24.] *An tAcht um Páirtnéireacht Sibhialta* [2010.]
agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe
de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.

- (j) na riachtanais chóiríochta ag na páirtnéirí sibhialta araon;
- (k) luach aon sochair (mar shampla, sochar faoi scéim pinsean) do gach duine de na páirtnéirí sibhialta, ar sochar é a gcaillfidh páirtnéir sibhialta an deis nó an seans é a fháil de bhíthin na foraithe scaoilte; agus
- (l) cearta aon duine seachas na páirtnéirí sibhialta ach lena n-áirítear duine lena bhfuil ceachtar páirtnéir sibhialta cláraithe i bpáirtnéireacht sibhialta nua nó lena bhfuil an páirtnéir sibhialta pósta, nó aon leanbh a bhfuil sé d'oibleagáid ar cheachtar de na páirtnéirí sibhialta é nó í a chothabháil.

(3) Déanfaidh an chúirt, le linn di breith a thabhairt i dtaobh ordú a dhéanamh faoi fhoráil dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* agus le linn di forálacha an ordaithe a chinneadh, aird a thabhairt ar théarmaí aon chomhaontaithe idirscartha a bheidh déanta ag na páirtithe agus a bheidh i bhfeidhm fós.

(4) Ní dhéanfaidh an chúirt ordú faoi fhoráil dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* mura mbeadh sé ar mhaithe leis an gceartas déanamh amhlaidh.

Orduithe um íocaíochtaí tréimhsiúla cúlghabhálacha.

130.—Féadfaidh an chúirt, más rud é, ag féachaint d'imthosca uile an cháis, go measfaidh sí gur cuí déanamh amhlaidh, in ordú um íocaíochtaí tréimhsiúla, a ordú—

- (a) go dtosóidh an tréimhse ar ina leith a bheidh íocaíochtaí faoin ordú le déanamh ar dháta sonraithe a bheidh roimh dháta an ordaithe ach tar éis dháta tionscanta na n-imeachtaí i leith dheonú na foraithe scaoilte,
- (b) gan dochar *d'alt 117(1)(c)*, go ndéanfar aon íocaíochtaí faoin ordú i leith na tréimhse roimh dháta an ordaithe a íoc in aon suim amháin agus roimh dháta sonraithe, agus
- (c) go ndéanfaidh an páirtnéir sibhialta a bheidh ag déanamh na n-íocaíochtaí dá dtagraítear i *mír (b)* méid sonraithe a asbhaint atá combhionann le haon íocaíocht arna déanamh ag an bpáirtnéir sibhialta sin leis an bpáirtnéir sibhialta eile agus arna déanamh i gcaitheamh na tréimhse idir an t-ordú i leith dheonú na foraithe scaoilte a dhéanamh agus na himeachtaí a thionscnamh.

Athruithe, etc. ar orduithe áirithe.

131.—(1) Tá feidhm ag an alt seo maidir leis na horduithe seo a leanas:

- (a) ordú cothabhála go dtí go ndéanfar agra;
- (b) ordú um íocaíochtaí tréimhsiúla;
- (c) ordú um íocaíochtaí tréimhsiúla urraithe;
- (d) ordú cnapshuime más rud é go bhforáiltear leis, agus a mhéid a fhoráiltear leis, go n-focfar an chnapshuim ina tráthchodanna, nó más rud é go gceanglaítear leis, agus a mhéid a cheanglaítear leis, go n-urrófar an céanna;

[2010.] *An tAcht um Páirtnéireacht Sibhialta [Uimh. 24.] agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.*

Cd.12 A.131

- (e) ordú faoi *alt 118 (1)(b), (c) nó (d)*, a mhéid nach ndéantar feidhm an ailt seo a shrianadh nó a eisiamh de bhun *alt 118(2)*;
- (f) ordú faoi *alt 118(1)(a) nó (b)*;
- (g) ordú cúitimh airgid;
- (h) ordú faoi *alt 121(2)*, a mhéid nach ndéantar feidhm an ailt seo a shrianadh nó a eisiamh de bhun *alt 121(8)*; agus
- (i) ordú faoin alt seo.

(2) Féadfaidh aon duine de na daoine seo a leanas iarratas a dhéanamh faoin alt seo i leith ordaithe dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*:

- (a) ceachtar páirtnéir sibhialta lena mbaineann;
- (b) i gcás páirtnéir sibhialta d'fháil bháis, duine eile a bhfuil, i dtuairim na cúirte, leas leordhóthanach aige nó aici sa ní; agus
- (c) i gcás clárúcháin páirtnéireachta sibhialta nua nó pósadh ceachtar páirtnéir sibhialta, a pháirtnéir nó a páirtnéir sibhialta nua nó a chéile nó a céile nua.

(3) Faoi réir an ailt seo agus *alt 128* agus aon sriain nó eisiamh de bhun *alt 118(2) nó 121(8)*, agus gan dochar d'*alt 119(6)*, féadfaidh an chúirt, ar iarratas faoi *fho-alt (2)* agus má mheasann sí gur cuí déanamh amhlaidh, ag féachaint d'aon athrú ar imthosca an cháis agus d'aon fhianaise nua, le hordú—

- (a) an t-ordú a athrú nó a urscaoileadh,
- (b) aon fhoráil den ordú a fhionraí,
- (c) aon fhoráil den ordú a fhionraí go sealadach,
- (d) oibriú forála fionraithe a athbheochan,
- (e) ordú a athraíodh roimhe sin faoin alt seo a athrú tuilleadh, agus
- (f) oibriú forála arna fionraí nó arna hathbheochan roimhe sin faoin alt seo a fhionraí nó a athbheochan tuilleadh.

(4) Féadfar a cheangal le hordú faoin alt seo go ndéanfar maoin arna dílsiú do dhuine faoi ordú dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* a dhídhílsiú.

(5) Beidh cumhacht na cúirte faoi *fho-alt (3)* chun ordú dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)(e)* a athrú, a urscaoileadh nó a fhionraí faoi réir aon sriain nó aon eisiamh a bheidh sonraithe san ordú sin agus is cumhacht í—

- (a) chun an tsocraíocht lena mbaineann an t-ordú sin a athrú i bhfabhar aon duine nó chun leas aon duine faoin tsocraíocht sin a mhúchadh nó a laghdú; agus
- (b) chun an fhoráil fhorlíontach a dhéanamh, lena n-áirítear ordú coigeartaithe maoin breise nó ordú cnapshuime, a mheasfaidh an chúirt a bheith cuí de dhroim aon

[Uimh. 24.] *An tAcht um Páirtneireacht Shibhialta* [2010.]
agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe
de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.

athraithe, aon mhúchta nó aon laghdaithe arna dhéanamh faoi *mhír (a)*.

(6) Beidh feidhm ag *alt 128*, fairis na modhnuithe is gá, maidir le haon chás ina ndéanfaidh an chúirt ordú faoi *fho-alt (5)* mar atá feidhm aige maidir le cás ina ndéanfaidh an chúirt ordú coigeartaithe maoinne.

(7) Ní dhéanfaidh an chúirt ordú faoi *fho-alt (5)* má dhealraíonn sé don chúirt go bhféadfadh an t-ordú dochar a dhéanamh do chearta duine nach páirtneír sibhialta lena mbaineann agus a bhfuil ceart nó leas faighte aige nó aici de dhroim an ordaithe dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)(e)*.

(8) Tá feidhm ag an alt seo, fara aon mhodhnuithe is gá, maidir le hionstraimí a fhorghníomhaítear de bhun orduithe dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* mar atá feidhm aige maidir leis na horduithe sin.

(9) Déanfaidh cláráitheoir nó cléireach na cúirte, de réir mar is cuí, cóip d'ordú arna dhéanamh faoi *fho-alt (3)* i ndáil le hordú coigeartaithe maoinne a bhaineann le talamh, ar cóip í a bheidh deimhnithe mar chóip dhílis aige nó aici, a thaisceadh leis an Údarás Clárúcháin Maoinne lena clárú i gClárlann na nGníomhas nó i gClárlann na Talún, de réir mar is cuí.

(10) I gcás go ndéanfar ordú coigeartaithe maoinne arna thaisceadh faoi *alt 118(4)* agus arna chlárú go cuí de bhun *alt 69(1)(h)* den Acht um Chlárú Teidil 1964 a athrú, a urscaoileadh, a fhionraí nó a athbheochan le hordú faoi *fho-alt (3)* agus go mbeidh an dara hordú a luaitear taiscthe go cuí lena chlárú de bhun *fho-alt (9)*, déanfaidh an tÚdarás Clárúcháin Maoinne—

(a) an iontráil a rinneadh sa chlár a leasú nó a chealú dá réir sin, de bhun *alt 118(4)*, faoin Acht um Chlárú Teidil 1964, nó

(b) nóta maidir leis an staid a chur i gClárlann na nGníomhas.

An modh ar a ndéantar íocaíochtaí faoi orduithe áirithe.

132.—(1) Tá feidhm ag an alt seo maidir le hordú faoi *alt 45, 47, 116, 117, 128* nó *131*.

(2) Féadfaidh an chúirt, le hordú, a fhoráil go ndéanfar íocaíocht faoi ordú dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* ar an modh a shonraítear san ordú agus go mbeidh sí faoi réir na dtéarmaí agus na gcoinníollacha sonraithe is cuí leis an gcúirt.

Bac ar orduithe áirithe a achomharc.

133.—Ní dhéanfar oibriú ordaithe a bhfuil achomharc á dhéanamh ina choinne a bhac mura n-ordóidh an chúirt a rinne an t-ordú nó a ndéantar an t-achomharc chuici a mhalairt, i gcás achomhairc arna thionscnamh i gcoinne ordaithe faoi *alt 45, 47, 116, 117(1)(a)* nó *(b)* nó *131(1)(a), (b)* nó *(c)*.

Íocaíochtaí tréimhsiúla a tharchur trí Chléireach Cúirte Dúiche.

134.—D'ainneoin aon ní sa Chuid seo, tá feidhm ag *alt 50* i ndáil le hordú le haghaidh cothabhála go dtí go ndéanfar agra, i ndáil le hordú um íocaíochtaí tréimhsiúla nó i ndáil le hordú um íocaíochtaí tréimhsiúla urraithe, nó i ndáil le ceann de na horduithe sin a ndéanann ordú faoi *alt 131* difear dó, fairis na modhnuithe go léir is gá, lena n-áirítear—

[2010.] *An tAcht um Páirtnéireacht Sibhialta [Uimh. 24.] agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.* Cd.12 A.134

- (a) go bhforléireofar an tagairt in *alt 50(4)* don chreidiúnaí cothabhála mar thagairt don duine a gceanglaítear íocaíochtaí faoin ordú iomchuí a dhéanamh leis nó léi;
- (b) go bhforléireofar na tagairtí eile in *alt 50* don chreidiúnaí cothabhála mar thagairtí don duine ar ar iarratas uaidh nó uaithe a rinneadh an t-ordú iomchuí; agus
- (c) go bhforléireofar na tagairtí in *alt 50(3)* don fhéichiúnaí cothabhála mar thagairt don duine a gceanglaítear air nó uirthi íocaíochtaí a dhéanamh faoin ordú iomchuí.

135.—(1) Maidir leis an tagairt in *alt 98 (1)(h)* den Acht Cosanta 1954 d’ordú chun ailiúnas a íoc, forléireofar í mar thagairt a fholáionn tagairt d’ordú le haghaidh cothabhála go dtí go ndéanfar agra, d’ordú um íocaíochtaí tréimhsiúla nó d’ordú um íocaíochtaí tréimhsiúla urraithe arna dhéanamh faoin Acht seo.

Feidhmiú orduithe le haghaidh cothabhála go dtí go ndéanfar agra agus orduithe um íocaíochtaí tréimhsiúla maidir le comhaltaí áirithe d’Óglaigh na hÉireann.

(2) Déanfar na tagairtí in *alt 99* den Acht Cosanta 1954 do bhean chéile a fhorléiriú mar thagairtí a fholáionn tagairt do pháirtnéir sibhialta de réir bhrí an *Achta um Páirtnéireacht Sibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí 2010.*

136.—Déanfar na tagairtí d’ordú i bhfo-ailt (1) agus (7) d’alt 8 den Acht um Fheidhmiú Orduithe Cúirte 1940 a fhorléiriú mar thagairtí a fholáionn tagairtí d’ordú cothabhála, d’ordú athrúcháin, d’ordú le haghaidh cothabhála go dtí go ndéanfar agra agus d’ordú um íocaíochtaí tréimhsiúla arna dhéanamh faoin Acht seo.

Leasú ar an Acht um Fheidhmiú Orduithe Cúirte 1940.

137.—(1) San alt seo—

ciallaíonn “diúscairt” diúscairt maoin, seachas diúscairt le huacht nó le codaisil;

Cumhachtaí na cúirte i ndáil le hidirbhearta ar chun faoiseamh a chosc nó a laghdú a bheartaítear iad.

ciallaíonn “faoiseamh” na sochair airgeadais nó ábharacha eile a thugtar le hordú faoi *alt 116, 117, 118, 119(1)(a), (b) nó (c), 120, 121 go 126, 127, nó 131* (seachas ordú lena ndéantar difear d’ordú dá dtagraítear in *alt 131(1)(e)*), agus aon tagairtí do shárú a dhéanamh ar éileamh ar fhaoiseamh, is tagairtí iad—

- (a) do chosc a chur le deonú an fhaoisimh don duine lena mbaineann,
- (b) do theorannú an fhaoisimh a dheonaítear, nó
- (c) do chur isteach ar fhorfheidhmiú ordaithe lena ndeonaítear faoiseamh, nó do bhac a chur leis;

ciallaíonn “diúscairt in-athbhreithnithe”, i ndáil le himeachtaí chun faoiseamh a dheonú arna dtionscnamh ag páirtnéir sibhialta, diúscairt a dhéanfaidh an páirtnéir sibhialta eile nó duine eile, ach ní fholáionn sé diúscairt arna déanamh ar chomaoin luachmhar (seachas ar chlárúchán i bpáirtnéireacht sibhialta nua nó i bpósadh) do dhuine a ghníomhaigh, tráth na diúscairthe, de mheon macánta agus gan fógra go raibh sé ar intinn ag an bpáirtnéir sibhialta eile sárú a dhéanamh ar an éileamh ar fhaoiseamh.

[Uimh. 24.] *An tAcht um Páirtnéireacht Sibhialta* [2010.]
agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe
de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.

(2) Féadfaidh an chúirt, ar iarratas arna dhéanamh ag duine a dhéanfaidh an t-iarratas le linn na n-imeachtaí a thionscnaítear chun faoiseamh a dheonú—

- (a) más deimhin léi go mbeartaíonn an páirtneir sibhialta eile lena mbaineann nó duine eile, agus é ar intinn aige nó aici sárú a dhéanamh ar an éileamh ar fhaoiseamh, diúscairt maoin a dhéanamh nó maoin a aistriú amach as an dlínse nó plé ar shlí eile le maoin, an t-ordú a dhéanamh is cúig léi chun srian a chur ar an bpáirtneir sibhialta eile nó ar an duine eile déanamh amhlaidh nó chun an t-éileamh a chosaint ar shlí eile, nó
- (b) más deimhin léi go bhfuil an páirtí sibhialta eile nó an duine eile, agus an méid sin ar intinn aige nó aici, tar éis diúscairt in-athbhreithnithe a dhéanamh agus, i gcás an diúscairt a chur ar ceal, go ndeonófaí faoiseamh nó faoiseamh éagsúil don iarratasóir,

ordú a dhéanamh ag cealú na diúscartha.

(3) I gcás go ndeonóidh an chúirt faoiseamh agus gur deimhin leis an gcúirt go bhfuil diúscairt in-athbhreithnithe déanta ag an bpáirtí sibhialta nó ag an duine eile, leis an intinn dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)(a)*, féadfaidh sí ordú a dhéanamh lena gcealaítear an diúscairt.

(4) Aon chúirt a dhéanfaidh ordú faoi *fho-alt (2)* nó *(3)*, cuirfidh sí aon fhorálacha san ordú a mheasfaidh sí is gá chun an t-ordú a chur i ngníomh, lena n-áirítear forálacha lena gceanglófar aon íocaíochtaí a dhéanamh nó aon mhaoin a dhiúscairt.

(5) In imeachtaí ar iarratas arna dhéanamh faoi *fho-alt (2)* nó *(3)* maidir le diúscairt a rinneadh tráth is tuisce ná 3 bliana roimh dháta an iarratais nó maidir le diúscairt nó plé eile le maoin a bheartaítear a dhéanamh, toimhdeofar, mura suítear a mhalairt, gur dhiúscairt an páirtí sibhialta eile nó an duine eile an mhaoin nó gur phléigh sé nó sí ar shlí eile léi, nó go mbeartaíonn sé nó sí déanamh amhlaidh, agus é ar intinn aige nó aici éileamh an iarratasóra ar fhaoiseamh a shárú, más rud é—

- (a) i gcás dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)(a)*, go mbeadh an toradh sin ar an diúscairt nó ar an bplé eile, ar leith ón alt seo, nó
- (b) in aon chás eile, go raibh an toradh sin ar an diúscairt.

(6) Ní dhéanfar iarratas ar ordú chun diúscairt a chur ar ceal de bhíthin *fho-alt (2)(b)* nó *(3)* amháin tar éis 6 bliana a bheith caite ó dháta na diúscartha.

Costais seirbhísí idirghabhála agus comhairliúcháin.

138.—Is de rogha na cúirte a bheidh costais aon seirbhísí idirghabhála nó comhairliúcháin arna soláthar do pháirtí sibhialta is páirtí nó a thiofadh chun bheith ina pháirtí nó ina páirtí in imeachtaí faoin gCuid seo.

CUID 13

DLÍNSE AGUS NITHE GAOLMHARA EILE

Mínithe.

139.—Sa Chuid seo—

[2010.] *An tAcht um Páirtnéireacht Sibhialta [Uimh. 24.] agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.*

Cd.13 A.139

ciallaíonn “Cúirt Chuarda” an Chúirt Chuarda le linn di a dlínse a fheidhmiú chun imeachtaí dlí páirtnéireachta sibhialta a éisteacht agus a chinneadh nó le linn di imeachtaí dlí páirtnéireachta sibhialta a aistriú chuig an Ard-Chúirt;

folaíonn “páirtnéir sibhialta”, nuair a éilíonn an comhthéacs, duine ba pháirtnéir sibhialta i bpáirtnéireacht a scaoileadh;

ciallaíonn “imeachtaí dlí páirtnéireachta sibhialta” i ndáil le cúirt, imeachtaí os comhair cúirte dlínse inniúla—

- (a) faoin Acht seo, cé is moite de *Chuid 15*,
- (b) faoin Acht um Fhoréigean Baile 1996 arna leasú le *Cuid 9*, nó
- (c) idir páirtnéirí sibhialta faoin *Partition Act 1868* agus faoin *Partition Act 1876*, i gcás gur ní ábhartha maidir leis na himeachtaí iad a bheith ina bpáirtnéirí sibhialta dá chéile.

140.—(1) Faoi réir fhorálacha eile an ailt seo, beidh dlínse chomhthráthach ag an gCúirt Chuarda leis an Ard-Chúirt chun imeachtaí dlí páirtnéireachta sibhialta a éisteacht agus a chinneadh. Dlínse agus láthair.

(2) Beidh dlínse chomhthráthach leis an Ard-Chúirt ag an gCúirt Dúiche, agus ag an gCúirt Chuarda ar achomharc ón gCúirt Dúiche, chun imeachtaí faoi *ailt 45, 46, 47* agus *50* a éisteacht agus a chinneadh ach amháin—

- (a) nach bhfuil dlínse acu ordú a dhéanamh faoi aon cheann de na hailt sin chun suim thréimhsiúil a íoc de réir ráta is airde ná €500 sa tseachtain chun páirtnéir sibhialta a chothú,
- (b) nach bhfuil dlínse acu ordú nó ordachán a dhéanamh faoi cheann de na hailt sin i dtaobh ní a mbeidh ordú nó ordachán déanta faoin alt sin i ndáil leis ag an Ard-Chúirt, agus
- (c) nach bhfuil dlínse ag an gCúirt Dúiche ordú nó ordachán a dhéanamh faoi aon cheann de na hailt sin i dtaobh ní a bhfuil ordú nó ordachán déanta ag an gCúirt Chuarda i ndáil leis seachas ar achomharc ón gCúirt Dúiche.

(3) Ní fheidhmeoidh an chúirt a dlínse in imeachtaí dlí páirtnéireachta sibhialta ach amháin más rud é, maidir le páirtí sna himeachtaí—

- (a) go bhfuil sainchónaí air nó uirthi sa Stát ar an dáta a thionscnófar na himeachtaí, nó
- (b) go bhfuil gnáthchónaí air nó uirthi sa Stát ar feadh na tréimhse bliana dar críoch an dáta sin.

(4) Féadfaidh an breitheamh den chuaird ina bhfuil gnáthchónaí ar pháirtí in imeachtaí dlí páirtnéireachta sibhialta nó ina seolann sé nó sí gnó, gairm nó slí bheatha an dlínse a thugtar don Chúirt Chuarda a fheidhmiú.

[Uimh. 24.] *An tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta* [2010.]
agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe
de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.

(5) Aistroidh an Chúirt Chuarda imeachtaí chun na hArd-Chúirte, ar iarratas arna dhéanamh chuici ag páirtí sna himeachtaí, más rud é, maidir le talamh lena mbaineann na himeachtaí—

(a) gur mó ná €254 a luacháil inráitithe, nó

(b) nach bhfuil luacháil inráitithe tugtha uirthi nó gur ábhar do luacháil inráitithe fara talamh eile é, má chinneann an Chúirt Chuarda gur mhó ná €254 an luacháil inráitithe.

(6) Aon ordú arna dhéanamh nó aon ghníomh arna dhéanamh i gcúrsa na n-imeachtaí roimh aistriú faoi *fho-alt* (5), beidh sé bailí mura ndéanfaidh an Ard-Chúirt é a urscaoileadh nó a athrú.

(7) Aistroidh an Chúirt Dúiche agus an Chúirt Chuarda chun na hArd-Chúirte imeachtaí faoi *Chuid 4* ina mbeidh luach airnéisí tí is mó ná €6,350 faoi shaincheist, ar iarratas arna dhéanamh chuici ag páirtí sna himeachtaí.

(8) Aon ordú arna dhéanamh nó aon ghníomh arna dhéanamh i gcúrsa na n-imeachtaí roimh aistriú faoi *fho-alt* (7), beidh sé bailí mura ndéanfaidh an Ard-Chúirt é a urscaoileadh nó a athrú.

(9) Más rud é gur duine mímhheabhrach páirtneír sibhialta agus go bhfuil cúramaí ar eastát an pháirtneára sibhialta, féadfaidh an chúirt a cheap an cúramaí, faoi réir *fho-ailt* (5) go (8), an dlínse faoin alt seo in imeachtaí faoi *Chuid 4* a fheidhmiú.

(10) Faoi réir *fho-alt* (9), beidh dlínse uile na hArd-Chúirte ag an gCúirt Dúiche chun na nithe seo a leanas a éisteacht agus a chinneadh—

(a) imeachtaí dlí páirtnéireachta sibhialta faoi *Chuid 4*, más rud é—

(i) nach mó ná €25 an luacháil inráitithe, nó

(ii) nach bhfuil luacháil inráitithe tugtha ar an talamh nó gur ábhar do luacháil inráitithe fara talamh eile í an talamh, má chinneann an Chúirt Dúiche nár mhó an luacháil inráitithe ná an méid sin,

agus

(b) ceist a eascróidh as *alt 34* i gcás nach mbeidh luach na n-airnéisí tí a bheartófar a dhiúscairt nó a aistriú nó a dhiúschrófar nó a aistrefar iarbhír níos mó ná €6,350 nó i gcás go bhfuil na hairnéisí, nó go raibh na hairnéisí díreach roimh an urscaoileadh nó an aistriú, in áras comhroinnte, más rud é—

(i) nach mó ná €25 luacháil inráitithe an árais chomhroinnte, nó

(ii) nach bhfuil luacháil inráitithe tugtha ar an áras comhroinnte nó gur ábhar do luacháil inráitithe fara talamh eile é an t-áras comhroinnte, má chinneann an Chúirt Dúiche gur mhó ná an méid sin an luacháil inráitithe.

[2010.] *An tAcht um Páirtnéireacht Sibhialta [Uimh. 24.] agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.*

Cd.13

141.—Déanfaidh duine a bheidh ag tionscnamh imeachtaí dlí páirtnéireachta sibhialta fógra ina dtaobh a thabhairt—

Fógra i dtaobh imeachtaí dlí páirtnéireachta sibhialta.

(a) don pháirtnéir sibhialta eile nó do na páirtnéirí sibhialta lena mbaineann, agus

(b) do dhuine eile má shonraíonn an chúirt amhlaidh.

142.—(1) In imeachtaí dlí páirtnéireachta sibhialta faoi *alt 45, 46, 47, 50, 117, 118, 119(1)(a) nó (b), 120, 121 go 126, 127 nó 131*, tabharfaidh gach duine de na páirtnéirí sibhialta don pháirtnéir sibhialta eile sonraí a mhaoine nó a maoiné nó a ioncain nó a hioncain, a fhéadfaidh a bheith ag teastáil le réasún chun críocha na n-imeachtaí.

Sonraí maoiné.

(2) Duine a mhainneoidh nó a dhiúltóidh *fo-alt (1)* a chomhlíonadh, féadfaidh an chúirt a ordú dó nó di é a chomhlíonadh.

143.—Is in áit dhifriúil nó ar thráthanna difriúla nó ar laethanta difriúla leo sin ar a dtionóltar gnáthshuíonna den Chúirt Chuarda a shuífidh an Chúirt Chuarda chun imeachtaí dlí páirtnéireachta sibhialta a éisteacht agus a chinneadh.

Imeachtaí a éisteacht.

144.—(1) Beidh imeachtaí dlí páirtnéireachta sibhialta chomh neamhfhoirmiúil agus is indéanta agus atá i gcomhréir le riaradh an cheartais.

Seoladh imeachtaí.

(2) Ní chaithfidh breitheamh a shuífidh chun imeachtaí dlí páirtnéireachta sibhialta a éisteacht agus a chinneadh, ná abhcóide ná aturnaí a láithreoidh sna himeachtaí peiriúic ná róba.

145.—Faoi réir fhorálacha alt 40 den Acht um Dhliteanas Sibhialta agus Cúirteanna 2004, éistfear imeachtaí dlí páirtnéara sibhialta ar shlí seachas go poiblí.

Príobháideacht.

146.—Is de réir rogha na cúirte a bheidh na costais in imeachtaí dlí páirtnéireachta sibhialta.

Costais.

147.—Déanfar socrú le rialacha cúirte le haghaidh na doiciméadachta a theastóidh chun imeachtaí dlí páirtnéireachta sibhialta a thionscnamh go hachomair.

Rialacha cúirte.

CUID 14

LEASUITHE IARMHARTACHA EILE

148.—(1) Tá feidhm ag alt 5(4) d'Acht na bPinsean 1990 (arna leasú le hAcht na bPinsean (Leasú) 1996 agus leis an Acht um an Dlí Teaghlaigh (Colscaradh) 1996) agus tá éifeacht leis i ndáil le *hailt 121 go 126 agus 187 go 192* mar atá feidhm aige agus éifeacht leis de bhua alt 47 den Acht um an Dlí Teaghlaigh (Colscaradh) 1996 i ndáil le halt 17 den Acht sin, fairis na modhnuithe seo a leanas:

Feidhm alt 10 d'Acht na bPinsean 1990 agus leasú air.

[Uimh. 24.] *An tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta* [2010.]
agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe
de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.

- (a) forléireofar tagairt d'alt 12 den Acht um an Dlí Teaghlaigh 1995 nó d'alt 17 den Acht um an Dlí Teaghlaigh (Colscaradh) 1996 mar thagairt d'ailt 121 go 126 agus d'ailt 187 go 192;
- (b) forléireofar an tagairt i mír (c) den Acht um an Dlí Teaghlaigh 1995 nó den Acht um an Dlí Teaghlaigh (Colscaradh) 1996 mar thagairt don *Acht um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí 2010*;
- (c) forléireofar na tagairtí d'fho-ailt (1), (2), (3), (5), (6), (7), (8), (10) agus (25) d'alt 12 den Acht um an Dlí Teaghlaigh 1995 agus d'alt 17 den Acht um an Dlí Teaghlaigh (Colscaradh) 1996 mar thagairtí d'ailt 121(1), (2) agus (5), 123(1), (2), (3), (4), (5) agus (7) agus 126(2), nó d'ailt 187(1), (2) agus (5), 189(1), (2), (3), (4), (5) agus (7) agus 192, de réir mar a bheidh, den *Acht um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí 2010*, faoi seach; agus
- (d) forléireofar an tagairt d'alt 2 den Acht um an Dlí Teaghlaigh 1995 nó den Acht um an Dlí Teaghlaigh (Colscaradh) 1996 mar thagairt d'alt 109 nó 187.

(2) Leasaítear fo-alt 10(1)(cc) (arna leasú le halt 5 d'Acht na bPinsean (Leasú) 1996 agus alt 47(c) den Acht um an Dlí Teaghlaigh (Colscaradh) 1996) d'Acht na bPinsean 1990, trí “agus maidir le forálacha an Achta um an Dlí Teaghlaigh 1995, an Achta um an Dlí Teaghlaigh (Colscaradh) 1996 agus an *Acht um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí 2010*, a bhaineann le scéimeanna pinsean (de réir bhrí alt 2 den Acht um an Dlí Teaghlaigh 1995, alt 2 den Acht um an Dlí Teaghlaigh (Colscaradh) 1996 agus alt 109 agus 187 den *Acht um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí 2010*)” a chur in ionad “agus maidir le forálacha an Achta um an Dlí Teaghlaigh 1995, an Achta um an Dlí Teaghlaigh (Colscaradh) 1996, a bhaineann le scéimeanna pinsean (de réir bhrí alt 2 den Acht um an Dlí Teaghlaigh 1995 agus alt 2 den Acht um an Dlí Teaghlaigh (Colscaradh) 1996”.

Míniú.

149.—San alt seo agus in ailt 150 go 157, ciallaíonn “Acht 1996” an tAcht um an Dlí Teaghlaigh (Colscaradh) 1996.

Leasú ar alt 2 d'Acht 1996.

150.—Leasaítear alt 2(1) d'Acht 1996 trí na mínithe seo a leanas a chur isteach:

“tá le ‘páirtnéireacht shibhialta’ an bhrí a shanntar dó leis an *Acht um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí 2010*;

folaíonn ‘clárúchán’ maidir le páirtnéireacht shibhialta, dul i gcaidreamh d'aicme de chaidrimh dhlíthiúla is ábhar d'ordú arna dhéanamh faoi alt 5 den *Acht um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí 2010*;

Leasú ar alt 13 d'Acht 1996.

151.—Leasaítear alt 13(5) d'Acht 1996—

[2010.] *An tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta [Uimh. 24.]* CD.14 A.151
agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe
de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.

(a) i mír (a)—

(i) trí “, nó ar chláru dó nó di i bpáirtnéireacht shibhialta,” a chur isteach i ndiaidh “*d’fho-alt (1)*” agus

(ii) trí “nó an chlárucháin páirtnéireachta sibhialta” a chur isteach i ndiaidh “*dháta an athphósta*”,

agus

(b) i mír (b), trí “nó go gcláróidh ceachtar díobh i bpáirtnéireacht shibhialta” a chur isteach i ndiaidh “*lena mbaineann*”.

152.—Leasaítear alt 14(3) d’Acht 1996 trí “nó go gcláróidh ceachtar díobh i bpáirtnéireacht shibhialta” a chur isteach i ndiaidh “*lena mbaineann*”. Leasú ar alt 14 d’Acht 1996.

153.—Leasaítear alt 16(2) d’Acht 1996—

Leasú ar alt 16 d’Acht 1996.

(a) i mír (b), trí “, do chláru i bpáirtnéireacht sibhialta” a chur isteach roimh “*nó d’fháil bháis*”, agus

(b) i mír (c), trí “nó a chláraigh i bpáirtnéireacht shibhialta” a chur isteach i ndiaidh “*a d’athphós*”.

154.—Leasaítear alt 17 d’Acht 1996—

Leasú ar alt 17 d’Acht 1996.

(a) i bhfo-alt (19), trí “nó é nó í do chláru i bpáirtnéireacht shibhialta” a chur isteach i ndiaidh “*ar athphósadh an duine sin*”, agus

(b) i bhfo-alt (23)(a), trí “nó a chláraigh i bpáirtnéireacht shibhialta” a chur isteach i ndiaidh “*a d’athphós*”.

155.—Leasaítear alt 18 d’Acht 1996—

Leasú ar alt 18 d’Acht 1996.

(a) i bhfo-alt (2), trí “nó a chláraigh i bpáirtnéireacht shibhialta” a chur isteach i ndiaidh “*a d’athphós*”.

(b) i bhfo-alt (5), tríd an leagan cuí gramadaí de “, páirtnéir sibhialta nó iarpháirtnéir sibhialta” a chur isteach i ndiaidh an leagain chomhfhreagraigh de “*céile*”, gach áit a bhfuil sé,

156.—Leasaítear alt 19(4) d’Acht 1996—

Leasú ar alt 19 d’Acht 1996.

(a) trí “nó do chláru i bpáirtnéireacht shibhialta” a chur isteach i ndiaidh “*an chéile sin*”, agus

(b) trí “nó an chlárucháin páirtnéireachta sibhialta” a chur isteach i ndiaidh “*an athphósta*” .

157.—Leasaítear alt 20(2)(b) d’Acht 1996, trí “nó chláru an chéile i bpáirtnéireacht shibhialta” a chur isteach i ndiaidh “*athphósadh an chéile*”. Leasú ar alt 20 d’Acht 1996.

Cd.14	[Uimh. 24.] <i>An tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta</i> [2010.] <i>agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.</i>
Míniú.	158. —San alt seo agus in <i>ailt 159 go 167</i> , ciallaíonn “Acht 1995” an tAcht um an Dlí Teaghlaigh 1995.
Leasú ar alt 2 d’Acht 1995.	159. —Leasaítear alt 2(1) d’Acht 1995, trí na mínithe seo a leanas a chur isteach ann: “tá le ‘páirtnéireacht shibhialta’ an bhrí a shanntar dó leis an <i>Acht um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí 2010</i> ; folaíonn ‘clárú’, maidir le páirtnéireacht shibhialta, dul i gcaidreamh d’aicme de chaidrimh dhlíthiúla is ábhar d’ordú arna dhéanamh faoi <i>alt 5</i> den <i>Acht um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí 2010</i> .”
Leasú ar alt 8 d’Acht 1995.	160. —Leasaítear alt 8(5) d’Acht 1995— (a) i mír (a)— (i) trí “, nó ar an gcéile sin do chlárú i bpáirtnéireacht shibhialta” a chur isteach i ndiaidh “fho-alt (1)”, agus (ii) trí “nó an chlárúcháin páirtnéireachta sibhialta” a chur isteach i ndiaidh “ar dháta an athphósta” agus (b) i mír (b), trí “nó go gcláróidh ceachtar díobh i bpáirtnéireacht shibhialta,” a chur isteach i ndiaidh “lena mbaineann,”.
Leasú ar alt 9 d’Acht 1995.	161. —Leasaítear alt 9(3) d’Acht 1995, trí “nó go gcláróidh ceachtar díobh i bpáirtnéireacht shibhialta,” a chur isteach i ndiaidh “lena mbaineann,”.
Leasú ar alt 11 d’Acht 1995.	162. —Leasaítear alt 11(2) d’Acht 1995— (a) i mír (b), trí “, do chlárú i bpáirtnéireacht sibhialta” a chur isteach roimh “nó d’fháil bháis”, agus (b) i mír (c), trí “do chlárú i bpáirtnéireacht shibhialta” a chur isteach i ndiaidh “d’athphósadh”.
Leasú ar alt 12 d’Acht 1995.	163. —Leasaítear alt 12 d’Acht 1995— (a) i bhfo-alt (19), trí “nó do chlárú i bpáirtnéireacht shibhialta” a chur isteach i ndiaidh “d’athphósadh”, agus (b) i bhfo-alt (23)(a), trí “nó clárú i bpáirtnéireacht shibhialta” a chur isteach i ndiaidh “athphósadh”.
Leasú ar alt 15 d’Acht 1995.	164. —Leasaítear alt 15(4) d’Acht 1995— (a) trí “nó do chlárú i bpáirtnéireacht shibhialta” a chur isteach roimh “nó d’athphósadh”, agus

[2010.] *An tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta [Uimh. 24.]* Cd.14 A.164
agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe
de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.

(b) trí “nó an chlárucháin páirtnéireachta sibhialta” a chur isteach i ndiaidh “an athphósta”.

165.—Leasaítear alt 15A(2) (a cuireadh isteach le halt 52(g) den Leasú ar alt 15A d’Acht 1995, trí “nó clárú i bpáirtnéireacht shibhialta” a chur isteach i ndiaidh “athphósadh”).

166.—Leasaítear alt 23 d’Acht 1995— Leasú ar alt 23 d’Acht 1995.

(a) i bhfo-alt (2)(d)—

(i) trí “I gcás go mbeidh duine” a chur in ionad “I gcás go mbeidh céile”,

(ii) trí “nó clárú i bpáirtnéireacht shibhialta” a chur isteach i ndiaidh “athphósadh”, agus

(iii) trí “duine sin” a chur in ionad “chéile sin” gach áit a bhfuil sé,

(b) i bhfo-alt (5), trí “nó do chláru i bpáirtnéireacht shibhialta” a chur isteach i ndiaidh “d’athphósadh”, agus

(c) i bhfo-alt (6)—

(i) i mír (b), trí “nó do chláru i bpáirtnéireacht shibhialta” a chur isteach i ndiaidh “d’athphósadh” agus “nó ar a gclárofar an céile sin i bpáirtnéireacht shibhialta” a chur isteach i ndiaidh “ar a n-athphósfar an céile sin”, agus

(ii) i mír (c), trí “nó go gclároídh ceachtar de na céilí i bpáirtnéireacht shibhialta” a chur isteach i ndiaidh “go n-athphósfaidh na céilí”.

167.—(1) Leasaítear alt 25(2) d’Acht 1995, trí “nó clárú i bpáirtnéireacht shibhialta” a chur isteach i ndiaidh “athphósadh”. Leasú ar alt 25 d’Acht 1995.

(2) Leasaítear alt 25(6) d’Acht 1995—

(a) trí “, nó don pháirtí sibhialta (más ann)” a chur isteach i ndiaidh “don chéile (más ann)”, agus

(b) trí “nó ag an bpáirtí sibhialta” a chur isteach i ndiaidh “uiríoll a bheidh déanta ag an gcéile”.

168.—Leasaítear na hAchtanna a shonraítear i *gCuid 3* den Cearta maoine. *Sceideal* mar a chuirtear in iúl sa *Sceideal* sin.

169.—Leasaítear na hAchtanna a shonraítear i *gCuid 4* den Forálacha um shásamh. *Sceideal* mar a chuirtear in iúl sa *Sceideal* sin.

170.—Leasaítear na hAchtanna a shonraítear i *gCuid 5* den Forálacha ilghnéitheacha eile. *Sceideal* mar a chuirtear in iúl sa *Sceideal* sin.

[Uimh. 24.] *An tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta* [2010.]
agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe
de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.

CUID 15

COMHCHÓNAITHEOIRÍ

Míithe.

171.—Sa Chuid seo—

tá le “comhchónaitheoir” an bhrí a shanntar dó in *alt 172*;

ciallaíonn “cúirt” an Ard-Chúirt, an Chúirt Chuarda nó an Chúirt Dúiche;

ciallaíonn “leanbh cleithiúnach”, i ndáil le comhchónaitheoir nó lánúin is comhchónaitheoirí, aon leanbh arb iad an bheirt chomhchónaitheoirí a thuismitheoirí nó a tuismitheoirí agus atá—

- (a) faoi bhun 18 mbliana d’aois, nó
- (b) 18 mbliana d’aois nó os a cionn agus atá—
 - (i) ag fáil oideachais nó teagaisc lánaimseartha in aon ollscoil, coláiste, scoil nó foras eile oideachais agus atá faoi bhun 23 bliana d’aois, nó
 - (ii) neamhábalta ar aire a thabhairt dá riachtanais féin de dheasca míchumais meabhrach nó coirp.

Comhchónaitheoir agus comhchónaitheoir cáilithe.

172.—(1) Chun críocha na Coda seo, is duine de 2 aosach comhchónaitheoir (cibé acu an den ghnéas céanna nó den ghnéas eile) a chónaíonn le chéile mar lánúin i ndlúthchaidreamh tiomanta agus nach bhfuil gaolmhar le chéile de réir na gcéimeanna gaoil toirmisceithe nó atá pósta le chéile nó ina bpáirtnéirí sibhialta dá chéile.

(2) Le linn di cinneadh a dhéanamh i dtaobh an comhchónaitheoirí 2 aosach nó nach ea, déanfaidh an chúirt imthosca uile an chaidrimh a chur i gcuntas agus go háirithe tabharfaidh sí aird ar na nithe seo a leanas:

- (a) fad an chaidrimh;
- (b) an bonn ar a bhfuil an lánúin ina gcónaí le chéile;
- (c) a mhéid atá ceachtar aosach i gcleithiúnas an duine eile ó thaobh airgeadais de agus aon chomhaontuithe i leith a gcúrsaí airgeadais;
- (d) méid agus cineál aon socruithe airgeadais idir na haosaigh, lena n-áirítear aon cheannach i gcomhpháirt ar eastát nó ar leas i dtalamh nó aon fháil i gcomhpháirt ar mhaoin phearsanta;
- (e) an amhlaidh atá leanbh cleithiúnach amháin nó níos mó ann;
- (f) an amhlaidh atá leanaí an duine eile faoi chúram duine de na haosaigh agus an amhlaidh a thugann sé nó sí tacaíocht dóibh; agus
- (g) a mhéid a dhéanann na haosaigh iad féin a chur i láthair mar lánúin do dhaoine eile.

[2010.] *An tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta [Uimh. 24.] agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.*

Cd.15 A.172

(3) D'fhonn amhras a sheachaint, ní scoireann caidreamh de bheith ina dhlúthchaidreamh chun críche an ailt seo de bhíthin amháin nach de chineál gnéasach a thuilleadh an caidreamh.

(4) Chun críocha an ailt seo, is faoi réim céime gaoil toirmisce 2 aosach, más rud é—

(a) go dtóir miscí orthu pósadh ar a chéile sa Stát, nó

(b) go bhfuil caidreamh acu lena chéile dá dtagraítear sa Tríú Sceideal a ghabhann leis an Acht um Chlárú Sibhialta 2004, arna chur isteach le *halt 26* den Acht seo.

(5) Chun críocha na Coda seo, ciallaíonn comhchónaitheoir cáilithe aosach a bhí i gcaidreamh comhchónaitheora le haosach eile agus a bhí, díreach roimh an tráth a tháinig deireadh leis an gcaidreamh sin, cibé acu trí bhás nó ar shlí eile, ina chónaí nó ina cónaí leis an aosach eile ar feadh tréimhse—

(a) 2 bhliain nó níos faide, i gcás gurb iad na tuismitheoirí ar leanbh cleithiúnach amháin nó níos mó iad, agus

(b) 5 bliana nó níos faide, in aon chás eile.

(6) D'ainneoin *fho-alt (5)*, aon aosach a bheadh, thairis sin, ina chomhchónaitheoir nó ina comhchónaitheoir cáilithe, ní comhchónaitheoir cáilithe é nó í más rud é—

(a) gurb aosach, nó gurbh aosach aon tráth le linn an chaidrimh lena mbaineann, a bhí pósta ar dhuine eile duine de na haosaigh nó iad araon, agus

(b) an tráth a thagann deireadh leis an gcaidreamh lena mbaineann, nár chónaigh gach aosach ar leith, atá nó a bhí pósta, ar leithligh óna chéile nó óna céile ar feadh tréimhse nó tréimhsí 4 bliana ar a laghad i rith na 5 bliana roimhe sin.

173.—(1) Féadfaidh comhchónaitheoir cáilithe, faoi réir aon chomhaontaithe faoi *alt 202*, iarratas a dhéanamh chun na cúirte, iar bhfógra don chomhchónaitheoir eile, ar ordú faoi *ailt 174, 175* agus *187* nó faoi aon cheann díobh.

Iarratas ar shásamh i leith comhchónaitheora cáilithe atá i gcleithiúnas go heacnamaíoch.

(2) Má dheimhníonn an comhchónaitheoir cáilithe don chúirt go bhfuil sé nó sí i gcleithiúnas an chomhchónaitheora eile ó thaobh airgeadais de, agus go n-eascraíonn an cleithiúnas airgeadais sin as an gcaidreamh nó as deireadh do theacht leis an gcaidreamh, féadfaidh an chúirt, más deimhin léi go bhfuil sé cóir cothromasach é sin a dhéanamh sna himthosca go léir, an t-ordú lena mbaineann a dhéanamh.

(3) Le linn di a chinneadh an bhfuil sé cóir cothromasach ordú a dhéanamh sna himthosca go léir, beidh aird ag an gcúirt ar na nithe seo a leanas—

(a) na himthosca, na riachtanais agus hoibleagáidí airgeadais atá ag gach comhchónaitheoir cáilithe ar leith amhail ar dháta an iarratais nó is dóigh a eascróidh amach anseo,

(b) faoi réir *fho-alt (5)*, cearta agus oibleagáidí aon chéile nó iarchéile,

[Uimh. 24.] *An tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta* [2010.]
agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe
de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.

- (c) cearta agus teidil aon pháirtnéara shibhialta nó iarpháirtnéara shibhialta,
- (d) cearta agus teidil aon linbh chleithiúnaigh nó aon linbh as caidreamh roimhe sin ag ceachtar comhchónaitheoir,
- (e) an fad a mhair caidreamh na bpáirtithe, an bonn ar a ndearna na páirtithe an caidreamh agus a mhéid a bhí na páirtithe tiomanta dá chéile,
- (f) an cion a rinne gach comhchónaitheoir nó an cion is dóigh a dhéanfaidh gach comhchónaitheoir sa todhchaí is intuatha ar mhaithe le leas na gcomhchónaitheoirí nó ar mhaithe le leas ceachtar acu, lena n-áirítear aon chion a rinne gach duine díobh ar mhaithe le hioncam, cumas tuillimh nó maoin agus acmhainní airgeadais an duine eile,
- (g) aon chion a rinne ceachtar acu chun aire a thabhairt don áras,
- (h) an éifeacht ar chumas tuillimh gach duine de na comhchónaitheoirí atá ag na freagrachtaí a ghlac gach duine díobh air féin nó uirthi féin sa tréimhse ina raibh cónaí orthu lena chéile mar lánúin agus a mhéid a dhéantar dochar do chumas tuillimh comhchónaitheora cháilithe sa todhchaí de bhíthin an comhchónaitheoir cáilithe sin do scaradh leis an deis ar ghníomhaíocht le haghaidh luach saothair nó do ligean an chéanna uaidh nó uaidhi chun aire a thabhairt don áras,
- (i) aon mhíchumas coirp nó meabhrach ar an gcomhchónaitheoir cáilithe, agus
- (j) iompar gach duine de na comhchónaitheoirí, más iompar de chineál é a mbeadh sé éagórach, i dtuairim na cúirte, neamhaird a thabhairt air.

(4) Féadfaidh an chúirt a ordú fógra a thabhairt d'aon duine eile a shonróidh sí agus féadfaidh sí an duine eile a éisteacht de réir na dtéarmaí agus i leith na nithe is cuí léi ar mhaithe leis an gceartas sula ndéanfaidh sí ordú dá dtagraítear san alt seo.

(5) Ní dhéanfaidh an chúirt ordú dá dtagraítear san alt seo i bhfabhar comhchónaitheora cháilithe a dhéanfaidh difear d'aon cheart de chuid aon duine lena bhfuil nó lena raibh an comhchónaitheoir eile pósta.

(6) Féadfaidh an chúirt, ar iarratas ón gcomhchónaitheoir cáilithe nó ón gcomhchónaitheoir eile, má mheasann sí gur cuí déanamh amhlaidh ag féachaint d'aon athrú ar imthosca an cháis agus d'aon fhianaise nua, lena n-áirítear aon athrú ar na himthosca a tharla mar gheall ar athrú le hordú eile ón gcúirt a rinneadh i bhfabhar duine lena bhfuil nó lena raibh an comhchónaitheoir eile pósta, le hordú—

- (a) ordú a athrú nó a urscaoileadh faoi *alt 175* nó *187*,
- (b) aon fhoráil d'ordú den sórt sin a fhionraí,
- (c) aon fhoráil d'ordú den sórt sin a fhionraí go sealadach,
- (d) oibriú forála fionraithe a athbheochan,

[2010.] *An tAcht um Páirtneireacht Shibhialta [Uimh. 24.] agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.*

Cd.15 A.173

(e) ordú a athraíodh roimhe sin faoin alt seo a athrú tuilleadh, nó

(f) oibriú forála a fionraíodh nó athbheodh roimhe sin faoin alt seo a fhionraí nó a athbheochan tuilleadh.

(7) I gcás go ndéanfaidh an chúirt ordú faoi *alt 174, 175(1)(c)* nó *187* i bhfabhar comhchónaitheora cáilithe, féadfaidh an chúirt, sna himeachtaí céanna nó aon dáta is déanaí ná sin, ar iarratas ó cheachtar comhchónaitheoir cáilithe lena mbaineann, a ordú nach mbeidh ceachtar acu ná an bheirt acu, ar bhás an duine eile, i dteideal iarratas a dhéanamh ar ordú faoi *alt 194*.

(8) Más rud é go ndearnadh ordú faoi *alt 174, 175(1)(c)* nó *187* dá dtagraítear i *bhfo-alt (7)* ach nach ndearnadh é a fhorghníomhú fós tráth a dhéantar an t-ordú faoi *fho-alt (7)*, ní bheidh éifeacht leis an ordú faoi *fho-alt (7)* go dtí go ndéanfar an t-ordú eile sin a fhorghníomhú.

174.—(1) Féadfar foráil a dhéanamh le hordú faoin alt seo maidir le haon cheann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas:

Orduithe coigeartaithe maoiné.

(a) ceachtar comhchónaitheoir d'aistriú don chomhchónaitheoir eile nó chun tairbhe an chomhchónaitheora eile maoin shonraithe ina bhfuil leas ag an gcomhchónaitheoir cibé acu i seilbh nó i bhfrithdhílse;

(b) maoin shonraithe ina bhfuil leas ag an gcomhchónaitheoir cibé acu i seilbh nó i bhfrithdhílse a shocrú chun sástacht na cúirte, chun tairbhe an chomhchónaitheora eile nó linbh chleithiúnaigh;

(c) comhaontú dá dtagraítear in *alt 202* (faoi réir *alt 202(4)*) nó socraíocht eile (lena n-áirítear socraíocht arna déanamh le huacht nó le codaisíl) a rinneadh ar na comhchónaitheoirí a athrú chun tairbhe do cheachtar comhchónaitheoir nó chun tairbhe linbh chleithiúnaigh; agus

(d) leas ceachtar comhchónaitheoir a mhúchadh nó a laghdú faoi chomhaontú dá dtagraítear in *alt 202* (faoi réir *alt 202(4)*).

(2) Beidh aird ag an gcúirt, sula ndéanfaidh sí ordú faoin alt seo, ar é a bheith indéanta, sna himthosca go léir, friotháil ar riachtanais airgeadais an chomhchónaitheora cáilithe le hordú arna dhéanamh faoi *alt 175* nó *187*, ag féachaint do na himthosca go léir, lena n-áirítear a dhóchúla atá sé go dtiocfadh athrú ar imthosca ceachtar comhchónaitheoir cáilithe sa todhcháí.

175.—(1) Féadfaidh an chúirt, ar iarratas chuici chuige sin arna dhéanamh ag an gcomhchónaitheoir cáilithe, aon cheann amháin nó níos mó de na horduithe seo a leanas a dhéanamh le linn do cheachtar comhchónaitheoir a bheith beo:

Orduithe cothabhála cúitimh.

(a) ordú go ndéanfaidh ceachtar comhchónaitheoir leis an gcomhchónaitheoir eile íocaíochtaí tréimhsiúla de na méideanna, le linn na tréimhse agus ar na tráthanna a shonrófar san ordú;

[Uimh. 24.] *An tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta* [2010.]
agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe
de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.

- (b) ordú go n-áiritheoidh ceachtar comhchónaitheoir na híocaíochtaí tréimhsiúla ar na méideanna chun an chomhchónaitheora eile, chun sástacht na cúirte, le linn na tréimhse agus ar na tráthanna a shonrófar san ordú; agus
- (c) ordú go ndéanfaidh ceachtar comhchónaitheoir leis an gcomhchónaitheoir eile íocaíocht cnapshuime nó íocaíochtaí cnapshuime ar na méideanna agus ar an tráth nó ar na tráthanna a shonrófar san ordú.

(2) Féadfaidh an chúirt a ordú do chomhchónaitheoir cáilithe cnapshuim a íoc leis an gcomhchónaitheoir cáilithe eile faoi chomhair aon dliteanas nó aon chaiteachas arna dtabhú le réasún ag an gcomhchónaitheoir cáilithe eile le linn dó é féin a chothabháil nó le linn di í féin a chothabháil sula ndéanfaidh an comhchónaitheoir cáilithe eile iarratas ar ordú faoi *fho-alt (1)*.

(3) Maidir le hordú faoin alt seo chun cnapshuim a íoc, féadfar a fhoráil leis go n-íocfar an cnapshuim sin ina tráthchodanna de na méideanna a fhéadfar a shonrú san ordú agus féadfar a cheangal leis go n-áiritheofar íoc na dtráthchodanna chun sástacht na cúirte.

(4) Beidh tús leis an tréimhse a shonrófar in ordú faoi *fho-alt (1)(a)* nó *(b)* tráth nach luaithe ná an dáta a rinneadh an t-iarratas ar an ordú agus beidh críoch léi tráth nach déanaí ná dáta báis an chomhchónaitheora cháilithe is túsce a gheobhaidh bás.

(5) Scoirfidh ordú arna dhéanamh faoi *fho-alt (1)(a)* nó *(b)* d'éifeacht a bheith leis ar phósadh nó ar chlárú i bpáirtnéireacht shibhialta, nó i gcaidreamh dlíthiúil is ábhar d'ordú faoi *alt 5*, don chomhchónaitheoir cáilithe ar ina fhabhar nó ina fabhar a rinneadh an t-ordú, ach amháin maidir le híocaíochtaí a bheidh dlite faoi ar dháta an phósta nó an chlárúcháin.

(6) Ní dhéanfaidh an chúirt ordú faoin alt seo i bhfabhar comhchónaitheora cháilithe atá pósta nó cláraithe i bpáirtnéireacht shibhialta, nó i gcaidreamh dlíthiúil is ábhar d'ordú faoi *alt 5*.

(7) Déanfaidh an chúirt a dhéanfaidh ordú faoi *fho-alt (1)(a)*, sna himeachtaí céanna, ordú astaithe tuillimh faoi *alt 176* chun íocaíochtaí faoin ordú a áirithiú, más deimhin léi, tar éis di aon uirill ar an ní a chur san áireamh arna ndéanamh chuici ag an gcomhchónaitheoir cáilithe ar ordáíodh dó nó di íocaíochtaí a dhéanamh faoin bhfo-alt sin—

- (a) gurb inmhianaithe an t-ordú chun íocaíochtaí a áirithiú faoi ordú faoi *fho-alt (1)(a)* agus faoi aon athruithe agus dearbhuithe ar an ordú sin, agus
- (b) gur duine a bhfuil tuilleamh le hóc leis nó léi an duine ar ina aghaidh nó ina haghaidh a dhéantar an t-ordú astaithe tuillimh.

Ordú astaithe
tuillimh.

176.—(1) Chun críocha an ailt seo agus *ailt 177* go *186*—

ciallaíonn “réamhordú” ordú faoi *alt 175*;

ciallaíonn “ordú astaithe tuillimh” ordú á ordú go ndéanfaidh fostóir asbhaintí tréimhsiúla de na méideanna iomchuí a shonraítear san ordú a asbhaint as tuilleamh an fhéichiúnaí cothabhála, ar na

[2010.] *An tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta [Uimh. 24.] agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.*

Cd.15 A.176

tráthanna a shonraítear san ordú, ag féachaint don ghnáth-ráta asbhainte agus don ráta tuillimh chosanta;

folaíonn “fostóir” iontaobhaí scéime pinsean faoina bhfuil sochair phinsin thréimhsiúla á bhfáil ag an bhféichiúnaí cothabhála;

ciallaíonn “creidiúnaí cothabhála” i ndáil le hordú astaithe tuillimh, an comhchónaitheoir cáilithe a rinne iarratas ar an ordú;

ciallaíonn “féichiúnaí cothabhála” comhchónaitheoir cáilithe a gceanglaítear air nó uirthi le réamhordú íocaíochtaí a dhéanamh;

ciallaíonn “gnáth-ráta asbhainte” an ráta a measfaidh an chúirt gur réasúnach an tuilleamh lena mbaineann an t-ordú astaithe tuillimh a fheidhmiú dá réir le linn réamhordú a chomhlíonadh, ar ráta é nach mó ná an ráta a dhealraíonn don chúirt is gá—

- (a) chun a áirithiú go n-íofar na suimeanna a thiocfaidh chun bheith dlite ó am go ham faoin réamhordú, agus
- (b) chun a áirithiú go n-íofar laistigh de thréimhse réasúnach aon suimeanna a bheidh dlite cheana féin agus gan íoc faoin réamhordú agus aon chostais a tabhaíodh in imeachtaí i ndáil leis an réamhordú agus is iníoctha ag an bhféichiúnaí cothabhála;

ciallaíonn “ráta tuillimh chosanta” an ráta ar cúí i dtuairim na cúirte, ag féachaint do riachtanais an fhéichiúnaí cothabhála, nach ndéanfaí an tuilleamh iomchuí a laghdú faoina bhun trí íocaíocht de bhun ordaithe astaithe tuillimh.

(2) Féadfaidh an chúirt, ar iarratas chuige sin chuici, ordú astaithe tuillimh a dhéanamh más deimhin léi gur duine an féichiúnaí cothabhála a bhfuil tuilleamh le híoc leis nó léi agus gurb inmhiannaithe an t-ordú chun íocaíochtaí a áirithiú faoin réamhordú agus faoi aon leasuithe, athruithe nó daingnithe air.

(3) An chúirt a dhéanfaidh réamhordú, nó ordú lena ndéanfar, lena n-athrófar nó lena ndearbhófar ar achomharc réamhordú, déanfaidh sí ordú astaithe tuillimh sna himeachtaí céanna má tá sí sásta leis na nithe a luaitear i *bhfo-alt* (2).

(4) Déanfaidh duine a mbeidh ordú astaithe tuillimh dírithe chuige nó chuici na méideanna a ordaíodh a asbhaint a íoc leis an gcreidiúnaí cothabhála nó le cléireach na Cúirte Dúiche a shonraítear san ordú lena dtarchur chun an chreidiúnaí cothabhála.

(5) Sula dtabharfaidh an chúirt breith i dtaobh an ndéanfaidh sí ordú astaithe tuillimh nó an ndiúltoídh sí é a dhéanamh, tabharfaidh an chúirt deis don chreidiúnaí cothabhála uiríll a dhéanamh, agus beidh aird aici ar aon uiríll a dhéanfar, a bhaineann leis na nithe seo a leanas maidir leis an gcreidiúnaí cothabhála—

- (a) an duine é nó í a bhfuil tuilleamh le híoc leis nó léi, agus
- (b) an ndéanfadh sé nó sí na híocaíochtaí lena mbaineann an t-ordú iomchuí.

(6) Cuirfidh an chúirt in ordú astaithe tuillimh na sonraí a cheanglaítear ionas go bhféadfaidh an duine a mbeidh an t-ordú dírithe chuige nó chuici an féichiúnaí cothabhála a aithint.

Cd.15 A.176

[Uimh. 24.] *An tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta* [2010.]
agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe
de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.

(7) Na híocaíochtaí a íocfar faoi ordú astaithe tuillimh, is íocaíochtaí iad in ionad íocaíochtaí ar cóimhéid leo faoin réamhordú iomchuí nár íocadh agus a bheadh, mura mbeadh an t-ordú astaithe tuillimh, le híoc faoin réamhordú.

Ordú astaithe tuillimh a chomhlíonadh.

177.—(1) Cuirfidh an cláraitheoir cúirte nó an cléireach cúirte a shonraítear san ordú astaithe tuillimh faoi deara an t-ordú a sheirbheáil ar an duine a bhfuil sé dírithe chuige nó chuici agus ar aon duine a thiocfaidh chun a bheith ina fhostóir nó ina fostóir de chuid an fhéichiúnaí cothabhála dá éis sin agus a bhfaighidh an cláraitheoir nó an cléireach fios faoi nó fúithi.

(2) Féadfar an tseirbheáil a dhéanamh tríd an ordú nó trí chóip de a fhágáil in áit chónaithe nó in áit ghnó an duine sa Stát, nó tríd an ordú nó trí chóip de a chur, leis an bpost cláraithe réamhíoctha, chun na háite cónaithe nó na háite gnó sin.

(3) Déanfaidh duine ar a mbeidh ordú astaithe tuillimh dírithe an t-ordú sin a chomhlíonadh má dhéantar é a sheirbheáil air nó uirthi ach ní bheidh sé nó sí faoi dhliteanas maidir le neamhchomhlíonadh sula mbeidh 10 lá caite ó thráth na seirbheála.

(4) Más rud é, maidir le duine a bhfuil ordú astaithe tuillimh dírithe chuige nó chuici, nach fostóir an fhéichiúnaí cothabhála é nó í nó go scoirfidh sé nó sí de bheith ina fhostóir nó ina fostóir ag an bhféichiúnaí cothabhála, déanfaidh an duine, laistigh de 10 lá ó thráth na seirbheála nó ó dháta an scoir, fógra faoin bhfóras sin a thabhairt don chúirt.

(5) Tabharfaidh an duine ráiteas i scríbhinn don fhéichiúnaí cothabhála maidir le méid iomlán gach asbhainte arna déanamh as tuilleamh féichiúnaí cothabhála i gcomhlíonadh ordaithe astaithe tuillimh.

Suimeanna arna bhfáil ag cléireach a chur chun feidhme.

178.—Maidir le híocaíochtaí arna ndéanamh le cléireach faoi ordú astaithe tuillimh, measfar, nuair a tharchuirfidh an cléireach chuig an bhféichiúnaí cothabhála iad, gur íocaíochtaí iad a d'íoc an féichiúnaí cothabhála chun go n-urscaoilfí—

(a) sa chéad ásc, aon suimeanna is iníoctha faoin réamhordú, agus

(b) ansin, aon chostais in imeachtaí i ndáil leis an réamhordú ab iníoctha ag an bhféichiúnaí cothabhála an uair a rinneadh, nó an uair dheiridh a athraíodh, an t-ordú astaithe tuillimh.

Ráiteas maidir le tuilleamh.

179.—(1) Féadfaidh an chúirt, i ndáil le hordú astaithe tuillimh nó le hiarratas ar an gcéanna, roimh an éisteacht nó le linn na héisteachta nó le linn don ordú a bheith i bhfeidhm, a ordú—

(a) don fhéichiúnaí cothabhála ráiteas i scríbhinn a bheidh sínithe a thabhairt don chúirt, laistigh de thréimhse shonraithe, ina sonrúfar—

(i) ainm agus seoladh gach fostóra de chuid an fhéichiúnaí cothabhála,

[2010.] *An tAcht um Páirtneireacht Shibhialta [Uimh. 24.] agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.*

Cd.15 A.179

- (ii) sonraí maidir le tuilleamh agus tuilleamh ionchasach an fhéichiúnaí agus maidir le hacmhainní agus riachtanais an fhéichiúnaí, agus
 - (iii) sonraí chun a chumasú do na fostóirí an féichiúnaí cothabhála a shainaithe,
- (b) d'aon duine ar dealraitheach don chúirt an fhéichiúnaí cothabhála a bheith ar fostú aige nó aici ráiteas a bheidh sínithe ag an duine, nó thar a cheann nó thar a ceann, ina dtabharfar sonraí sonrath i dtaobh thuilleamh agus thuilleamh ionchasach an fhéichiúnaí a thabhairt don chúirt laistigh de thréimhse shonraithe.

(2) Féadfaidh ceanglas a bheith i bhfógra faoi iarratas ar ordú astaithe tuillimh a sheirbheálfar ar fhéichiúnaí cothabhála á cheangal go dtabharfaidh an fhéichiúnaí cothabhála don chúirt, laistigh den thréimhse agus ar an tslí a shonrófar san fhógra, ráiteas i scríbhinn i dtaobh na nithe dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)(a)* agus i dtaobh aon nithe eile atá iomchuí, nó a fhéadfaidh a bheith iomchuí, maidir leis an ngnáth-ráta asbhainte agus an ráta tuillimh chosanta a shonrófar san ordú a chinneadh.

(3) In aon imeachtaí i ndáil le hordú astaithe tuillimh, beidh ráiteas arna thabhairt don chúirt do chomhlíonadh ordaithe faoi *mhír (a)* nó *(b) d'fho-alt (1)* den alt seo nó ceanglais faoi *fho-alt (2)* inghlactha mar fhianaise ar na fíorais a bheidh luaite sa chéanna, agus measfar gur ráiteas a tugadh amhlaidh, mura suífear a mhalairt, doiciméad a airbheartóidh gur ráiteas den sórt sin é.

180.—I gcás go bhfuil ordú astaithe tuillimh i bhfeidhm—

Fógra faoi athruithe ar fhostaíocht agus ar thuilleamh.

- (a) tabharfaidh an fhéichiúnaí cothabhála fógra i scríbhinn don chúirt a rinne an t-ordú faoi gach ócáid ar a bhfágfaidh sé nó sí aon fhostaíocht, nó ar a rachaidh sé nó sí ar fostaíocht nó ar athfhostaíocht, tráth nach déanaí ná 10 lá ón dáta a dhéanfaidh sé nó sí amhlaidh,
- (b) déanfaidh an fhéichiúnaí cothabhála, ar aon ócáid a rachaidh sé nó sí ar fostaíocht nó ar athfhostaíocht, sonraí a thuillimh nó a tuillimh agus a thuillimh ionchasaigh nó a tuillimh ionchasaigh a chur san fhógra, agus
- (c) aon duine a thiocfaidh chun bheith ina fhostóir nó ina fostóir ag an bhféichiúnaí cothabhála agus a bhfuil a fhios aige nó aici go bhfuil an t-ordú i bhfeidhm agus cén chúirt a rinne é, déanfaidh sé nó sí, laistigh de 10 lá ó cibé dáta is déanaí díobh seo a leanas, an dáta a thiocfaidh sé nó sí chun bheith ina fhostóir nó ina fostóir ag an bhféichiúnaí cothabhála agus an dáta a thiocfaidh sé nó sí ar an eolas, fógra i scríbhinn a thabhairt don chúirt á rá go bhfuil sé nó sí tagtha chun bheith ina fhostóir nó ina fostóir, agus áireoidh sé nó sí ráiteas san fhógra i dtaobh thuilleamh agus thuilleamh ionchasach an fhéichiúnaí.

181.—(1) I gcás go bhfuil ordú astaithe tuillimh i bhfeidhm, déanfaidh an chúirt a rinne an t-ordú, ar iarratas ó fhostóir an fhéichiúnaí cothabhála, ón bhféichiúnaí cothabhála nó ón duine a n-íoctar íocaíochtaí leis nó léi faoin ordú, a chinneadh, maidir le híocaíochtaí nó codanna d'íocaíochtaí a dhéantar leis an bhféichiúnaí

Cumhacht chun a chinneadh an tuilleamh íocaíochtaí áirithe.

[Uimh. 24.] *An tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta* [2010.]
agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe
de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.

cothabhála is íocaíochtaí d'aicme nó de thairisc áirithe a shonraítear san iarratas, an íocaíochtaí iad chun críche an ordaithe.

(2) I gcás go ndéanfaidh an fostóir iarratas faoi *fho-alt (1)*, ní bheidh an fostóir faoi dhliteanas mar gheall ar neamhchomhlíonadh an ordaithe maidir le haon íocaíochtaí nó codanna d'íocaíochtaí den aicme nó den tuairisc a bheidh sonraithe leis an iarratas agus a dhéanfaidh sé nó sí fad a bheidh an t-iarratas, cinneadh i ndáil leis nó achomharc i gcoinne an chinnidh ar feitheamh.

(3) Ní bheidh feidhm ag *fo-alt (2)* má dhéanann an fostóir an t-iarratas a tharraingt siar nó an t-achomharc a thréigean ina dhiaidh sin.

Daoine i seirbhís an Stáit, údaráis áitiúil etc.

182.—(1) Tá feidhm ag an alt seo i gcás go bhfuil féichiúnaí cothabhála i seirbhís an Stáit, údaráis áitiúil de réir bhrí an Achta Rialtais Áitiúil 1941, údaráis cuain de réir bhrí na nAchtanna Cuanta 1946 go 2005, Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, coiste gairmoideachais a bunaíodh leis an Acht Oideachais Ghairme Beatha 1930, coiste talmhaíochta a bunaíodh leis an Acht Talmhaíochta 1931, nó comhlachta eile má íoctar a thuilleamh nó a tuilleamh go díreach as airgead arna íoc ag an Oireachtas nó as an bPríomh-Chiste, nó más comhalta de cheachtar Teach den Oireachtas é nó í.

(2) Chun críocha *ailt 176 go 186*, meastar gurb iad na hoifigigh seo a leanas fostóirí an fhéichiúnaithe cothabhála agus meastar gurb iad a d'íoc an tuilleamh a íocadh leis an bhféichiúnaí cothabhála as an bPríomh-Chiste nó as airgead arna sholáthar ag an Oireachtas:

- (a) i gcás gur i roinn, in oifig, in eagra, i seirbhís, i ngnóthas nó i gcomhlacht eile atá an féichiúnaí cothabhála ar fostú, a príomhoifigeach nó a phríomhoifigeach, nó aon oifigeach eile a bheidh ainmnithe ó am go ham ag an Aire den Rialtas a riarann an comhlacht sin;
- (b) i gcás gur i seirbhís údaráis nó comhlachta atá an féichiúnaí cothabhála, príomhoifigeach an údaráis nó an chomhlachta, agus
- (c) in aon chás eile, i gcás go n-íoctar an féichiúnaí cothabhála as an bPríomh-Chiste nó as airgead arna sholáthar ag an Oireachtas, Rúnaí na Roinne Airgeadais nó aon oifigeach eile a bheidh ainmnithe ó am go ham ag an Aire Airgeadais.

(3) Aon cheist a eascróidh in imeachtaí le haghaidh ordaithe astaithe tuillimh nó a eascróidh as ordú astaithe tuillimh i dtaobh cén comhlacht a fhostaíonn féichiúnaí cothabhála, féadfar í a tharchur chuig an Aire Airgeadais agus féadfaidh sé nó sí í a chinneadh, ach ní bheidh aon oibleagáid air nó uirthi breithniú a dhéanamh ar an tarchur murab í an chúirt a tharchuirfidh an cheist.

(4) Aon doiciméad a airbheartóidh cinneadh ón Aire Airgeadais faoi *fho-alt (3)* a bheith ann agus a bheith sínithe ag oifigeach don Aire sin, beidh sé inghlactha i bhfianaise in aon imeachtaí a luaitear san *fho-alt* sin, agus measfar, mura suífear a mhalairt, ráiteas cruinn ar an gcinneadh sin a bheith ann.

[2010.] *An tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta [Uimh. 24.] agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.*

Cd.15

183.—(1) Féadfaidh an chúirt a rinne ordú astaithe tuillimh, más cuí léi, ar iarratas ón gcreidiúnaí cothabhála, ón bhféichiúnaí cothabhála nó ón gcléireach ar ar iarratas uaidh nó uaithi a rinneadh an t-ordú, ordú a dhéanamh lena n-urscaoiltear nó lena n-athraítear an t-ordú sin.

Ordú astaithe tuillimh a urscaoileadh, a athrú agus do dhul as feidhm.

(2) Déanfaidh an fostóir ar a seirbheálfar ordú lena n-athraítear ordú astaithe tuillimh é a chomhlíonadh ach níl sé nó sí faoi dhliteanas maidir le neamhchomhlíonadh sula mbeidh 10 lá caite ó thráth na seirbheála.

(3) Má scoireann fostóir dá ndéanann ordú astaithe tuillimh difear de bheith mar fhostóir ag an bhféichiúnaí cothabhála, rachaidh an t-ordú as feidhm a mhéid a bhaineann sé leis an bhfostóir sin, ach amháin maidir le hasbhaintí as tuilleamh a íocfaidh an fostóir tar éis an scoir agus asbhaintí a rinne an fostóir sin aon tráth as tuilleamh a íoc leis an gcreidiúnaí cothabhála.

(4) Ní choisfidh ordú do dhul as feidhm faoi *fho-alt (3)* é do leanúint i bhfeidhm chun críocha eile.

184.—(1) Scoirfidh ordú astaithe tuillimh d'éifeacht a bheith aige ar an réamh-ordú iomchuí a urscaoileadh, ach amháin maidir le híocaíochtaí faoin ordú astaithe tuillimh i leith aon ama roimh dháta an urscaoilte.

Ordú astaithe tuillimh do scor d'éifeacht a bheith aige.

(2) Tabharfaidh cléireach nó cláraitheoir na cúirte a rinne an t-ordú astaithe tuillimh fógra faoi scor don fhostóir.

185.—(1) I gcás go bhfuil ordú astaithe tuillimh déanta, rachaidh aon imeachtaí as feidhm a tionscnaíodh faoi *fho-alt (1)* d'alt 8 den Acht um Fheidhmiú Orduithe Cúirte 1940 chun an réamh-ordú iomchuí a fhorfheidhmiú agus, aon bharántas nó ordú a eisíodh nó a rinneadh faoin bhfo-alt sin, scoirfidh sé d'éifeacht a bheith aige.

Leigheasanna eile.

(2) Scoirfidh ordú astaithe tuillimh d'éifeacht a bheith aige ar ordú a dhéanamh faoi alt 8 den Acht um Fheidhmiú Orduithe Cúirte 1940 chun an réamh-ordú iomchuí a fhorfheidhmiú.

186.—(1) Féadfaidh creidiúnaí cothabhála nach bhfaigheann suim airgid a bheidh dlite faoi ordú astaithe tuillimh, nó an cléireach a mbeidh an tsuim sin le hóc leis nó léi, agairt a dhéanamh maidir leis an tsuim mar fhiach conartha shimplí in aon chúirt dlínse inniúla, más é is cúis leis an mainneachtain an tsuim a fháil—

Forfheidhmiú.

(a) duine do mhainneachtain, gan leithscéal réasúnach, *alt 177(3)* nó *(4)*, nó ordú faoi *alt 179* nó *183(2)* a chomhlíonadh, nó

(b) duine do thabhairt ráiteas bréagach nó míthreorach faoi *alt 179(1)* nó fógra bréagach nó míthreorach faoi *alt 180*, gan leithscéal réasúnach.

(2) Aon duine a thabharfaidh do chúirt ráiteas de bhun *alt 179* nó fógra faoi *alt 180* arb eol dó nó di é a bheith bréagach nó míthreorach, tá cion déanta aige nó aici agus dlífeair ar é nó í a chiontú go hachomair fíneáil nach mó ná €254 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná sé mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

Cd.15 A.186 [Uimh. 24.] *An tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta* [2010.]
agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe
de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.

(3) Aon duine a sháraíonn *alt 177(3)*, tá cion déanta aige nó aici agus dlífeair ar é nó í a chiontú go hachomair fíneáil nach mó ná €63 a chur air nó uirthi.

Orduithe
coigeartaithe pinsin.

187.—(1) San alt seo agus in *ailt 188 go 192*—

ciallaíonn “Acht 1990” Acht na bPinsean 1990;

ciallaíonn “comhalta gníomhach”, i ndáil le scéim, comhalta den scéim atá i seirbhís ináirithe;

ciallaíonn “luach achtúireach” luach coibhéiseach sochair in airgead tirim (lena n-áirítear, más cuí, soláthar le haghaidh aon athluachála ar an sochar sin) faoi scéim arna ríomh faoi threoir toimhdeana airgeadais cuí agus an dóchúlacht á cur san áireamh go cuí go mairfidh duine go dtí gnáthaois inphinsin, agus thar an aois sin, de réir an ghnáthionchais saoil, ar an toimhde go bhfuil gnáthbhail sláinte ar an gcomhalta, an dáta ríomha éifeachtach, ag féachaint dá aois nó dá haois;

ciallaíonn “socrú ceadaithe”, i ndáil le hiontaobhaithe scéime, socrú trína ndéanann na hiontaobhaithe, thar ceann an duine a ndéantar an socrú dó nó di, polasaithe nó conarthaí árachais a bhaint amach atá ceadaithe ag na Coimisinéirí Ioncaim, le gnóthas nó gnóthais, agus trína ndéanann siad na híocaíochtaí cuí faoi na polasaithe nó na conarthaí le gnóthas nó gnóthais;

ciallaíonn “sochar teagmhasach” sochar is iníoctha faoi scéim, seachas íocaíocht faoi *alt 189(4)*, leis an gcomhchónaitheoir marthanach cáilithe (má cheadaíonn an scéim amhlaidh), le haon chleithiúnaithe de chuid an chomhchónaitheora cháilithe is comhalta, nó le hionadaí pearsanta an chomhchónaitheora cháilithe is comhalta, nó chun sochair dóibh, má éagann an comhchónaitheoir cáilithe is comhalta le linn dó nó di a bheith i bhfostaíocht iomchuí, agus sula slánaíonn sé nó sí aon ghnáthaois inphinsin dá bhforáiltear faoi rialacha na scéime;

tá le “scéim ranníoca shainithe” an bhrí a shanntar dó le halt 2(1) (arna leasú le halt 29(1)(a)(ii) den Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean 2008) d’Acht 1990;

ciallaíonn “sochar ainmnithe”, i ndáil le hordú coigeartaithe pinsin, méid a chinneann iontaobhaithe scéime, de réir treoirlínte iomchuí agus faoi threoir na tréimhse agus an chéatadáin den sochar scoir a shonraítear in ordú faoi *fho-alt (2)*;

ciallaíonn “comhchónaitheoir cáilithe is comhalta” i ndáil le scéim, comhchónaitheoir cáilithe is comhalta den scéim;

ciallaíonn “gnáthaois inphinsin” an aois is luaithe ag a bhfuil comhalta de scéim i dteideal sochair a fháil faoi rialacha na scéime ar é nó í do scor ó fhostaíocht iomchuí, gan féachaint d’aon rialacha lena ndéantar foráil le haghaidh luathscoir ar fhorais drochshláinte nó eile;

tá le “scéim pinsean ceirde” an bhrí a shanntar dó le halt 2(1) d’Acht 1990;

ciallaíonn “seirbhís ináirithe” seirbhís i bhfostaíocht iomchuí le linn do dhuine a bheith mar chomhalta d’aon scéim;

[2010.] *An tAcht um Páirtnéireacht Sibhialta [Uimh. 24.] agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.*

Cd.15 A.187

ciallaíonn “treoirínite iomchuí” aon treoirínite iomchuí atá i bhfeidhm de thuras na huairte faoi alt 10(1)(c) nó (cc) (arna leasú le halt 5 d’Acht na bPinsean (Leasú) 1996, alt 47(c) den Acht um an Dlí Teaghlaigh (Colscaradh) 1996, alt 13(b) d’Acht na bPinsean (Leasú) 2002 agus alt 37 den Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean 2007) d’Acht 1990;

ciallaíonn “fostaíocht iomchuí” i ndáil le scéim, aon fhostaíocht, nó aon tréimhse a ndéileáiltear léi mar fhostaíocht, nó aon tréimhse féinfhostaíochta lena mbaineann scéim;

ciallaíonn “sochair scoir” i ndáil le scéim, na sochair go léir, seachas sochair theagmhasacha, is infoctha faoin scéim;

ciallaíonn “rialacha”, i ndáil le scéim, forálacha na scéime cibé ainm a thugtar orthu;

ciallaíonn ‘scéim’—

- (a) scéim pinsean ceirde de réir bhrí Acht na bPinsean 1990,
- (b) conradh blianachta arna cheadú ag na Coimisinéirí Ioncaim faoi alt 784 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997, nó conradh arna cheadú amhlaidh faoi alt 785 den Acht sin,
- (c) scéim iontaobhais, nó cuid de scéim iontaobhais, arna cheadú faoi alt 784(4) nó 785(5) den Acht sin,
- (d) polasaí nó conradh árachais arna cheadú ag na Coimisinéirí Ioncaim faoi Chaibidil 1 de Chuid 30 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997, nó
- (e) scéim nó socrú eile, lena n-áirítear plean pinsean pearsanta agus scéim nó socrú a bhunaítear le reacht nó le hionstraim arna déanamh faoi reacht seachas na hAchtanna Leasa Shóisialaigh, nó a bhunaítear de bhun an chéanna, lena ndéantar socrú nó lena mbeartaítear socrú a dhéanamh maidir le ceachtar den dá ní seo a leanas nó maidir leo araon:
 - (i) sochair do dhuine is comhalta den scéim nó den socrú ar scor dó nó di ag gnáthaois inphinsin nó ar scor dó nó di níos luaithe nó níos déanaí ná sin nó ar é nó í d’fhágáil na fostaíochta iomchuí nó ar scor don fhostaíocht iomchuí, agus
 - (ii) sochair do bhaintreach, do bhaintreach fir nó do chleithiúnaithe an duine dá dtagraítear i *bhfomhír (i)*, dá pháirtnéir sibhialta nó dá pháirtnéir sibhialta nó don duine a bhí ina pháirtnéir sibhialta nó ina pháirtnéir sibhialta go dtí gur éag an duine dá dtagraítear i *bhfomhír (i)*, dá chomhchónaitheoir cáilithe nó dá chomhchónaitheoir cáilithe nó don duine arbh é nó í a chomhchónaitheoir cáilithe nó a chomhchónaitheoir cáilithe é nó í go dtí gur éag an duine dá dtagraítear i *bhfomhír (i)*, nó d’aon daoine eile, ar an duine sin d’fháil bháis;

forléireofar ‘méid an aistrithe’ de réir *fho-alt (4)*;

[Uimh. 24.] *An tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta* [2010.]
agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe
de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.

tá le “gnóthas” an bhrí chéanna atá le “ ‘gnóthas árachais’ nó ‘gnóthas’ ” in alt 2(1) (arna chur isteach le halt 3(1) den Acht Arachais 2000) den Acht Árachais 1989.

(2) Ar iarratas chuici chuige sin ag ceachtar comhchónaitheoir cáilithe, féadfaidh an chúirt, le linn do chomhchónaitheoir cáilithe is comhalta do bheith beo, ordú a dhéanamh lena ndéantar foráil go n-íocfar sochar leis an gcomhchónaitheoir cáilithe eile, de réir an ailt seo agus *ait 188 go 192*, arb é a bheidh ann an chuid den sochar is iníoctha faoin scéim agus a bheidh fabhráithe tráth déanta an ordaithe, nó an chuid den chuid sin is cú leis an gcúirt.

(3) Sonrófar leis an ordú faoi fho-alt (2)—

- (a) an tréimhse seirbhíse ináirithe de chuid an chomhchónaitheora cháilithe is comhalta a bheidh le cur i gcuntas, agus
- (b) an céatadán den sochar scoir a fabhraíodh le linn na tréimhse sin a bheidh le hóc leis an gcomhchónaitheoir cáilithe eile.

(4) I gcás go ndéanfaidh an chúirt ordú faoi *fho-alt (2)* i bhfabhar comhchónaitheora cháilithe agus nár tosaíodh ar an sochar ainmnithe lena mbaineann a íoc, beidh an comhchónaitheoir cáilithe i dteideal go ndéanfar, de réir *alt 189(1)*, méid airgid as an scéim (dá ngairtear “méid an aistrithe” san fho-alt seo) a chur chun feidhme, is méid atá combhionann le luach an tsochair ainmnithe arna chinneadh ag iontaobhaithe na scéime de réir treoirlínte iomchuí.

(5) Féadfaidh an chúirt, ar iarratas chuici chuige sin ag ceachtar comhchónaitheoir cáilithe, ordú a dhéanamh lena ndéantar foráil go n-ndéanfar, ar bhás an chomhchónaitheora cháilithe is comhalta, an chuid sin de shochar teagmhasach is iníoctha faoin scéim, nó an chuid den chuid sin is cú leis an gcúirt, a íoc leis an gcomhchónaitheoir cáilithe eile.

(6) Le linn di breith a thabhairt i dtaobh ordú coigeartaithe pinsin a dhéanamh nó gan é a dhéanamh, beidh aird ag an gcúirt i dtaobh an bhfuil soláthar cúí ann, ag féachaint do na himthosca, don chomhchónaitheoir cáilithe nach comhalta nó an bhfuil sé indéanta an soláthar cúí sin a dhéanamh faoi *alt 175*.

Forálacha nóis
imeachta maidir le
horduithe
coigeartaithe pinsin.

188.—(1) Aon duine a dhéanann iarratas faoi *alt 187 (2)* nó *(5)*, tabharfaidh sé nó sí fógra faoin iarratas d’iontaobhaithe na scéime. Déanfaidh an chúirt, le linn di breith a thabhairt i dtaobh an t-ordú a dhéanamh agus le linn di forálacha an ordaithe a chinneadh, aird a thabhairt ar uirill arna ndéanamh ag na daoine ar tugadh fógra dóibh faoin alt seo.

(2) Scoirfidh ordú dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* d’éifeacht a bheith leis ar an duine ar ina fhabhar nó ina fabhar a rinneadh an t-ordú do dhéanamh páirtnéireacht shibhialta, do phósadh nó d’fháil bháis.

(3) Féadfaidh an chúirt, le linn di ordú dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* a dhéanamh, aon ordacháin is cú léi a thabhairt d’iontaobhaithe na scéime, lena n-áirítear ordachán lena gceanglófaí ar na hiontaobhaithe gan rialacha na scéime nó Acht 1990 a chomhlíonadh.

[2010.] *An tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta [Uimh. 24.] agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.*

Cd.15 A.188

(4) D'ainneoin *fho-alt (3)*, ní dhéanfar íocaíocht faoi *alt 187(5)* a cheadú le hordachán arna thabhairt faoi *fho-alt (3)*, mura rud é go ndéantar foráil go sainráite leis an scéim lena mbaineann maidir le sochair theagmhasacha a íoc le comhchónaitheoirí.

(5) Déanfaidh cláraitheoir nó cléireach na cúirte a dhéanfaidh ordú dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*, a chur faoi deara cóip den ordú a sheirbheáil ar iontaobhaithe na scéime.

189.—(1) Faoi réir *alt 190(4)*, déanfaidh iontaobhaithe scéime a bhfuil ordú faoi *alt 187(2)* déanta ina leith, i gcás go bhfuil na coinníollacha atá leagtha amach i *bhfo-alt (2)* á gcomhlíonadh, méid an aistrithe arna ríomh de réir treoirlínte iomchuí a chur chun feidhme, de réir na dtreoirlínte sin—

Rialacha maidir le híocaíochtaí faoi scéimeanna.

(a) má chomhaontaíonn na hiontaobhaithe agus an comhchónaitheoir cáilithe amhlaidh, le linn sochar a sholáthar le haghaidh an chomhchónaitheora cháilithe nó ina leith, is sochar a bheidh ar comhluach achtúireach le méid an aistrithe, nó

(b) le linn íocaíocht a dhéanamh, de rogha an chomhchónaitheora cháilithe—

(i) le scéim pinsean ceirde eile a gcomhaontaíonn a cuid iontaobhaithe glacadh leis an íocaíocht, nó

(ii) d'fhonn íocaíocht eile a urscaoileadh a bheidh le déanamh ag na hiontaobhaithe faoi aon socrú ceadaithe eile den sórt sin.

(2) Is iad seo a leanas na coinníollacha dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*:

(a) go bhfuil ordú déanta ag an gcúirt faoi *alt 187(2)* i bhfabhar an chomhchónaitheora cháilithe;

(b) nach bhfuil tosaithe ar an sochar ainmnithe a íoc;

(c) go bhfuil iarratas déanta chuige sin ag an gcomhchónaitheoir cáilithe chuig na hiontaobhaithe; agus

(d) go dtugann an comhchónaitheoir cáilithe an fhaisnéis a éilíonn na hiontaobhaithe.

(3) Faoi réir *alt 190(4)*, féadfaidh iontaobhaithe scéime ranníoca shainithe a ndearnadh ordú ina leith faoi *alt 187(2)*, mura bhfuil iarratas déanta ag an gcomhchónaitheoir cáilithe faoi *fho-alt (1)* agus (2), méid an aistrithe, arna ríomh de réir treoirlínte iomchuí, a chur chun feidhme de réir na dtreoirlínte sin chun íocaíocht a dhéanamh, dá rogha féin—

(a) le scéim pinsean ceirde eile a gcomhaontaíonn a cuid iontaobhaithe glacadh leis an íocaíocht, nó

(b) d'fhonn íocaíocht eile a urscaoileadh a bheidh le déanamh ag na hiontaobhaithe faoi aon socrú ceadaithe eile den sórt sin.

(4) Faoi réir *alt 190(4)*, déanfaidh iontaobhaithe scéime a ndearnadh ordú ina leith faoi *alt 187(2)*, laistigh de 3 mhí tar éis

[Uimh. 24.] *An tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta* [2010.]
agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe
de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.

báis comhchónaitheora cháilithe is comhalta a fhaigheann bás sula dtosaítear ar an sochar ainmnithe a íoc, socrú chun go n-íocfar leis an gcomhchónaitheoir cáilithe eile méid atá comhionann le méid an aistrithe arna ríomh de réir treoirlínte iomchuí.

(5) Faoi réir *alt 190(4)*, féadfaidh iontaobhaithe scéime a bhfuil ordú déanta ina leith faoi *alt 187(2)*, má scoireann an comhchónaitheoir cáilithe is comhalta de bheith ina chomhalta nó ina comhalta ar shlí seachas ar é nó í d'fháil bháis, méid an aistrithe faoin scéim a chun chun feidhme, de réir treoirlínte iomchuí, dá rogha féin—

- (a) má chomhaontaíonn na hiontaobhaithe agus an comhchónaitheoir cáilithe eile amhlaidh, le linn sochar a sholáthar le haghaidh an chomhchónaitheora cháilithe sin nó ina leith, is sochar atá ar comhluach achtúireach le méid an aistrithe, nó
- (b) le linn íocaíocht a dhéanamh—
 - (i) le scéim pinsean ceirde eile a gcomhaontaíonn a cuid iontaobhaithe glacadh leis an íocaíocht, nó
 - (ii) d'fhonn íocaíocht eile a urscaoileadh a bheidh le déanamh ag na hiontaobhaithe faoi aon socrú ceadaithe eile den sórt sin.

(6) Faoi réir *alt 190(4)*, déanfaidh iontaobhaithe scéime a bhfuil ordú déanta ina leith faoi *alt 187(2)*, laistigh de 3 mhí tar éis bhás an chomhchónaitheora cháilithe nach é nó í an comhalta agus a fhaigheann bás sula dtosaítear ar an sochar ainmnithe a íoc, socrú go n-íocfar le hionadaí pearsanta an chomhchónaitheora cháilithe sin méid atá comhionann le méid an aistrithe arna ríomh de réir treoirlínte iomchuí.

(7) Faoi réir *alt 190(4)*, déanfaidh iontaobhaithe scéime a bhfuil ordú déanta ina leith faoi *alt 187(2)*, laistigh de 3 mhí tar éis bhás an chomhchónaitheora cháilithe nach é nó í an comhalta agus a fhaigheann bás tar éis tús a bheith curtha leis an sochar ainmnithe a íoc, socrú go n-íocfar le hionadaí pearsanta an chomhchónaitheora cháilithe sin méid atá comhionann le luach achtúireach, arna ríomh de réir treoirlínte iomchuí, an chuid den sochar ainmnithe a bheadh, murach bás an chomhchónaitheora cháilithe sin, iníoctha leis nó léi le linn dó nó di a bheith beo.

(8) Déanfaidh iontaobhaithe scéime a bhfuil ordú déanta ina leith faoi *alt 187(2)* nó (5), laistigh de 12 mhí ó scoireann an comhchónaitheoir cáilithe is comhalta de bheith ina chomhalta nó ina comhalta, fógra a thabhairt do chláraitheoir nó do chléireach na cúirte agus don chomhchónaitheoir cáilithe eile maidir leis an scor, mura mbeidh na hiontaobhaithe tar éis méid an aistrithe a chur chun feidhme de réir aon cheann *d'fho-ailt (1)* go (6).

(9) Déanfaidh iontaobhaithe scéime a chuireann méid aistrithe chun feidhme faoi *fho-alt (3)* nó (5), fógra a thabhairt don chomhchónaitheoir cáilithe nach é nó í an comhalta, agus do chláraitheoir nó do chléireach na cúirte, ina dtabharfar sonraí faoin scéim agus faoi mhéid an aistrithe don chomhchónaitheoir cáilithe sin.

[2010.] *An tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta [Uimh. 24.] agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.*

Cd.15

190.—(1) Beidh sochar is iníoctha de bhun ordaithe arna dhéanamh faoi *alt 187(2)*, nó sochar teagmhasach is iníoctha de bhun ordaithe arna dhéanamh faoi *alt 187(5)*, iníoctha as acmhainní na scéime agus, mura bhforáiltear a mhalairt leis an ordú nó leis na treoirlínte iomchuí, de réir rialacha na scéime agus na dtreoirlínte sin.

Íocaíochtaí de dhroim ordaithe faoi *alt 187*.

(2) Maidir le méid an tsochair scoir is iníoctha leis an gcomhchónaitheoir cáilithe is comhalta, nó méid an tsochair theagmhasaigh is iníoctha leis an gcomhchónaitheoir cáilithe is comhalta nó ina leith, déanfar, de réir rialacha na scéime iomchuí, é a laghdú den sochar ainmnithe nó den sochar teagmhasach is iníoctha de bhun ordaithe arna dhéanamh faoi *alt 187(2)* nó (5), de réir mar a bheidh, leis an gcomhchónaitheoir cáilithe eile.

(3) Maidir le méid an tsochair theagmhasaigh is iníoctha de réir rialacha na scéime i leith comhchónaitheora cháilithe is comhalta agus a fhaigheann bás sula dtosaítear ar an sochar ainmnithe is iníoctha de bhun ordaithe faoi *alt 187(2)* a íoc, déanfar é a laghdú de mhéid na híocaíochta arna déanamh faoi *alt 189(4)*.

(4) Aon iontaobhaithe a dhéanann íocaíocht nó a chuireann méid aistrithe chun feidhme faoi aon cheann *d'fho-ailt (1)* go (7) *d'alt 189*, scaoiltear iad ó aon oibleagáid íocaíocht bhreise a dhéanamh nó méid aistrithe eile a chur chun feidhme faoi aon cheann de na fo-ailt sin i leith an tsochair is iníoctha de bhun an ordaithe arna dhéanamh faoi *alt 187(2)*.

(5) Ní bheidh iontaobhaí faoi dhliteanas maidir le haon chaillteanas nó damáiste a dhéanfar de dheasca ordachán dá dtagraítear in *alt 188(3)*, seachas rialacha na scéime nó Acht 1990, a chomhlíonadh.

191.—(1) Féadfaidh an chúirt an modh a chinneadh ar a n-íocfar na costais a thabhaíonn iontaobhaithe scéime de dhroim ordaithe faoi *alt 187*, lena n-áirítear trí cheachtar comhchónaitheoir cáilithe nó tríd an mbeirt acu d'íoc na gcostas sa chomhréir a chinneadh an chúirt, agus cheal cinnidh, íocfaidh na comhchónaitheoirí cáilithe na costais sin go cothrom.

Costais.

(2) Féadfaidh an chúirt, ar iarratas chuici ag na hiontaobhaithe, a ordú, maidir le méid a ordáíodh do chomhchónaitheoir cáilithe a íoc faoi *fho-alt (1)* ach nár íocadh, go ndéanfar é a asbhaint as aon sochair is iníoctha leis an gcomhchónaitheoir cáilithe—

(a) de bhun ordaithe arna dhéanamh faoi *alt 187*, más é nó í an comhchónaitheoir cáilithe tairbhí an ordaithe; agus

(b) de bhun na scéime, más é nó í an comhchónaitheoir cáilithe an comhchónaitheoir cáilithe is comhalta.

192.—Chun críocha an ailt seo agus *ailt 187* go *191*, féadfaidh an chúirt, uaithi féin, agus déanfaidh sí, má iarrann ceachtar comhchónaitheoir cáilithe nó duine eile lena mbaineann uirthi amhlaidh, a ordú d'iontaobhaithe na scéime na nithe seo a leanas a sholáthar do na comhchónaitheoirí cáilithe nó don duine eile agus don chúirt, laistigh de thréimhse ama shonraithe, eadhon—

Ríomh ar luach sochair.

(a) ríomh ar luach agus méid, arna chinneadh de réir treoirlínte iomchuí, an tsochair scoir nó an tsochair

Cd.15 A.192 [Uimh. 24.] *An tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta* [2010.]
agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe
de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.

theagmhasaigh is iníoctha nó a bheadh iníoctha faoin scéim agus atá fabhráithe tráth déanta an ordaithe, agus

- (b) ríomh ar mhéid an tsochair theagmhasaigh is iníoctha nó a bheadh iníoctha faoin scéim.

Idirghabháil agus roghanna eile seachas imeachtaí.

193.—(1) Féadfaidh an chúirt imeachtaí faoi *alt 173* a chur ar atráth nó a chur ar atráth arís aon tráth chun a chumasú do na comhchónaitheoirí iarracht a dhéanamh, más mian leo beirt é, le cúnamh tríú páirtí nó dá uireasa—

(a) teacht ar chomhréiteach, nó

(b) teacht ar chomhaontú maidir le cuid de théarmaí socraíochta a d'fhéadfaí a dhéanamh eatarthu nó maidir leis na téarmaí sin go léir.

(2) Féadfaidh ceachtar comhchónaitheoir nó féadfaidh siad araon, aon tráth, a iarraidh go n-atosófar a luaithe is féidir ar éisteacht imeachtaí a bheidh curtha ar atráth faoi *fho-alt (1)*, agus má dhéantar iarraidh, atosóidh an chúirt ar an éisteacht, faoi réir aon chumhachta eile de chuid na cúirte chun imeachtaí a chur ar atráth.

(3) Maidir leis na cumhachtaí a thugtar leis an alt seo, is cumhachtaí iad de bhreis ar aon chumhacht eile de chuid na cúirte imeachtaí a chur ar atráth.

(4) Féadfaidh an chúirt, dá rogha féin le linn di imeachtaí a chur ar atráth faoin alt seo, a chomhairliú do na comhchónaitheoirí cúnamh idirghabhálaí nó tríú páirtí eile a lorg i ndáil le comhréiteach beartaithe na gcomhchónaitheoirí nó le teacht ar chomhaontú eatarthu maidir le cuid de théarmaí socraíochta a d'fhéadfaí a dhéanamh eatarthu nó maidir leis na téarmaí sin go léir.

Iarratas ar sholáthar as eastát comhchónaitheora éagtha.

194.—(1) Féadfaidh comhchónaitheoir cáilithe, tar éis dá chomhchónaitheoir nó dá comhchónaitheoir bás a fháil ach tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis ionadaíocht a dheonú den chéad uair faoin Acht Comharbais 1965 i leith eastát an chomhchónaitheora sin, iarratas a dhéanamh ar ordú faoin alt seo ar sholáthar as an nglaneastát.

(2) D'ainneoin *fho-alt (1)*, ní dhéanfaidh comhchónaitheoir cáilithe iarratas ar ordú faoin alt seo i gcás gur tháinig deireadh leis an gcaidreamh lena mbaineann 2 bhliain nó níos mó roimh bhás an éagaigh, mura rud é, maidir leis an iarratasóir—

(a) go raibh sé nó sí ag fáil íocaíochtaí tréimhsiúla ón éagach, cibé acu faoi ordú arna dhéanamh faoi *alt 175* nó de bhun comhaontaithe comhchónaitheoirí nó ar shlí eile,

(b) go ndearna sé nó sí, tráth nach déanaí ná 2 bhliain tar éis dheireadh an chaidrimh sin, iarratas ar ordú faoi *alt 174*, *175* nó *187* agus—

(i) go raibh na himeachtaí ar feitheamh tráth an bháis, nó

(ii) nach ndearnadh aon ordú den sórt sin arna dhéanamh ag an gcúirt a fhorghníomhú fós,

nó

[2010.] *An tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta [Uimh. 24.] agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.*

Cd.15 A.194

(c) go ndearna sé nó sí iarratas, tráth nach déanaí ná 2 bhliain tar éis dheireadh an chaidrimh, ar ordú faoi *fho-alt 174, 175 nó 187*, go ndearnadh an t-ordú, go ndearnadh iarratas faoi *173(6)* ina dhiaidh sin i leith an ordaithe sin agus—

(i) go raibh na himeachtaí i leith an iarratais sin ar feitheamh tráth an bháis, nó

(ii) nach ndearnadh aon ordú den sórt sin arna dhéanamh ag an gcúirt faoi *alt 173(6)* i bhfabhar an chomhchónaitheora cháilithe is iarratasóir faoin alt seo a fhorghníomhú fós.

(3) Féadfaidh an chúirt le hordú an soláthar don iarratasóir a dhéanamh a mheasfaidh an chúirt is cuí, ag féachaint do chearta aon duine eile ag a mbeidh leas sa ní, más deimhin leis an gcúirt nach ndearnadh soláthar cuí sna himthosca don iarratasóir le linn don éagach a bheith beo ar aon chúis seachas iompar ag an iarratasóir a mbeadh sé éagórach, i dtuairim na cúirte, sna himthosca go léir, neamhaird a thabhairt air.

(4) Le linn di breithniú a dhéanamh i dtaobh ordú a dhéanamh faoin alt seo, beidh aird ag an gcúirt ar imthosca uile an cháis, lena n-áirítear—

(a) ordú arna dhéanamh faoi *alt 173(6), 174, 175 nó 187* i bhfabhar an iarratasóra,

(b) réadtiomnú nó tiomnú a rinne an t-éagach i bhfabhar an iarratasóra,

(c) leasanna thairbhíthe an eastáit, agus

(d) na tosca a leagtar amach in *alt 173(3)*.

(5) Ní dhéanfaidh an chúirt ordú faoin alt seo i gcás gur tháinig deireadh leis an gcaidreamh roimh bhás an éagaigh agus—

(a) nach deimhin leis an gcúirt go bhfuil an t-iarratasóir i gcleithiúnas airgeadais ar an éagach de réir bhrí *alt 173(2)*, nó

(b) gur phós an t-iarratasóir nó gur chláraigh sé nó sí i bpáirtnéireacht shibhialta, nó i gcaidreamh dlíthiúil d'aicme is ábhar d'ordú faoi *alt 5*.

(6) Déanfaidh an t-iarratasóir fógra i dtaobh iarratais faoin alt seo a thabhairt d'ionadaí pearsanta an éagaigh, d'aon chéile nó d'aon pháirtneír sibhialta leis an éagach agus d'aon daoine eile a ordóidh an chúirt agus, le linn di breith a thabhairt i dtaobh an t-ordú a dhéanamh agus le linn di forálacha an ordaithe a chinneadh, beidh aird ag an gcúirt ar aon uiríll a dhéanfaidh aon duine de na daoine sin.

(7) Maidir le luach iomlán an tsoláthair don iarratasóir arna dhéanamh le hordú dá dtagraítear i *bhfo-alt (4)(a)* ar an dáta a rinneadh an t-ordú sin agus le hordú a rinneadh faoin alt seo, ní bheidh sé níos mó ná aon scair de chuid an iarratasóra in eastát an chomhchónaitheora cháilithe éagtha a mbeadh teideal ag an iarratasóir chuici dá mba chéilí nó páirtneír sibhialta dá chéile iad na comhchónaitheoirí cáilithe.

[Uimh. 24.] *An tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta* [2010.]
agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe
de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.

(8) Mura dtugann an comhchónaitheoir cáilithe fógra don ionadaí pearsanta mar a cheanglaítear le *fo-alt (6)*, féadfaidh an t-ionadaí pearsanta sócmhainní an chomhchónaitheora cháilithe éagtha nó aon chuid díobh a dháileadh ar na daoine a bhfuil teideal acu chucu agus níl sé nó sí faoi dhliteanas ag an gcomhchónaitheoir cáilithe i leith an dáilte sin.

(9) Ní dhéantar dochar le haon ní san alt seo do chearta an chomhchónaitheora cháilithe sócmhainní a leanúint isteach i lámha duine a fuair iad.

(10) Ní dhéanfar le hordú faoin alt seo difear do cheart dlíthiúil céile mharthanaigh.

(11) Chun críocha an ailt seo, ciallaíonn “glaneastát”, maidir le heastát duine, an t-eastát a bheidh fágtha tar éis soláthar a dhéanamh chun na nithe seo a leanas a shásamh—

- (a) dlíteanais eile de chuid an eastáit a bhfuil tosaíocht acu ar na cearta dá dtagraítear i *míreanna (b)* agus *(c)*,
- (b) aon chearta, faoin Acht Comharbais 1965, de chuid aon chéile mharthanaigh leis an duine, agus
- (c) aon chearta, faoin Acht Comharbais 1965, de chuid aon pháirtnéara shibhialta mharthanaigh leis an duine.

Tréimhse teorann. **195.**—Déanfar imeachtaí faoin gCuid seo seachas imeachtaí faoi *ailt 173(6)* agus *194*, ach amháin in imthosca eisceachtúla, a thionscnamh laistigh de 2 bhliain ón tráth a thagann deireadh leis an gcaidreamh idir na comhchónaitheoirí, cibé acu trí bhás nó ar shlí eile.

Dlínse agus láthair. **196.**—(1) Faoi réir fhorálacha eile an ailt seo, beidh dlínse chomhthráthach ag an gCúirt Chuarda leis an Ard-Chúirt chun iarratais ar ordúithe um shásamh dá dtagraítear in *alt 170* agus ar ordúithe soláthair as eastáit comhchónaitheoirí éagtha faoi *alt 191* a éisteacht agus a chinneadh.

(2) Beidh dlínse chomhthráthach ag an gCúirt Dúiche, agus ag an gCúirt Chuarda ar achomharc ón gCúirt Dúiche, leis an Ard-Chúirt, chun iarratais ar ordúithe um shásamh dá dtagraítear in *alt 173* agus ordúithe soláthair as eastáit comhchónaitheoirí éagtha faoi *alt 194* a éisteacht agus a chinneadh, ach amháin—

- (a) nach bhfuil dlínse acu ordú den sórt sin a dhéanamh le haghaidh íocaíochtaí tréimhsiúla de réir ráta is mó ná €500 sa tseachtain,
- (b) nach bhfuil dlínse acu ordú den sórt sin a dhéanamh i ní a bhfuil ordú den sórt sin déanta ina leith ag an Ard-Chúirt, agus
- (c) nach bhfuil dlínse ag an gCúirt Dúiche ordú den sórt sin a dhéanamh i ní a mbeidh ordú den sórt sin déanta ina leith ag an gCúirt Chuarda seachas ar achomharc ón gCúirt Dúiche.

(3) Ní dhéanfaidh an chúirt a dlínse a fheidhmiú chun iarratas ar ordú um shásamh dá dtagraítear in *alt 173* a éisteacht agus a

[2010.] *An tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta [Uimh. 24.] agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.*

CD.15 A.196

chinneadh ach amháin más rud é go raibh gnáthchónaí ar an dá chomhchónaitheoir lena mbaineann sa Stát i gcaitheamh na tréimhse aon bhliana sular chríochnaigh a gcaidreamh agus maidir le ceachtar comhchónaitheoir—

- (a) go bhfuil sainchónaí air nó uirthi sa Stát, an dáta a dhéanfar an t-iarratas, nó
- (b) go raibh gnáthchónaí air nó uirthi sa Stát i gcaitheamh na tréimhse aon bhliana a chríochnaíonn ar an dáta sin.

(4) Ní dhéanfaidh an chúirt a dlínse a fheidhmiú chun iarratas ar ordú soláthair as eastát comhchónaitheora éagtha faoi *alt 194* a éisteacht agus a chinneadh ach amháin más rud é—

- (a) i gcás gur chríochnaigh an caidreamh lena mbaineann roimh bhás an duine éagtha, go raibh gnáthchónaí ar gach duine de na comhchónaitheoirí lena mbaineann sa Stát i gcaitheamh na tréimhse aon bhliana sular chríochnaigh a gcaidreamh agus—
 - (i) go raibh gnáthchónaí sa Stát ar gach duine de na comhchónaitheoirí lena mbaineann i gcaitheamh na tréimhse aon bhliana dar chríoch dáta báis an éagaigh,
 - (ii) ar dháta báis an éagaigh, go raibh an t-iarratasóir ag fáil íocaíochtaí tréimhsiúla ón éagach, cibé acu faoi ordú arna dhéanamh faoi *alt 175* nó de bhun chomhaontaithe comhchónaitheoirí nó ar shlí eile,
 - (iii) go ndearna an t-iarratasóir, tráth nach déanaí ná 2 bhliain tar éis don chaidreamh sin críochnú, iarratas ar ordú faoi *alt 174, 175* nó *187* agus—
 - (I) go raibh na himeachtaí ar feitheamh tráth an bháis, nó
 - (II) nach raibh aon ordú den sórt sin, arna dhéanamh ag an gcúirt, forghníomhaithe fós,
- nó
- (iv) go ndearna an t-iarratasóir, tráth nach déanaí ná 2 bhliain tar éis don chaidreamh críochnú, iarratas ar ordú faoi *alt 174, 175* nó *187*, go ndearnadh an t-ordú, go ndearnadh iarratas faoi *alt 173(6)* ina dhiaidh sin i leith an ordaithe sin agus—
 - (I) go raibh na himeachtaí ar feitheamh tráth an bháis, nó
 - (II) nach raibh aon ordú den sórt sin, arna dhéanamh ag an gcúirt faoi *alt 173(6)* i bhfabhar an iarratasóra, forghníomhaithe fós,

agus

- (b) in aon chás eile, go raibh gnáthchónaí sa Stát ar gach duine de na comhchónaitheoirí i gcaitheamh na tréimhse aon bhliana dar chríoch dáta báis an éagaigh.

Cd.15 A.196

[Uimh. 24.] *An tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta* [2010.]
agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe
de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.

(5) Is é nó í an breitheamh den chuaird ina bhfuil gnáthchónaí ar pháirtí san iarratas nó ina seolann sé nó sí gnó, gairm nó slí bheatha a fheidhmeoidh an dlínse a thugtar don Chúirt Chuarda.

(6) Aistreoidh an Chúirt Chuarda chun na hArd-Chúirte aon imeachtaí ar iarratais ar orduithe um shásamh dá dtagraítear in *alt 173*, ar iarratas chuici ó pháirtí san iarratas ar an ordú lena mbaineann, más rud é, maidir le talamh lena mbaineann na himeachtaí—

(a) gur mó ná €254 luacháil inráitithe na talún, nó

(b) nach bhfuil aon luacháil inráitithe tugtha ina leith nó gur talamh í is ábhar do luacháil inráitithe i dteannta talún eile, má chinneann an Chúirt Chuarda go mbeadh an luacháil inráitithe níos mó ná €254.

(7) Aon ordú nó gníomh a dhéanfar i gcúrsa na n-imeachtaí, roimh aistriú faoi *fho-alt (6)*, beidh sé bailí mura ndéanfaidh an Ard-Chúirt é a urscaoileadh nó a athrú.

Sonraí i dtaobh maoiné.

197.—(1) In imeachtaí faoin gCuid seo, tabharfaidh gach duine de na comhchónaitheoirí cáilithe don duine eile na sonraí i dtaobh a mhaoine nó a maoiné nó a ioncain nó a hioncain a bheidh ag teastáil le réasún chun críocha na n-imeachtaí.

(2) Féadfaidh an chúirt a ordú do dhuine a mhainníonn nó a dhiúltaíonn *fo-alt (1)* a chomhlíonadh é a chomhlíonadh.

(3) Aon chomhchónaitheoir cáilithe a mhainníonn nó a dhiúltaíonn *fo-alt (1)* nó ordachán faoi *fho-alt (2)* a chomhlíonadh, déanann sé nó sí cion agus dlífeair ar é nó í a chiontú go hachomair fíneáil nach mó ná €254, nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad sin araon, a chur air nó uirthi.

Seoladh imeachtaí.

198.—(1) Beidh imeachtaí faoin gCuid seo chomh neamhfhoirmiúil agus is indéanta agus i gcomhréir le riaradh an cheartais.

(2) Ní chaithfidh breitheamh a shuífidh chun imeachtaí faoin gCuid seo a éisteacht agus a chinneadh, ná abhcóide ná aturnae a láithreoidh sna himeachtaí, peiriúic ná róba.

Príobháideacht.

199.—Faoi réir fhorálacha alt 40 den Acht um Dhliteanas Sibhialta agus Cúirteanna 2004, éistfeair imeachtaí faoin gCuid seo ar shlí seachas go poiblí.

Costais.

200.—Is de réir rogha na cúirte a bheidh na costais in imeachtaí faoin gCuid seo.

Rialacha cúirte.

201.—(1) Déanfar socrú le rialacha cúirte le haghaidh na doiciméadachta a theastóidh chun imeachtaí faoin gCuid seo a thionscnamh go hachomair.

(2) Féadfar foráil a dhéanamh le rialacha cúirte, i gcásanna go bhfuil nó go raibh páirtí amháin nó an dá pháirtí in iarratas faoi *alt*

[2010.] *An tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta [Uimh. 24.] agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.*

Cd.15 A.201

175 nó 187, nó in iarratas chun ordú faoi cheann de na hailt sin a athrú, pósta—

- (a) maidir leis na himeachtaí sin nó aon imeachtaí chun tacaíocht airgeadais a thabhairt don duine lena bhfuil nó lena raibh an páirtí pósta a chur ar atráth,
- (b) maidir le hordú arna dhéanamh faoi aon cheann de na himeachtaí dá dtagraítear i *mír (a)* a iarchur, nó
- (c) maidir le haon nós imeachta eile a theastaíonn le réasún d'fhonn a chinntiú go gcuirfear imthosca airgeadais an pháirtí sin i gcuntas sna himeachtaí.

202.—(1) D'ainneoin aon achtacháin nó rialach dlí, féadfaidh comhchónaitheoirí comhaontú comhchónaitheoirí a dhéanamh chun socrú a dhéanamh maidir le nithe airgeadais le linn an chaidrimh nó nuair a thagann deireadh leis an gcaidreamh, cibé acu trí bhás nó ar shlí eile.

Bailíocht
comhaontuithe
áirithe idir
comhchónaitheoirí.

(2) Ní bheidh comhaontú comhchónaitheoirí bailí ach amháin más rud é—

- (a) maidir leis na comhchónaitheoirí—
 - (i) go bhfuil comhairle dlí neamhspleách faighte acu araon sula ndéanann siad é, nó
 - (ii) go mbeidh comhairle dlí faighte acu le chéile agus go mbeidh an ceart chun comhairle dlí neamhspleách a fháil tarscaoilte i scríbhinn acu,
- (b) go bhfuil an comhaontú i scríbhinn agus sínithe ag an dá chomhchónaitheoir, agus
- (c) go gcomhlíontar an dlí ginearálta i dtaobh conarthaí.

(3) Faoi réir *fho-alt (4)*, féadfar a fhoráil le comhaontú comhchónaitheoirí nach ceadmhach do cheachtar comhchónaitheoir iarratas a dhéanamh ar ordú um shásamh dá dtagraítear in *alt 173* nó ar ordú soláthair as eastát a chomhchónaitheora nó a comhchónaitheora faoi *alt 194*.

(4) Féadfaidh an chúirt comhaontú comhchónaitheoirí a athrú nó a chur ar ceal in imthosca eisceachtúla, i gcás go mbeadh a infhorfheidhmitheacht ina cúis le héigeartas tromchúiseach.

(5) Maidir le comhaontú a fhreagraíonn do chritéir eile an ailt seo, measfar gur comhaontú comhchónaitheoirí faoin alt seo é fiú amháin má rinneadh é sular thosaigh an comhchónaí.

203.—Leasaítear alt 39(3)(a)(ii) den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe 2004 trí “ba chomhchónaitheoir an tionónta de réir bhrí *alt 172* den *Acht um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí 2010* agus a chónaigh leis an tionónta sa teaghais” a chur in ionad “a chomhchónaigh sa teaghais leis an tionónta mar fhearchéile agus banchéile”.

Leasú ar alt 39 den
Acht um
Thionóntachtaí
Cónaithe 2004.

Cd.15 [Uimh. 24.] *An tAcht um Páirtnéireacht Sibhialta* [2010.]
agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe
de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.

Leasú ar alt 47 den Acht um Dhliteanas Sibhialta 1961. **204.**—Leasaítear an míniú ar “cleithiúnaí” in alt 47(1) (arna ionadú le halt 1 den Acht um Dhliteanas Sibhialta (Leasú), 1996) den Acht um Dhliteanas Sibhialta 1961, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (c):

“(c) duine nach raibh pósta ar an éagach nó nach raibh ina pháirtnéir nó ina páirtnéir sibhialta de chuid an éagaigh ach a bhí, go dtí an dáta ar éag an t-éagach, ina chónaí nó ina cónaí leis an éagach mar chomhchónaitheoir an éagaigh de réir bhrí *alt 172 den Acht um Páirtnéireacht Sibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí 2010* ar feadh tréimhse leanúnaí 3 bliana ar a laghad.”.

Leasú ar an Acht um Chumhachtaí Aturnae 1996. **205.**—Leasaítear mír 3(1) den Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht um Chumhachtaí Aturnae 1996—

(a) i bhfomhír (h) trí “an deontóra;” a chur in ionad “an deontóra”, agus

(b) tríd an méid seo a leanas a chur isteach:

“(i) comhchónaitheoir cáilithe an deontóra, de réir bhrí *alt 172 den Acht um Páirtnéireacht Sibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí 2010*.”.

Foráil idirthréimhseach — orduithe um shásamh. **206.**—Ní dhéanfar ordú um shásamh dá dtagraítear in *alt 173* ach amháin má dhéantar an t-iarratas air i leith caidrimh a dtagann deireadh leis, cibé acu trí bhás nó ar shlí eile, tar éis thosach feidhme an ailt seo ach áirítear an t-am ar lena linn a chónaigh beirt mar lánúin roimh an dáta thosach feidhme chun ríomh a dhéanamh i dtaobh iad a bheith ina gcomhchónaitheoirí cáilithe de réir bhrí na Coda seo.

Foráil idirthréimhseach — comhaontuithe. **207.**—Ní choisctear le haon ní in *alt 202(2)* ar chúirt comhaontú arna dhéanamh idir beirt roimh thosach feidhme na Coda seo a fhorfheidhmiú.

CUID 16

ILGHNÉITHEACH

Cosaint i ndáil le cearta daoine eile. **208.**—Le linn ordú faoin Acht seo a dhéanamh agus go háirithe le linn ordú cothabhála, ordú cnapshuime, ordú coigeartaithe maoinne, ordú coigeartaithe pinsin nó ordú soláthair as eastát duine éagtha a dhéanamh, tabharfaidh an chúirt aird ar chearta aon duine eile a bhfuil leas aige nó aici sa ní, lena n-áirítear céile nó iarchéile agus páirtnéir sibhialta nó iarpháirtnéir sibhialta.

[2010.] *An tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta [Uimh. 24.] agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.*

Cd.16

AN SCEIDEAL

Alt 97.

LEASUITHE IARMHARTACHA AR ACHTANNA EILE

CUID 1

FORÁLACHA MAIDIR LE hEASAONTACHTAÍ LEASANNA

Ítim	Acht	Foráil	Leasú
1.	Acht na gCuideachtaí 1963	Alt 193(1)	“a bhaineann leis féin nó léi féin agus lena chéile nó lena céile nó lena pháirtnéir sibhialta nó lena pháirtnéir sibhialta de réir bhrí an <i>Achta um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí 2010</i> agus lena chlann nó lena clann” a chur in ionad “ ina thaobh féin agus i dtaobh a chéile agus a chlainne”
2.	Acht na gCuideachtaí 1963	Alt 301A(4)(a) (a cuireadh isteach le halt 147 d’Acht na gCuideachtaí 1990)	“páirtnéir sibhialta de réir bhrí an <i>Achta um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí 2010</i> ” a chur isteach i ndiaidh “céile”
3.	Acht na gCuideachtaí 1963	Alt 315(1)(c) (arna ionadú le halt 170 d’Acht na gCuideachtaí 1990)	“, páirtnéir sibhialta de réir bhrí an <i>Achta um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí 2010</i> ” a chur isteach i ndiaidh “céile”
4.	Acht na dTithe (Teaghaisí Príobháideacha ar Cíos) (Leasú) 1983	Alt 14(5)	(a) “é nó í nó a chéile nó a céile nó a pháirtnéir sibhialta nó a pháirtnéir sibhialta de réir bhrí an <i>Achta um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí 2010</i> ” a chur in ionad “é féin nó a chéile” i míreanna (a) agus (b), agus “sé nó sí nó a chéile nó a céile nó a pháirtnéir sibhialta nó a pháirtnéir sibhialta de réir bhrí an <i>Achta um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí 2010</i> ” a chur in ionad “sé féin nó a chéile” i mír (c) agus “é nó í” a chur in ionad “é” i mír (c), sa dá áit a bhfuil sé; (b) “d’aon duine” a chur in ionad “de cheachtar” i mír (b)
5.	An tAcht um Cháin Fheirme 1985	Mír 14(2) den Sceideal	“nó a pháirtnéir sibhialta de réir bhrí an <i>Achta um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí 2010</i> ” a chur isteach i ndiaidh “chéile” gach áit a bhfuil sé

Sc.

[Uimh. 24.] *An tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta* [2010.]
agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe
de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.

Ítim	Acht	Foráil	Leasú
6.	An tAcht Cumann Foirgníochta 1989	Alt 52	“nó páirtnéir sibhialta de réir bhrí an <i>Achta um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí 2010</i> ” a chur isteach i ndiaidh “céile” i mír (a), “nó a pháirtnéir sibhialta de réir bhrí an <i>Achta um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí 2010</i> ” a chur isteach i ndiaidh “a chéile” gach áit a bhfuil sé agus “nó dá pháirtnéir sibhialta de réir bhrí an <i>Achta um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí 2010</i> ” a chur isteach i ndiaidh “dá chéile” i mír (c)
7.	An tAcht Cumann Foirgníochta 1989	Alt 87(2)(e)	“nó páirtnéir sibhialta de réir bhrí an <i>Achta um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí 2010</i> ” a chur isteach i ndiaidh “céile” agus “nó a pháirtnéir sibhialta de réir bhrí an <i>Achta um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí 2010</i> ” a chur isteach i ndiaidh “a chéile”, aon áit a bhfuil ceachtar de na habairtí sin
8.	An tAcht um Bainc Thaisce Iontaobhais 1989	Alt 21(5)	“nó páirtnéir sibhialta an iontaobhaí de réir bhrí an <i>Achta um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí 2010</i> ” a chur isteach i ndiaidh “céile an iontaobhaí”
9.	Acht na gCuideachtaí 1990	Alt 72	(a) “teaghlaigh agus leasanna corpraithe” a scriosadh as an teideal formna; (b) “a chéile nó a céile nó ag a pháirtnéir sibhialta nó a páirtnéir sibhialta de réir bhrí an <i>Achta um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí 2010</i> ” a chur in ionad “a bhanchéile” in alt 72(1)
10.	Acht na gCuideachtaí 1990	Alt 187	“, páirtnéir sibhialta de réir bhrí an <i>Achta um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí 2010</i> ” a chur isteach i ndiaidh “céile”, gach áit a bhfuil sé

[2010.] *An tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta [Uimh. 24.] agus um Chearta agus Oibleagáidí Airithe de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.*

Sc.

Ítim	Acht	Foráil	Leasú
11.	An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995	Alt 2(1)	an míniú seo a leanas a chur isteach: “ciallaíonn ‘páirtnéir sibhialta’ i ndáil le duine, páirtnéir sibhialta de réir bhrí an <i>Achta um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Airithe de chuid Comhchónaitheoirí 2010</i> ach ní fholáíonn sé páirtnéir sibhialta atá ina chónaí nó ina cónaí ar leithligh ón duine agus scartha uaidh nó uaithi;”
12.	An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995	Alt 13(5)	“nó páirtnéir sibhialta” a chur isteach i ndiaidh “céile” i mír (a) agus “nó a pháirtnéara sibhialta nó a páirtnéara sibhialta” a chur isteach i ndiaidh “céile” i mír (b) agus “nó don pháirtnéir sibhialta” a chur isteach i ndiaidh “don chéile”
13.	An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995	Alt 15(2)(b)	“nó do pháirtnéir sibhialta” a chur isteach i ndiaidh “do chéile”
14.	An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995	Alt 15(2)(ii)	“nó ag páirtnéir sibhialta an fhaighteora” a chur isteach i ndiaidh “leis an bhfaighteoir”
15.	An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995	Alt 15(4)(a)(ii)	“nó do pháirtnéir sibhialta” a chur isteach i ndiaidh “do chéile”
16.	An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995	Alt 16(1)(a)	(a) “, nó a pháirtnéara sibhialta nó a páirtnéara sibhialta,” a chur isteach i ndiaidh “de chuid a chéile nó a céile” (b) “sochar substaintiúil a thabhairt don duine nó don chéile nó don pháirtnéir sibhialta nó don leanbh” a chur in ionad “sochar substaintiúil a thabhairt don duine nó don chéile nó don leanbh”
17.	An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995	Alt 17(1)(a)	(a) “nó a pháirtnéara sibhialta nó a páirtnéara sibhialta” a chur isteach i ndiaidh “de chuid a chéile nó a céile” i mír (ii); (b) “sochar substaintiúil a thabhairt don duine nó don chéile nó don pháirtnéir sibhialta nó don leanbh” a chur in ionad “sochar substaintiúil a thabhairt don duine nó don chéile nó don leanbh”
18.	An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995	Alt 18(1)(a)	(a) “nó a pháirtnéara sibhialta nó a páirtnéara sibhialta” a chur isteach i ndiaidh “de chuid a chéile nó a céile” i bhfomhír (ii); (b) “sochar substaintiúil a thabhairt don duine nó don chéile nó don pháirtnéir sibhialta nó don leanbh” a chur in ionad “sochar substaintiúil a thabhairt don duine nó don chéile nó don leanbh”

Sc.

[Uimh. 24.] *An tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta* [2010.]
agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe
de Chuid Comhchónaitheoirí 2010.

Ítim	Acht	Foráil	Leasú
19.	An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995	Alt 19(3)(a)(i)	(a) “nó a pháirtnéara sibhialta nó a páirtnéara sibhialta” a chur isteach i ndiaidh “ de chuid a chéile nó a céile”; (b) “sochar substaintiúil a thabhairt don duine nó don chéile nó don pháirtnéir sibhialta nó don leanbh” a chur in ionad “sochar substaintiúil a thabhairt don duine nó don chéile nó don leanbh”
20.	An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995	Alt 29(2)	(a) “nó de chuid céile nó páirtnéara sibhialta duine den sórt sin” a chur in ionad “nó de chuid céile duine den sórt sin” i mír (a); (b) “nó de chuid céile nó páirtnéara sibhialta duine den sórt sin” a chur in ionad “nó de chuid céile duine den sórt sin” i mír (c)(i)
21.	An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995	Alt 30	“ag a chéile nó a céile nó ag a pháirtnéir sibhialta nó a páirtnéir sibhialta nó ag leanbh” a chur in ionad “ag a chéile nó a céile nó ag leanbh”
